Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Naisc idir Bunscoileanna agus Naíonraí na Gaeltachta

## Tuarascáil Taighde

An Dochtúir Máire Mhic Mhathúna

Coimisiúnaithe ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta thar ceann na Roinne Oideachais

2022

# Nóta Buíochais

Ba mhaith leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige buíochas a ghabháil leis an taighdeoir, an Dr. Máire Mhic Mhathúna, leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus leis na rannpháirtithe a bhí páirteach ag gach céim den taighde ar conas naisc idir bunscoileanna Gaeltachta agus naíonraí a threisiú chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

# Clár na nÁbhar


**Giorrúcháin atá in úsáid sa tuarascáil seo 5**

**Achoimre Fheidhmeach 6**

**1. Comhthéacs agus Cur Chuige 8**

1.1 Réamhrá 8

1.2 An tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais 9

1.3 An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige 9

1.4 Rialacháin agus Cigireachtaí 10

1.5 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 10

1.6 Comhar Naíonraí na Gaeltachta 10

1.7 Tuismitheoirí na Gaeltachta 12

1.8 Cláir Mhaoiniúcháin agus Tacaíochta arna gcur ar fáil ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) 13

**2. Lárnacht agus gníomhaíocht leanaí ina bhfoghlaim féin: teoiricí a bhaineann leis an tumoideachas 16**

2.1 Réamhrá 16

2.2 Teoiricí Bronfenbrenner, Vygotsky, Lantolf agus van Lier 16

2.3 Naisc i saol páistí 19

2.4 Achoimre ar phríomhtheachtaireachtaí ón teoiric agus taighde ar luathfhoghlaim agus ar shealbhú teanga 20

**3. An Tumoideachas: Míniú agus Éifeacht 21**

3.1 Réamhrá 21

3.2 Tumoideachas 21

3.3 Buntáistí an dátheangachais 22

3.4 An Tumoideachas 23

3.5 Éifeacht an tumoideachais 23

3.6 Sóisialú 24

3.7 Tumoideachas i ranganna naíonán i scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta 25

3.8 Achoimre agus impleachtaí 26

**4. Modheolaíocht agus Obair Pháirce 28**

4.1 Réamhrá 28

4.2 Modhanna taighde 29

4.3 Rannpháirtíocht na bpríomhoidí agus múinteoirí bunscoile san obair pháirce 30

4.4 Agallaimh le Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Tuismitheoirí na Gaeltachta 37

4.5 Achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí ó na hagallaimh 44

**5. An Comhthéacs Náisiúnta: Naisc idir na Naíonraí agus na Bunscoileanna - Modhanna Praiticiúla agus Struchtúir Phraiticiúla 46**

5.1 Réamhrá 46

5.2 *Aistear* agus *Síolta* 46

5.3 An Chéad 5 - Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028 50

5.4 *Mo Scéal* 50

5.5 An Fhoirm Aistrithe *Nasc leis an mBunscoil* 51

5.6 Altram: *Tuairisc Aistrithe* 52

5.7 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta 54

5.8 Soláthar agus Cleachtas Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige 55

5.9 Meastóireacht Scoile Uile 56

5.10 An bhunscoil Ghaeltachta, Curaclam na Bunscoile agus Curaclam Teanga na Bunscoile 56

5.11 Achoimre agus impleachtaí 58

**6. Polasaithe an Rialtais don Ghaeltacht 60**

6.1 Réamhrá 60

6.2 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 60

6.3 Plean Gníomhaíochta 2018-2022: Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge *2010-2030* (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán) 64

6.4 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 66

6.5 Achoimre agus impleachtaí 71

**7. Taighde Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar aistrithe dearfacha a chur chun cinn idir naíonraí agus bunscoileanna 72**

7.1 Réamhrá 72

7.2 Taighde: *Growing Up in Ireland* 72

7.3 *Mo Scéal* 74

7.4 *An Traein*: Ag aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil 79

7.5 Tionscadal na Nua-Shéalainne - Taighde Aistrithe ó Oideachas na Luath-óige go dtí an Scoil 82

7.6 Tionscnamh Gippsland: líonraí scoileanna agus suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige 87

7.7 Tuairisc na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ar aistriú ó Oideachas agus Cúraim na Luath-Óige go dtí Oideachas Bunscoile 90

7.8 Foinsí eolais eile faoi naisc idir bunscoileanna agus naíonraí 93

**8. Conclúidí agus Moltaí 94**

8.1 Réamhrá 94

8.2 Naisc a chruthú idir bunscoileanna Gaeltachta agus naíonraí 95

8.3 Ag tacú leis an aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil 96

8.4 Comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí 99

8.5 Ceannaireacht, riarachán agus tacaíochtaí 99

8.6 Ag tacú le sealbhú, úsáid agus saibhriú na Gaeilge 101

8.7 Ag treisiú nasc idir an bhunscoil agus an naíonra 102

8.8 Ráitis deiridh 103

**Tagairtí 104**

**Aguisín 1: Imeachtaí samplacha do chlár aistrithe a bailíodh ón taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a d’fhéadfaí a chur ar bun 109**

**Aguisín 2: Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna (An Roinn Oideachais) 111**

**Aguisín 3: Gníomhaíochtaí chun tacú le haistriú na leanaí ón naíonra go dtí an bhunscoil 112**

**Aguisín 4: Comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí chun tacú leo san aistriú: seicliosta do bhunscoileanna 114**

## Giorrúcháin atá in úsáid sa tuarascáil seo

AIM - *Access and Inclusion Model* (An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú)

AOG - An tAonad um Oideachas Gaeltachta

CNCM - An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

CNNG - Comhar Naíonraí na Gaeltachta

COGG - An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

ECCE - *Early Childhood Care and Education Programme* (Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige)

ECFE - An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (*Organisation for Economic Co-operation and Development – OECD*)

FETAC – *Further Education and Training Awards Council* (Comhairle na nDámhachtana Breisoideachais agus Oiliúna)

FMS – Féinmheastóireacht scoile

LFOLÓ - An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

OECD - Organisation for Economic Co-operation and Development

POG - An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

QQI - *Quality and Qualifications Ireland* **(**Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann)

RCOG - An Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta (go dtí 2020)

RLCMLÓ - An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (ó 2020 ar aghaidh)

RLGÓ - An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (go dtí 2020)

RO - An Roinn Oideachais (ó 2020 ar aghaidh)

ROS - An Roinn Oideachais agus Scileanna (go dtí 2020)

RTCEGSM - An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (ó 2020 ar aghaidh)

TnG - Tuismitheoirí na Gaeltachta

TUSLA - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh

## Achoimre Fheidhmeach

Is ar iarratas ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ar son na Roinne Oideachais a d'eascair an taighde seo. Cuireadh an taighde ar bun chun ceann de fhreagrachtaí COGG a chomhlíonadh faoin b*Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) agus faoin b*Plean Gníomhaíochta 2018-2022* don *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta, 2018).

Déantar imscrúdú sa tuarascáil taighde ar na naisc idir bunscoileanna agus naíonraí Gaeltachta ar mhaithe le forbairt scileanna/cumas teanga Gaeilge na leanaí a chur chun cinn. Tacaítear ann le critéar teangabhunaithe 11 den *Treoir do Bhunscoileanna: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas* (Roinn Oideachais, 2020): "Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (naíonraí)".

Tá réamhrá agus seacht gcaibidil sa tuarascáil taighde seo. Eascraíonn príomhchinntí na tuarascála as anailís a rinneadh ar theoiricí agus ar thaighde, ar pholasaithe stáit, ar thaithí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus ar obair pháirce. Tá na moltaí a d'eascair as torthaí na tuarascála taighde mar bhonn eolais don Treoir atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais do scoileanna chun na naisc idir naíonraí agus bunscoileanna Gaeltachta a neartú[1].

Léiríonn an **Réamhrá** cúlra, cur chuige an taighde agus leagan amach na tuarascála. Tá cur síos ann freisin ar na heagraíochtaí agus na háisíneachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le naisc idir naíonraí agus bunscoileanna a threisiú - an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG), Tuismitheoirí na Gaeltachta (TnG) agus an Roinn Oideachais (RO).

I gCaibidil 1, **Lárnacht agus gníomhaíocht leanaí ina bhfoghlaim féin**, pléitear teoiricí Bronfenbrenner, Vygotsky agus Lantolf mar a bhaineann siad leis an luathoideachas agus le sealbhú agus saibhriú teanga.

I gCaibidil 2, **An Tumoideachas: Míniú agus Éifeacht**, pléitear buntáistí an dátheangachais, éifeacht an tumoideachais, agus leagtar béim ar thábhacht na ngrúpaí éagsúla – an teaghlach, foireann an naíonra agus foireann na bunscoile – in aistriú leanaí ón naíonra go dtí an bhunscoil. Léiríonn an taighde freisin gur cabhair mhór í teagmháil rialta a bheith ann idir na páirtithe leasmhara lena chéile chun an t-aistriú a éascú.

[1] *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Naisc a threisiú idir bunscoileanna agus suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (FCL): Cur chuige comhoibríoch chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn* (An Roinn Oideachais, 2021)

I gCaibidil 3, **Modheolaíocht agus obair pháirce**, tá cuntas ann ar an gcur chuige ina ndearnadh an taighde agus ar na torthaí a shíolraigh uaidh i ndiaidh plé le Comhar Naíonraí na Gaeltachta, le Tuismitheoirí na Gaeltachta, agus le príomhoidí agus múinteoirí Gaeltachta.

I gCaibidil 4, **An Comhthéacs Náisiúnta maidir le Naisc idir na Naíonraí agus na Bunscoileanna**, déantar cur síos ar na doiciméid atá ann chun cumarsáid na leanaí a shaibhriú agus chun naisc a chothú idir naíonraí agus bunscoileanna.

I gCaibidil 5, **Polasaithe Gaeltachta an Rialtais**, soiléirítear an tábhacht atá le leanúnachas agus le cur chuige comhtháite idir naíonraí, bunscoileanna, teaghlaigh, pobail Ghaeltachta, agus ranna stáit mar atá leagtha amach sna polasaithe Gaeltachta agus Rialtais.

I gCaibidil 6, **Taithí náisiúnta agus idirnáisiúnta**, déantar cur síos ar thaighde agus ar thionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanann iniúchadh ar na riachtanais a bhíonn ag leanaí agus iad ag aistriú ó naíonraí go bunscoileanna (*Growing Up in Ireland*). Tugtar léirbhreithniú freisin ar an litríocht faoi pháistí ag aistriú ó fhoghlaim agus chúram na luathóige go dtí an scoil (*Transition from Early Childhood Education to School*), ar thionscnamh in Gippsland san Astráil a d'úsáid líonraí ina raibh naíonraí, bunscoileanna agus teiripeoirí páirteach chun aistriú na leanaí a éascú idir na suíomhanna éagsúla (*Building Connections Around Transitions: Partnerships and Resource for Inclusion*), agus ar thuairisc a d'fhoilsigh an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta OECD (*Starting-Strong V*), chomh maith le taighde eile ina leagtar béim ar an tábhacht atá le comhoibriú idir na grúpaí leasmhara éagsúla. Tá tagairtí ann freisin sa chaibidil seo do dhoiciméid a chabhraíonn le naíonraí agus bunscoileanna faisnéis ábhartha a bhailiú faoi na leanaí d'fhonn tacú leo san aistriú - *Nasc leis an mBunscoil* (Comhar Naíonraí na Gaeltachta), *Mo Scéal* (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), *Tuairisc Aistrithe* (Altram), *An Traein* (Forbairt Naíonraí Teo). Cuireann an t-eolas seo ábhar machnaimh ar fáil faoi conas naisc a chruthú agus a chothú idir naíonraí agus bunscoileanna.

I gCaibidil 7, **Moltaí** agus sna h**Aguisíní,** cuirtear gníomhaíochtaí i láthair a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun na naisc a láidriú idir naíonraí agus bunscoileanna; chun cabhrú le páistí dul i dtaithí ar an aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil; chun freastal ar pháistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu; chun tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas; chun breis eolais a chur ar fáil do na naíonraí agus d'fhoirne na scoileanna faoi na chéad chéimeanna eile a thacóidh lena gcleachtas.

# 1. Comhthéacs agus Cur Chuige

## 1.1 Réamhrá

Cuireadh an taighde ar na naíonraí Gaeltachta ar bun mar bhonn eolais do COGG i gcomhlíonadh na bhforálacha faoin b*Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS 2016).

Tá sí mar sprioc ag an *bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta, agus ar an mbealach seo, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta (ROS, 2016: 10).

Tá plé ar leith ar conas soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú sa *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*, agus aithnítear i gcás na limistéar Gaeltachta gur féidir le

> soláthar oideachais ardchaighdeáin luathbhlianta trí mheán na Gaeilge leanaí a shóisialú sa Ghaeilge, feabhas a chur ar a bhforbairt chognaíoch agus mhothachtálach trí Ghaeilge agus tacú lena n-aistriú chuig an bhfoghlaim trí Ghaeilge sa bhunscoil. (POG, 2016: 41)

Bíonn tionchar mór ag eispéiris luathshaoil ar fhoghlaim teanga go háirithe ar fhoghlaim 'máthairtheanga'. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go dtacófaí le heispéiris i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige chun an tionchar dearfach is fearr is féidir a imirt ar shealbhú teanga. Cuirfidh an taighde seo leis an gcuspóir seo trí léargais a thabhairt ar conas naisc idir naíonraí agus bunscoileanna a bhunú, a neartú agus a chothú.

Tá réimse beartais náisiúnta ann a thacaíonn le foghlaim agus cúram na luath-óige ar ardchaighdeán a fhorbairt agus áirítear orthu sin:

- *Aistear* (CNCM, 2009)
- *Síolta* (ROS, 2006/2017)
- *Creat Cáilíochta agus Rialála* (TUSLA, 2018) agus
- *An Chéad 5* (RLGÓ, 2018).
- *Scileanna a chothú (RLCMLO)*

D'fhonn cur leis an obair seo agus chun tuiscint ar thionchar criticiúil eispéiris foghlama agus cúraim na luath-óige ar shealbhú teanga a neartú, déantar scagadh ar na réimsí teoirice agus cleachtais seo a leanas:

- Teoiricí náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi fhorbairt chognaíoch, shóisialta, mhothúchánach an pháiste

- Taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta faoin tumoideachas
- An teoiric a bhaineann le naisc idir suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus bunscoileanna
- Taighde ar chreatchuraclaim, ar churaclaim agus ar dhoiciméid ábhartha eile
- Polasaithe a bhaineann le staid na Gaeltachta sa réimse seo
- Eolas agus tuairimí ó phríomhoidí agus ó mhúinteoirí bunscoile, ó ionadaithe Chomhar Naíonraí na Gaeltachta agus ó ionadaithe Thuismitheoirí na Gaeltachta
- Impleachtaí an taighde a rianú
- Moltaí a d’eascair as an taighde faoi na chéad chéimeanna eile a d’fhéadfaí a ghlacadh chun naisc a threisiú idir naíonraí agus bunscoileanna.

## 1.2 An tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais

Aithnítear sa *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* an staid chasta theangeolaíoch atá i scoileanna Gaeltachta agus an tábhacht a bhaineann leis an gcóras oideachais chun an Ghaeilge a chothú mar theanga labhartha sa Ghaeltacht.

Bunaíodh an tAonad um Oideachas Gaeltachta (AOG) sa Roinn Oideachais agus Scileanna in 2017. Tá AOG freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm céimnithe an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 le hoideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge i scoileanna a chinntiú agus chun tacú le húsáid leathnaithe na Gaeilge i scoileanna atá ag glacadh páirt sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim).

Tugadh deis do scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta iarratas a dhéanamh ar pháirt a ghlacadh sa Scéim chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta. Tá AOG freagrach freisin as leithdháileadh na n-acmhainní ar scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim.

Is féidir teacht ar eolas faoi fhreagrachtaí AOG, foilseacháin ábhartha agus eolas cothrom le dáta faoin *bPolasaí don Oideachas Gaeltachta* ar shuíomh gréasáin gov.ie.

Chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht ábhartha, déantar tagairt sa tuarascáil do réimse leathan eagraíochtaí atá ag gabháil d'fhorbairt soláthar agus cleachtas chúram agus oideachas na luath-óige ar ardchaighdeán trí Ghaeilge. Tá róil agus feidhmeanna na n-eagraíochtaí seo sonraithe thíos.

## 1.3 An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLO) freagrach as soláthar fhoghlaim agus chúraim na luath-óige (FCL), lena n-áirítear beartais chun tacú le cáilíocht, inacmhainneacht agus inrochtaineacht an tsoláthair. Tacaíonn an RLCMLO le soláthar naíonraí laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, agus cuireann sí

tacaíochtaí ar fáil chun soláthar FCL trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn, i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Tá an RLCLMO ina cathaoirleach ar an nGrúpa Maoirseachta Náisiúnta Luathbhlianta don Phlean Gníomhaíochta 5 Bliana don Ghaeilge 2018-2022.

## 1.4 Rialacháin agus Cigireachtaí

Tá ról monatóireachta ag Cigireacht na Roinne Oideachais chun tacú le scoileanna atá páirteach sa Scéim maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar teangabhunaithe don tumoideachas d'fhonn an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a láidriú. Déanann sé clár meastóireachta freisin ar cháilíocht an tsoláthair agus an chleachtais chúraim agus oideachais na luath-óige i scoileanna agus i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (ELC) go náisiúnta, a chuireann leis na cigireachtaí reachtúla ar shuíomhanna FCL a dhéanann Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Feidhmítear seirbhísí naíonraí de réir na Rialachán um Sheirbhísí Luathbhlianta faoin Acht um Chúram Leanaí 1991. Déanann Tusla cigireachtaí ar sholáthar FCL agus cúram leanaí in aois scoile (CLAS) faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lanpháirtíochta agus Óige. Tá *Naíonraí* faoi réir
Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017.

## 1.5 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais 1998 chun go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá feidhmeanna maidir le múineadh na Gaeilge i scoileanna eile na tíre faoi chúram COGG chomh maith. Baineann ról COGG leis an mbunoideachas agus leis an iar-bhunoideachas agus tá trí mhór-réimse oibre ann:

- Soláthar acmhainní teagaisc
- Seirbhísí tacaíochta
- Taighde

Is féidir teacht ar eolas faoin áisíneacht agus faoi na réimsí oibre atá aici ar shuíomh gréasáin COGG.

## 1.6 Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Cuireann an eagraíocht Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) an t-infreastruchtúr in áit chun seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht, agus cuireann sé seirbhísí riaracháin, tacaíochta agus traenála ar fáil do na

seirbhísí, do thuismitheoirí, do choistí agus do phobail Ghaeltachta. Cuireann CNNG cúnamh agus treoir ar fáil do naíonraí chun na rialacháin agus na nósanna imeachta seo a chomhlíonadh.

Tá 66 suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige ag feidhmiú faoi láthair sna limistéir pleanála teanga Ghaeltachta. Cuireann CNNG an t-infreastruchtúr in áit chun seirbhísí foghlama agus cúraim na luath-óige a chur ar fáil as Gaeilge, sa Ghaeltacht. Faigheann CNNG maoiniú ó Údarás na Gaeltachta agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM), agus baineann na naíonraí féin leas as roinnt cláir mhaoinithe atá á reáchtáil ag an RLCMLO. Is í an fhís atá ag CNNG ná 'deis a thabhairt do gach leanbh sa Ghaeltacht freastal ar sheirbhís luathoideachais nó cúram leanaí den scoth trí mheán na Gaeilge' (comharnaíonraí.ie).

Tugann CNNG sainmhíniú ar naíonra mar seo a leanas:

> áis luathoideachais é an naíonra a chuireann forbairt fhisiceach, intleachtúil, mhothúchánach, chruthaitheach agus shóisialta an pháiste chun cinn. Déantar é seo trí mheán an spraoi agus na Gaeilge i dtimpeallacht atá sábháilte, sláintiúil, spreagúil, fáilteach, sonasach agus tacúil. Tagann páistí le chéile sa naíonra, faoi chúram múinteora, cúig lá sa tseachtain ar feadh trí huaire a' chloig gach lá (comharnaíonraí.ie).

Tugann CNNG a lán eolas praiticiúil ar an suíomh gréasáin chun cabhrú le tuismitheoirí agus le hoideoirí na luathbhianta.

Cuireann CNNG an-bhéim ar úsáid na Gaeilge ina gcuid seirbhísí go léir. Tá an obair bunaithe ar lámhleabhar na heagraíochta, *Loinnir,* chomh maith leis an dá chreat náisiúnta don fhoghlaim agus cúraim na luath-óige, *Aistear* agus *Síolta*.

Baineann CNNG leas as lámhleabhair pleanála teanga *Borradh* ar mhaithe le forbairt iomlán an pháiste a chur chun cinn, forbairt teanga san áireamh. Déantar freastal ar riachtanas teanga na bpáistí maidir le sealbhú agus le saibhriú na Gaeilge agus cothaítear úsáid nádúrtha na teanga sa chanúint áitiúil.

Aithníonn CNNG an tábhacht a bhaineann le ról na dtuismitheoirí agus an dearcadh atá acu i leith na Gaeilge. Luaitear ar a suíomh go bhfuil an-tionchar ag dearcadh na dtuismitheoirí ar an bpáiste agus go bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh an páiste gur mhaith leo go labhródh an páiste Gaeilge. Tabharfaidh na naíonraí tacaíocht do thuismitheoirí atá ag iarraidh páistí a thógáil le Gaeilge agus beidh deis ag na páistí a gcuid Gaeilge 'a shaibhriú agus a shealbhú i dtimpeallacht nádúrtha trí mheán an spraoi, na scéalaíochta, na cainte, na geáitsíochta agus na hamhránaíochta' (http://www.comharnaionrai.ie/cnng.php).

Tá an fhoirm aistrithe *Nasc leis an mBunscoil* in úsáid ag naíonraí faoi chúram CNNG ó 2013 agus bhí an fhoirm á hathbhreithniú acu le linn an taighde.

## 1.7 Tuismitheoirí na Gaeltachta

Cuireadh an eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta (TnG) ar bun in 2011 chun tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh le Gaeilge sa Ghaeltacht. Chuir Roinn na Gaeltachta maoiniú ar fáil sa bhliain 2014 chun bonn náisiúnta a chur faoin eagraíocht. Tá siad ag feidhmiú ar bhonn náisiúnta ó lár na bliana 2018.

Is iad na haidhmeanna atá ag TnG ná cúnamh, tacaíocht agus comhairle a thabhairt do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge sa Ghaeltacht, nó do theaghlaigh ar mian leo a leithéid a dhéanamh. Tá lárionad ag TnG ar an gCeathrú Rua agus tá oifigí réigiúnacha ag an eagraíocht i nGaoth Dobhair agus i gCorca Dhuibhne. Tá oifigigh forbartha acu sna Gaeltachtaí uile.

Cuirtear imeachtaí ar fáil ag TnG chun freastal ar riachtanais na bpáistí. Eagraítear dhá ghrúpa spraoi do pháistí óga ó aois breithe go dtí timpeall cúig bliana, agus dá gcuid tuismitheoirí:

- Grúpa Gligíní a thugann deis do chainteoirí dúchais Gaeilge an teanga a úsáid
- Ciorcal Comhrá do theaghlaigh atá ag foghlaim na Gaeilge nó atá ag úsáid Gaeilge agus Béarla sa bhaile.

Bainistiú gníomhaíochtaí teanga atá i gceist agus iad ag iarraidh freastal a dhéanamh ar riachtanais éagsúla teanga. Is tearmann teanga atá ann do na cainteoirí dúchais ina mbeidh an Ghaeilge á labhairt agus á saibhriú go nádúrtha agus cothaítear deis foghlama teanga agus atmaisféar spraíúil sa Chiorcal Comhrá. Tuigeann TnG gur rud deacair agus dúshlánach é dhá ghrúpa a eagrú ach nuair a chasann duine amháin ar an mBéarla, is minic go leanann daoine eile iad.

Cuireann TnG an-bhéim ar an léitheoireacht mar áis sealbhaithe teanga agus mar áis saibhrithe teanga agus eagraíonn siad seisiúin le léamh drámatúil de na leabhair ó am go chéile, mar shampla, rinneadh dráma nua do leanaí le déanaí agus bhí na leanaí rannpháirteach sa léiriú freisin.

Tá TnG ag iarraidh cabhrú chomh maith le teaghlaigh sa Ghaeltacht nach labhraíonn mórán Gaeilge sa bhaile, mar shampla, bíonn ceardlanna réamhbhreithe acu do thuismitheoirí nua. Bíonn béim á cur ar an bhfoclaíocht Ghaeilge do leanaí mar chuid d'fheachtas feasachta a mhúintear do na tuismitheoirí nua – an cineál teanga (máithris nó 'motherese') a bheidh á húsáid acu leis na leanaí óga.

## 1.8 Cláir Mhaoiniúcháin agus Tacaíochta arna gcur ar fáil ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ)

Tairgeann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) roinnt clár maoiniúcháin i dtaca le seirbhísí um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCLÓ) agus seirbhísí um Chúram Leanaí ar Aois Scoile (CLAS), chomh maith le maoiniúchán agus maoirseacht a dhéanamh ar raon déanmhas tacaíochta (lena n-áirítear tacaí arna gcur ar fáil ag an gclár *Tús Níos Fearr*, na Coistí Cathrach agus Contae um Chúram Leanaí, agus na hEagraíochtaí Deonacha Náisiúnta um Chúram Leanaí) i gcomhair na seirbhísí FCLÓ/CLAS, i gcomhair na n-oideoirí luathbhlianta agus i gcomhair na gcleachtóirí ar aois scoile a oibríonn sna seirbhísí sin. Áirítear iad seo a leanas leis na cláir agus na tacaí sin:

### 1.8.1 An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ)

Is éard atá sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) ná clár uilíoch atá ar fáil do gach leanbh idir 2 bhliain, 8 mí d'aois agus 5 bliana, 6 mhí d'aois. Soláthraítear sa chlár caoi do leanaí le teacht saor in aisce ar chlár foghlama agus cúraim luath-óige roimh dóibh tosú ar an mbunscoil. Cuirtear an clár ar fáil ar feadh trí huaire an chloig in aghaidh an lae, ar chúig lá in aghaidh na seachtaine, thar 38 seachtaine in aghaidh na bliana, agus is féidir le leanaí leas a bhaint as COLÓ ar feadh suas le dhá bhliain. Ní foláir do sheirbhísí a ghlacann páirt i gCOLÓ soláthar a dhéanamh ar chlár cuí oideachais réamhscoile a chomhlíonann prionsabail *Síolta*, an creat náisiúnta cáilíochta, agus *Aistear*, an creat náisiúnta curaclaim.

### 1.8.2 An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC)

Seoladh an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC) sa bhliain 2016, faoi threoir na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) ar bhonn idir-rannach agus ar bhonn idirghníomhaireachta. Deartar an tsamhail leanbhlárnach tacaíochta chun a chinntiú go bhféadfaidh leanaí faoi mhíchumas feidhm a bhaint as an gclár COLÓ. Tá sé mar aidhm aige é a chur ar chumas na soláthraithe FCLÓ taithí uilechuimsitheach a chur ar fáil agus deimhin a dhéanamh de go bhféadfaidh gach leanbh páirt a ghlacadh go fóinteach sa chlár COLÓ agus tairbhe a bhaint as foghlaim agus cúram na luath-óige ar ardchaighdeán.

Áirítear tacaí uilíocha agus tacaí spriocdhírithe araon leis an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC). Déantar freagairt sna tacaí a sholáthraítear ar riachtanais an linbh sa chomhthéacs foghlama agus cúraim na luath-óige agus ní cheanglaítear leis na tacaí gur gá

fáthmheas a bheith ann. Deartar na tacaí uilíocha, a fholaíonn oiliúint foirne, chun cultúr níos uilechuimsithí a chruthú i suíomhanna FCLÓ. San áit nach leor na tacaí uilíocha chun freastal ar riachtanais linbh ar leith, bíonn tacaí spriocdhírithe ar fáil, lena n-áirítear sainchomhairle (tríd an *Tús Níos Fearr*) agus maoiniúchán i dtaca le foireann bhreise agus trealamh breise.

### 1.8.3 An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí

Cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí i dtaca le rannpháirtíocht san FCLÓ agus sa CLAS, trí fhóirdheontais uilíocha agus trí fhóirdheontais ioncam-choibhneasa, do leanaí ó 6 mhí d'aois suas le 15 bliana d'aois. Is iad aidhmeanna na scéime ná torthaí na leanaí a fheabhsú, tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, an bhochtaineacht i measc na leanaí a laghdú agus an costas a laghdú go follasach ó thaobh FCLÓ agus CLAS ar ardchaighdeán a sholáthar do na mílte teaghlach ar fud na hÉireann.

Is ann do thrí chatagóir d'fhóirdheontais a bhfuil teaghlaigh intofa dóibh mar chuid den Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí:

- Fóirdheontais uilíocha do theaghlaigh ag a bhfuil leanaí atá faoi bhun trí bliana d'aois, nó ag a bhfuil leanaí atá os cionn trí bliana d'aois agus nach bhfuil cáilithe go fóill don chlár COLÓ. Íoctar an fóirdheontas ar ráta €0.50 in aghaidh na huaire, suas le huasmhéid 45 huaire an chloig in aghaidh na seachtaine, do gach leanbh.
- Fóirdheontais ioncam-mheasúnaithe do theaghlaigh ag a bhfuil leanaí atá idir 24 seachtaine agus 15 bliana d'aois. Is fóirdheontais de réir tástála acmhainne iad na fóirdheontais seo agus ríomhtar iad ar bhonn na ndálaí a bhaineann le gach teaghlach ar leith, lena n-áirítear ioncam an teaghlaigh, aois agus leibhéal oideachais an linbh agus líon na leanaí sa teaghlach.
- Tá fóirdheontais, lena bhfuil comhlacht reachtúil (urra) ag tacú, ar fáil do theaghlaigh ag a bhfuil leibhéil arda riachtanais agus ag a bhfuil gá le FCLÓ/CLAS ar fhorais leasa leanaí nó ar fhorais chosanta leanaí nó dá bhfuil an cúram leanaí riachtanach mar chuid den tacaíocht do theaghlaigh.

### 1.8.4 Tacaí i gcomhair na forbartha gairmiúla

Tá leibhéal na gcáilíochtaí sa lucht saothair FCLÓ ag méadú i gcónaí, rud lena bhfuil raon tionscnamh de chuid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) ag tacú. Mar chuid de Rialacháin nua sa bhliain 2016, tugadh isteach cáilíocht íosta ag Leibhéal 5 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC). Thairis sin, tacaíonn maoiniúchán ón RLCMLÓ le hoideoirí luathbhlianta chun iad a uasoiliúint go dtí cáilíochtaí ag leibhéal 7 agus 8, mar aon le híocaíochtaí caipitíochta níos airde i leith seirbhísí COLÓ le treoir-oideoirí (ar a dtugtaí 'ceannairí seomra' roimhe seo) a mbíonn cáilíochtaí ábhartha ag

leibhéal 7/8 acu, agus Ciste Foghlaimeora a thacaíonn le hoideoirí luathbhlianta ó thaobh an chostais a bhaineann le céimeanna ábhartha a dhéanamh. Le cabhair ó na bearta seo, d'ardaigh cion na n-oideoirí luathbhlianta ag a raibh cáilíocht FCLÓ ag leibhéal 7 nó níos airde ó 12% sa bhliain 2012 go dtí 34% sa bhliain 2021. In éineacht leis sin, stiúir an Roinn Oideachais agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann próisis ó thaobh caighdeáin na gcáilíochtaí a mhéadú ag leibhéil 5 go 8.

Gealltar faoin gclár An Chéad 5 go ndéanfar an gairmiúlú den lucht saothair FCLÓ a chur ar aghaidh, lena n-áirítear lucht saothair faoi threoir céimithe a chur i gcrích faoin mbliain 2028, agus leagtar amach sa phlean Scileanna a Chothú (An Plean don Lucht Saothair i dtaca le FCLÓ agus CLAS, 2022-2028) sraith de ghníomhartha chun an gealltanas seo a bhaint amach, chomh maith le tacaí a neartú maidir leis an gceannaireacht agus maidir leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach.

Diaidh ar ndiaidh, tá na tacaí maidir leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach neartaithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), agus í ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus raon gníomhaireachtaí lena n-áirítear an tSeirbhís Náisiúnta Forbartha Cáilíochta sa chlár *Tús Níos Fearr* agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Ar áireamh leis na bearta sin tá soláthar na dtacaí oiliúna agus meantóireachta maidir leis na seirbhísí FCLÓ ón gclár *Tús Níos Fearr*, ón Tionscnamh Náisiúnta *Síolta*/*Aistear*, oiliúint chosanta leanaí, agus raon tacaí oiliúna laistigh den tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC) chun tacú leis an gcleachtas uilechuimsitheach.

Cuimsítear sa phlean Scileanna a Chothú na gealltanais seo: tacú le forbairt na gclár/modúl um oideachas gairmiúil tosaigh a dhéantar trí mheán na Gaeilge (ag leibhéil 5-8); agus, san áit ar féidir sin, ábhair, acmhainní agus tacaí um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

# 2. Lárnacht agus gníomhaíocht leanaí ina bhfoghlaim féin: teoiricí a bhaineann leis an tumoideachas

## 2.1 Réamhrá

Is cuid de theaghlach iad páistí, is cuid de phobal iad teaghlaigh, agus is cuid den phobal céanna iad naíonraí agus scoileanna. Má tá tuiscint againn ar na naisc seo, cabhróidh siad chun modhanna a sholáthar chun an t-aistriú idir naíonraí agus bunscoileanna a éascú do pháistí.

Sa chaibidil seo, breathnófar ar roinnt teoiricí chun comhthéacs na bpolasaithe faoi naisc idir bunscoileanna, naíonraí agus tuismitheoirí a léiriú agus chun na ceangail idir na réimsí éagsúla a thuiscint. Cuireann Bronfenbrenner fráma teoiriciúil ar fáil a thugann áit lárnach do leas an pháiste i gcomhthéacs na ndaoine a bhíonn i gcaidreamh leis: a mhuintir, an naíonra, an scoil, an pobal áitiúil, an córas oideachais, an tsochaí agus luachanna agus idé-eolaíocht na sochaí sin (Bronfenbrenner & Morris 2006). Baineann Haugen (1972) agus teangeolaithe eile úsáid as meafar na héiceolaíochta chun an gaol idir teanga agus an tsochaí a phlé. Cuireann Vygotsky (1978) béim chomh maith ar shaol sóisialta páistí agus deir sé go mbíonn leanaí ag foghlaim go gníomhach i gcaidreamh leis na daoine mórthimpeall orthu. Ar deireadh, pléifear an tábhacht a bhaineann le tacaíocht sa suíomh luathfhoghlama agus cúraim agus sa scoil, chun cabhrú le leanaí le linn aistrithe ón suíomh luathfhoghlama agus cúraim go dtí an bhunscoil.

## 2.2 Teoiricí Bronfenbrenner, Vygotsky, Lantolf agus van Lier

Chuir Urie Bronfenbrenner béim ar an tábhacht atá le fás agus forbairt chognaíoch, shóisialta agus mhothúchánach an duine aonair agus leis an tionchar atá ag réimsí éagsúla den saol ar an duine (Hayes *et al.,* 2017). Thug sé 'an tsamhail bhith-éiceolaíoch' (*bio-ecological model*) ar an gcur chuige sin. I gcás linbh, bíonn an-tionchar ag na daoine atá an-chóngarach don leanbh ar a fhás agus ar a fhorbairt, is iad sin an teaghlach, na leanaí agus daoine fásta a mbuaileann sé leo go minic sa naíonra, sa scoil agus sa chomharsanacht, agus na seirbhísí a mbaineann sé féin leas astu (**an micreachóras**). Bíonn tionchar níos laige ag daoine atá níos scoite amach uaidh - na comharsana agus cairde an teaghlaigh - agus ag seirbhísí ar nós na meán, an chórais oideachais agus an chórais sláinte (**an seachchóras**). Ag imirt tionchar orthu sin go léir tá an tsochaí agus an cultúr ina maireann sé - dearcthaí agus idé-eolaíocht i leith na Gaeilge mar shampla (**an macrachóras**). Bíonn an-tábhacht leis an teagmháil agus leis an gcaidreamh a bhíonn aige go minic le daoine atá gar dó, agus leis an gcaidreamh idir na daoine sin agus na córais níos faide uaidh (**an**

**méiseachóras**). Athraíonn na córais agus an tionchar a bhíonn acu ar an leanbh thar thréimhsí ama, de réir mar atá sé féin ag fás agus de réir mar a athraíonn na córais (**an crónchóras**). Cuireann Bronfenbrenner béim ar leith ar an tionchar a bhíonn ag daoine gar dó, ar an leanbh, agus ag rudaí a tharlaíonn go minic agus go díreach dó, an comhthéacs ina dtarlaíonn siad agus na hathruithe a tharlaíonn thar thréimhse ama (Bronfenbrenner & Morris 2006). Thuig sé go mbíonn na heilimintí seo fite fuaite lena chéile.

De réir na teoirice seo, tá an-tábhacht ag baint leis an teaghlach – an leanbh féin, na tuismitheoirí, na deartháireacha agus na deirfiúracha, na seantuismitheoirí agus gaolta eile a mbuaileann an leanbh leo go minic. Bíonn tionchar ag na daoine sin ar dhearcadh an linbh ina leith féin agus i leith an tsaoil.

Cothaítear meonta agus dearcthaí sa teaghlach thar aon áit eile agus tá sé seo fíor maidir le sealbhú na teangacha - Gaeilge, Béarla agus aon teanga bhaile eile - agus i leith an chórais luathfhoghlama agus cúraim, agus scoile. Sin an fáth a bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh dearcadh fabhrach i leith na Gaeilge á chothú sa teaghlach agus go gcuirfeadh an teaghlach deiseanna ar fáil don leanbh chun an Ghaeilge a shealbhú agus a shaibhriú. Déantar é seo trí Ghaeilge a labhairt sa bhaile, trí dheiseanna chun an teanga a úsáid a chur ar fáil lasmuigh den teaghlach, trí fhreastal ar naíonra agus tríd an gcóras tumoideachais atá mar pháirt lárnach de churaclam na scoile Gaeltachta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge. Mura bhfuil Gaeilge ach ag duine de na tuismitheoirí, moltar go labhródh an duine sin Gaeilge leis an leanbh chomh fada seasta agus is féidir. Glaotar córas ‘duine amháin - teanga amháin’ ar an saghas seo cur chuige (Barron-Hauwert 2014) agus cé gur gá é a chur in oiriúint don teaghlach féin, tá sé de bhuntáiste aige go bhfuil rialtacht agus seasmhacht leis ionas go dtuigeann an páiste cén teanga atá mar rogha ag an tuismitheoir. Ní miste cuimhneamh go bhfuil teaghlaigh ann le tuismitheoir amháin agus gur féidir leis an duine sin Gaeilge a labhairt é/í féin nó iarraidh ar dhaoine muinteartha eile an teanga a labhairt go minic leis an leanbh.

Moladh eile ná Gaeilge a labhairt ag uaireanta cinnte sa lá (Crisfield 2021), ag am dinnéir mar shampla. Tá sé de bhuntáiste ag cur chuige mar seo nach mbíonn aon duine gearrtha amach ó chomhrá agus gur deis foghlama agus saibhriú teanga atá ann do gach aon duine.

Thacaigh Smidt (2009) leis an tábhacht a bhaineann le comhoibriú le tuismitheoirí agus leis an leanbh a shuíomh i gcomhthéacs a theaghlaigh féin. Dúirt sí go gcabhraíonn eolas faoi eispéiris an pháiste, a chultúr agus uirlisí cultúrtha (teanga mar shampla) agus na daoine a thugann tacaíocht don pháiste, leis an múinteoir chun saol nua na scoile a chruthú dó/di. **Is ar mhaithe le cabhrú leis an leanbh atá an t-eolas seo ag teastáil, ní chun breithiúnas a dhéanamh.**

Bhain Haugen (1972) agus teangeolaithe eile mar van Lier (2010) úsáid as meafar na héiceolaíochta chun cur síos ar an ngaol idir teanga agus an tsochaí. Chiallaigh éiceolaíocht teanga, dar le Haugen, staidéar ar an gcaidreamh idir teanga ar bith agus a timpeallacht, is é sin, na daoine a labhraíonn an teanga sin. Faoi mar a tharlaíonn sa dúlra, cabhraíonn ilchineálacht teanga le foirfeacht an domhain agus cabhraíonn mionteangacha chun an córas éiceolaíochta teanga a choinneáil slán.

Cheap van Lier (2010: 600) go n-imríonn próisis timpeallachta agus próisis chognaíocha tionchar ar shealbhú agus ar shaibhriú teanga agus cabhraíonn caidreamh sóisialta le piaraí agus le múinteoirí le leanaí chun machnamh níos forbartha a dhéanamh. Bíonn a dtionchar féin ag eilimintí éagsúla ar an seomra ranga - mar an teaghlach, an scoil, an pobal, an córas oideachais, agus idé-eolaíocht an chomhluadair. Tá an-tábhacht ag baint dá bharr leis na cuir chuige foghlama agus teagaisc mar aon le dearcadh an phobail i leith na Gaeilge.

Chuir Vygotsky béim ar shaol sóisialta an pháiste. Maíonn sé go bhfuil an fhoghlaim ina gníomh sóisialta mar go bhfoghlaimíonn páistí trína gcuid caidrimh agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile. Dúirt Vygotsky (luaite in Gray & MacBlain, 2012) go bhfuil páistí gníomhach ina gcuid foghlama, agus gur fhoghlaim siad tríd an gcaidreamh a bhí acu leis an timpeallacht shóisialta. Bíonn páistí ag foghlaim gnásanna agus bríonna ina gcultúir féin agus ag foghlaim ó na daoine mórthimpeall orthu faoi na rudaí ba chóir dóibh a rá agus a dhéanamh sa chomhluadar sin.

Uirlis chultúrtha í an teanga a úsáidtear chun machnamh a dhéanamh agus chun foghlaim a dhéanamh, a deir Lantolf (2006). Is cuid lárnach í teanga i bhforbairt chognaíoch an pháiste (Mitchell, Myles agus Marsden, 2019: 318). Baineann páistí brí as an teanga a chloiseann siad agus glacann siad páirt sa chomhluadar trí theanga an chomhluadair.

Tagann forbairt trí pháirt a ghlacadh i saol an teaghlaigh, i gcaidreamh le daoine eile agus in institiúidí oideachais cosúil leis an scoil atá múnlaithe ag an gcultúr, ag an teanga agus ag fachtóirí stairiúla (Lantolf, 2006). Cuireann páistí eolas ar an saol trí rannpháirtíocht agus trí shúgradh samhlaíoch. Tuigeann siad conas mar a oibríonn rudaí, déanann siad aithris ar iompar daoine agus glacann siad róil chucu féin.

Bíonn an-tionchar ag na rainn, na scéalta agus na hamhráin i gcultúr páistí ar an súgradh seo. Tosaíonn súgradh trí chaidreamh le daoine fásta ach leanann páistí ar aghaidh iad féin ar bhonn neamhspleách agus cruthaitheach. Is féidir le daoine fásta nó le páistí eolacha cabhrú le páistí foghlaim trí scafall a thabhairt dóibh sa bhearna idir an rud is féidir leo a dhéanamh go neamhspleách agus an rud a bhfuil cabhair ag teastáil uatha chuige.

Baineann sé seo le teanga chomh maith le saghsanna eile foghlama (Mitchell *et al*., 2019: 317). Láidríonn sé seo ról an mhúinteora mar éascaitheoir foghlama agus an tábhacht a bhaineann le foghlaim ar bhonn comhpháirtíoch. Léiríonn teoiric Vygotsky faoi theanga an tábhacht a bhaineann le teanga an bhaile agus na scoile. **Bíonn páistí ag sealbhú teanga trína bheith ag baint brí as an saol i gcomhpháirt le daoine eile.**

## 2.3 Naisc i saol páistí

Baineann an t-aistriú idir an baile agus an naíonra leis an méiseachóras agus cuirtear béim ar an gcaidreamh idir na tuismitheoirí agus an naíonra chun tacaíocht a thabhairt do na páistí bogadh ó shuíomh an bhaile go dtí suíomh an naíonra. An crann taca is mó atá ag na páistí ná an teaghlach agus an caidreamh atá ag na tuismitheoirí leis na hoideoirí luathbhlianta sa naíonra. Gné thábhachtach eile ná an t-aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil agus tá an leanúnachas idir an dá shuíomh sin an-tábhachtach. Tá an caidreamh idir na daoine fásta go léir - tuismitheoirí/caomhnóirí, oideoirí luathbhlianta sa naíonra agus múinteoirí bunscoile - an-tábhachtach freisin.

Bíonn deis ag na tuismitheoirí comhoibriú leis an scoil chun foghlaim agus forbairt na bpáistí a chur chun cinn agus tá an-tábhacht ag baint leis an aithne agus leis an eolas atá ag na tuismitheoirí faoina bpáiste féin. Cabhraíonn sé nuair is féidir leis na tuismitheoirí an t-eolas seo a roinnt leis an scoil mar d'fhéadfadh sé cabhrú leis an leanbh socrú isteach níos éasca sa scoil. Baineann sé seo ach go háirithe le páistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, nuair a roinneann na tuismitheoirí agus na hoideoirí luathbhlianta sa naíonra eolas faoi conas tacaíocht, spreagadh agus suaimhneas a thabhairt don leanbh i suíomhanna éagsúla.

Luaigh Ring *et al.* (2016) an tábhacht a bhaineann leis an scoil agus leis an bpobal a bheith ullamh chun tacaíocht a thabhairt do pháistí agus iad ag aistriú isteach sa scoil, rud a thagann leis an teoiric bhithéiceolaíoch. Bhí polasaithe scríofa ag roinnt suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus bunscoileanna ach dúirt na freagróirí sa staidéar sin (Ring *et al*., 2016) gur teagmháil neamhfhoirmeálta is mó a bhí acu. Bhí na hoideoirí luathbhlianta ag caint leis na páistí faoi thosú ar scoil agus bhí na múinteoirí bunscoile i dteagmháil leis na tuismitheoirí agus ag eagrú laethanta oscailte do na páistí.

Chuir Dockett agus Perry ón Astráil (2012) béim ar thacaíocht a chur ar fáil sa suíomh luathfhoghlama agus cúraim agus sa scoil, tacaíocht fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta, chun cabhrú le páistí le linn aistrithe. Mhol siad

- go mbeadh teagmháil ag an bpáiste agus ag an teaghlach leis an scoil sula dtosaíonn an páiste
- plé a dhéanamh leis an bpáiste faoi thosú ar scoil
- cumarsáid agus cruinnithe idir an scoil agus na tuismitheoirí sula dtosaíonn an scoil

- eolas faoin gcuraclam agus cur chuige oideachasúil a roinnt leis na tuismitheoirí
- leanúnachas idir cur chuige sa suíomh luathfhoghlama agus cúraim agus sa scoil, nuair a bheidh an cur chuige ag bogadh de réir a chéile ó bhéim ar shúgradh go cur chuige níos foirmeálta.

## 2.4 Achoimre ar phríomhtheachtaireachtaí ón teoiric agus taighde ar luathfhoghlaim agus ar shealbhú teanga

- Cabhraíonn teagmháil idir an baile, an naíonra agus an scoil leis na páistí le linn aistrithe idir suíomhanna ach go háirithe, agus ba chóir teacht ar bhealaí chun eolas eatarthu a chomhroinnt.
- Cabhraíonn eolas ón naíonra agus ón scoil faoin gcuraclam agus faoin gcur chuige a úsáidtear leis na tuismitheoirí an suíomh nua dá bpáistí a thuiscint. Cuidíonn eolas ó na tuismitheoirí faoina bpáistí leis na hoideoirí luathbhlianta sna naíonraí agus leis na múinteoirí sna bunscoileanna an tacaíocht chuí a thabhairt do na páistí.
- Nuair a bhíonn pearsanra a bhfuil baint acu le saol na leanaí ag comhoibriú lena chéile, déanfar leas na bpáistí a chur chun cinn.

# 3. An Tumoideachas: Míniú agus Éifeacht

## 3.1 Réamhrá

Is tacaíocht dhearfach do gach tuismitheoir í treoir shoiléir a sholáthar maidir le scóip agus nádúr an tumoideachais agus spreagfaidh sí iad siúd nach labhraíonn Gaeilge chun leanúint ar aghaidh ag plé le hoideachas a bpáistí lasmuigh den naíonra agus isteach sa bhunscoil. Má tá tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu ag aistriú a bpáistí ón naíonra go dtí an bhunscoil, is gá imní a laghdú faoin tumoideachas. I gcás tuismitheoirí atá ina gcainteoirí dúchais, is gá na cúiseanna imní a bhíonn acusan ina leith a fhreagairt freisin. Má tá na tuismitheoirí/caomhnóirí ar a suaimhneas faoin tumoideachas agus muiníneach faoi, is dócha go mbeidh siad ar a suaimhneas ag aistriú a bpáistí ón naíonra go dtí an bhunscoil, agus más amhlaidh atá, dealraíonn sé go mbeidh na páistí mar an gcéanna.

Áirítear sa chuid seo den tuarascáil plé ar aois sealbhaithe an dara teanga, na buntáistí cognaíocha a bhaineann leis an dátheangachas, an fheasacht mheititheangeolaíoch (tuiscint ar theanga mar chóras ann féin) mar aon le gnéithe éagsúla den oideachas dátheangach.

## 3.2 Tumoideachas

Tá iliomad saghsanna tumoideachais ann, ach tá an-cháil ar shaghas amháin, an luath-thumoideachas dátheangach ar ardchaighdeán a tosaíodh i Montréal, Ceanada, in 1965. Chuir grúpa tuismitheoirí réamhscoil as Fraincis ar bun chun luathoideachas dátheangach a chur ar fáil trí Bhéarla agus trí Fhraincis (Baker agus Wright, 2021). D'éirigh thar barr leis an tionscnamh agus tá saghsanna eile tumoideachais[2] ar fáil anois san Fhionlainn, sa Spáinn, sna Stáit Aontaithe agus in Éirinn.

I gcás Cheanada, léiríonn Baker gur chuidigh stádas an dá theanga, Béarla agus Fraincis, leis an dul chun cinn san fhoghlaim. Rogha atá sa tumoideachas i gcás Cheanada agus i go leor tíortha eile, agus is faoi thuismitheoirí an rogha a bpáistí a chur go dtí scoil le tumoideachas nó chuig scoil ina bhfuil an t-oideachas á sholáthar sa mhórtheanga. "Immersion thrives on conviction, not conformity", a deir Baker & Wright (2021: 246). Dar le Bialystok (2018):

---

[2] Braitheann an saghas tumoideachais ar aois tosaithe na bpáistí agus ar an méid ama a chaitear ar an dá theanga. Is mó saghas tumoideachais a thosaíonn le luath-thumadh iomlán ar feadh dhá nó trí bliana sa sprioctheanga agus a íslítear de réir a chéile go dtí 50% ag deireadh na bunscoile.

> *There is no credible evidence that bilingual education adds or creates a burden for children, yet it is incontrovertible that it provides the advantage of learning another language and possibly the cognitive benefits of bilingualism.* (2018: 678)

Tá Bialystok (2018) tar éis staidéar domhain a dhéanamh ar shaghsanna éagsúla oideachas dátheangach do pháistí óga i Meiriceá Thuaidh - an saghas atá i gceist sa Ghaeltacht san áireamh. Is de bharr thiomantas na múinteoirí agus spéis sa teanga, sa chultúr agus sna buntáistí eacnamaíochta a roghnaigh tuismitheoirí tumoideachas i gCeanada, san Fhionlainn, sa Bhreatain Bheag agus i go leor tíortha eile chomh maith. Leantar an curaclam náisiúnta don oideachas (Johnson & Swain 1997) agus baintear amach na torthaí céanna acadúla nó cinn níos airde ná i scoileanna a bhíonn ag teagasc tríd an mórtheanga.

## 3.3 Buntáistí an dátheangachais

***Aois sealbhaithe an dara teanga:*** De réir achoimre ar thaighde a rinne Baker & Wright (2021: 127) ar an gceist seo:

- Is minic go n-éiríonn níos fearr le páistí a thosaíonn ar shealbhú an dara teanga ag aois óg ná daoine níos sine, ó thaobh na foghraíochta de ach go háirithe.
- Tá líon na mblianta a chaitear ar shealbhú an dara teanga an-tábhachtach agus nuair a thugtar an deis do pháistí an dara teanga a fhoghlaim ó na luathbhlianta is minic a éiríonn níos fearr leo.
- Bíonn tionchar ag fachtóirí éagsúla ar shealbhú teanga agus níl san aois óg ach fachtóir amháin.
- Is féidir le foghlaimeoirí níos sine rath mór a bhaint amach má tá an t-inspreagadh cuí acu.

***Buntáistí cognaíocha:*** Rinne Baker & Wright (2021) cur síos ar bhuntáistí cognaíocha mar smaointeoireacht iltreoch agus chruthaitheach. Ceaptar go gcabhraíonn an dátheangachas le daoine chun smaointeoireacht níos leithne agus níos fairsinge a dhéanamh. Is fachtóir tábhachtach é an leibhéal inniúlachta sa dá theanga chun na buntáistí cognaíocha a bhaint amach. Bíonn buntáiste níos mó ag daoine a bhfuil cumas cothrom acu sa dá theanga agus is gá tairseach áirithe inniúlachta sa dá theanga a shroicheadh chun go mbeidh daoine in ann na buntáistí a bhaint amach (Cummins, in Baker & Wright, 2021). Dúirt Meisel (2019: 230) nach bhfuil aon mhíbhuntáistí cognaíocha ann do pháistí dátheangacha thar pháistí a bhfuil teanga amháin acu agus gur buntáiste mór é a bheith in ann dhá theanga a labhairt go paiteanta.

***Feasacht mheititheangeolaíoch:*** Ceaptar go bhfuil tuiscint ag daoine dátheangacha ar theanga mar chóras ann féin agus gur féidir leo focal agus brí a scaradh óna chéile (Meisel 2019: 231). Is féidir go mbeidh feasacht níos airde acu ar dheilbhíocht, ar ghramadach agus ar fhoghraíocht sa dá theanga, mar bíonn orthu aird a thabhairt ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí. Bíonn ar pháistí aird a dhíriú ar pé teanga atá á labhairt ag duine, ar an duine atá

i gceist leis, agus ar an gcomhthéacs ina bhfuil an comhrá ag tarlú, agus cabhraíonn an díriú airde seo leo chun machnamh níos doimhne a dhéanamh (Baker & Wright, 2021).

Tá seans ann go gcabhróidh an fheasacht mheititheangeolaíoch seo leo léamh ag pointe níos luaithe ná aonteangaigh má bhíonn an téacs agus an córas foghraíochta cosúil lena chéile. In ainneoin na ráiteas dearfach seo, ba chóir a mheabhrú gur gné amháin den saol í an teanga, agus go mbeidh tionchar ag an iliomad tosca eile ar shealbhú teanga agus ar fhorbairt agus ar ghnóthachtáil oideachais sa saol, lena n-áirítear cúinsí socheacnamaíocha an teaghlaigh agus rochtain ar chórais tacaíochta agus ar oideachas ardchaighdeáin (Baker & Wright, 2021).

## 3.4 An Tumoideachas

Tá sé mar aidhm ag an tumoideachas sa Ghaeltacht:

- barr feabhais a bhaint amach sa dá theanga, Gaeilge agus Béarla
- tuiscint níos doimhne ar an gcultúr Gaelach agus ar chultúir eile a chothú
- buntáistí cognaíocha an dátheangachais a fhorbairt
- féinmheas na bpáistí agus an phobail a ardú trí mheas a léiriú don teanga
- fostaíocht áitiúil a chruthú

Chun na buntáistí seo a bhaint amach tá gá le múinteoirí a bhfuil ardchumas acu sa Ghaeilge agus atá sároilte in oideachas sa chéad agus sa dara teanga, agus a bhfuil teacht acu ar áiseanna cuí teagaisc agus foghlama sa Ghaeilge mar aon le tacaíocht ó thuismitheoirí, ó lucht polasaí sa chóras oideachais agus sa chóras polaitíochta agus ón bpobal áitiúil (Baker & Wright, 2021).

## 3.5 Éifeacht an tumoideachais

De réir Baker & Wright (2021), i gcórais tumoideachais san Eoraip agus i Meiriceá, sroicheann páistí cumas cainteoir dúchais sna gabhchumais teanga (éisteacht agus léitheoireacht) sa dara teanga timpeall aon bhliain d'éag d'aois. Ní shroicheann gach páiste an leibhéal céanna sa chaint agus sa scríbhneoireacht. Is minic nach mbíonn teagmháil ag na daltaí leis an sprioctheanga lasmuigh den scoil agus bíonn deiseanna sealbhaithe agus úsáide na teanga níos cúinge dá réir. I gcásanna áirithe, tógann sé cúpla bliain níos faide ar dhaltaí an leibhéal scileanna teanga céanna a bhaint amach sa sprioctheanga agus atá ag a bpiaraí atá ina gcainteoirí dúchais.

Ní bhaineann daltaí an leibhéal céanna scileanna amach láithreach bonn sa léitheoireacht agus sa litriú ina dteanga dhúchais agus atá ag a bpiaraí nach bhfuil i suíomhanna tumoideachais toisc go bhfuil moill ar theagasc na teanga ar feadh cúpla bliain. Mar sin féin,

is gnách go sroicheann daltaí an leibhéal caighdeánach inniúlachta céanna tar éis timpeall sé bliana ar scoil. Éiríonn leo an leibhéal céanna nó níos airde a bhaint amach sna teangacha agus sna hábhair eile faoi dheireadh na bunscolaíochta, mar atá le feiceáil sa Bhreatain Bheag, mar shampla (Ó Duibhir 2018: 54).

Dúirt Johnson & Swain (1994) gur gá go mbeadh an dara teanga forbartha go leor chun foghlaim chasta in ábhair eile a éascú. Ar an taobh eile, bíonn torthaí níos fearr ag tumoideachas iomlán ná páirt-thumadh ó thaobh gnóthachtála de i dteangacha agus san oideachas go ginearálta.

Luaigh Ó Duibhir (2018: 51) nach mbíonn deis ag daltaí sna Gaelscoileanna a bheith i dteagmháil le cainteoirí dúchais dá n-aois féin agus nach gcuirtear brú sóisialta orthu máistreacht a fhorbairt sa teanga dá bharr. Cheap Harris & Murtagh (1987) go gcabhraíonn líon na gcainteoirí dúchais i scoileanna Gaeltachta le páistí chun a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú agus go mbraithfidh dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí i scoileanna Gaeltachta méid áirithe ar an mbrú sóisialta chun teanga chruinn a fhorbairt.

Dhearbhaigh Baker agus Wright (2021: 286) gur gníomh polaitiúil agus idé-eolaíoch atá sa tumoideachas agus gur gá é a shuíomh sa chomhthéacs sin. Bíonn tionchar ag riachtanas na bpáistí, na dtuismitheoirí, na múinteoirí agus an phobail ar a chéile agus is deacair iad a scaradh óna chéile.

## 3.6 Sóisialú

Foghlaimíonn páistí teanga agus cultúr taobh le taobh. Dúirt Mitchell *et al.* (2019: 337) gur próiseas é sóisialú teanga ina mbíonn foghlaimeoir ag iarraidh an teanga a fhoghlaim agus cumas a fhorbairt chun páirt a ghlacadh sa chomhluadar ina labhraítear an teanga sin. Trí thumoideachas, tá an scoil ag iarraidh comhluadar cleachtais ina labhraítear Gaeilge a chruthú i measc na ndaltaí sa tslí go mbeidh na páistí ag glacadh páirt in imeachtaí iomlána na scoile trí Ghaeilge agus ag labhairt lena chéile as Gaeilge lasmuigh den scoil freisin.

D'fhás gluaiseacht an tumoideachais taobh amuigh den Ghaeltacht in Éirinn ó na 1970idí ar aghaidh. Bhí éileamh ó thuismitheoirí ag an am chun oideachas trí mhéan na Gaeilge a bheith ar fáil dá gcuid páistí agus de réir a chéile tháinig fás agus forbairt ar naíonraí agus ar Ghaelscoileanna/scoileanna lán-Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht.

Sa scoilbhliain 2020/21 bhí 149 bunscoil lán-Ghaeilge ag feidhmiú lasmuigh den Ghaeltacht, 105 bunscoil ag feidhmiú sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus 27 bunscoil eile suite i gceantair Ghaeltachta. Chomh maith leis sin tá thart ar 35 bunscoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann.

D'aithin Baker & Wright (2021) agus Fortune (2011) go bhfuil dúshláin ag baint le tumoideachas sa dara teanga, agus orthu siúd an caighdeán a shroicheann na páistí sa sprioctheanga agus conas mar a éiríonn le páistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu mar aon le páistí inimirceacha.

## 3.7 Tumoideachas i ranganna naíonán i scoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Mar chuid de *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* agus de réir Acht na Gaeltachta 2012, socraíodh go mbeadh scoil atá lonnaithe i gceantar Gaeltachta incháilithe ar aitheantas a lorg mar Scoil Ghaeltachta, bunaithe ar chritéir theanga ar leith (ROS, 2018: 17). Tionscnamh nua teanga atá sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta i scoileanna agus ceann de na critéir nach mór a chomhlíonadh ná go mbeidh clár luath-thumoideachais dhá bhliain sa Ghaeilge ann i ranganna na naíonán.

Táthar ag súil go gcabhróidh an luath-thumadh sa Ghaeilge le forbairt leibhéal níos airde inniúlachta sa Ghaeilge a chur chun cinn i measc na bpáistí nuair nach múintear an Béarla go dtí rang a haon. Cuirtear béim ar fhreastal ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge agus ar cheapadh agus ar mhonatóireacht leanúnach a dhéanmh ar spriocanna i bpleananna gníomhaíochta na scoileanna chun é seo a bhaint amach.

Deir *Curaclam Teanga na Bunscoile*:

> Ach páistí a bheith ag plé leis an nGaeilge, doimhnítear a bhfeasacht chultúrtha agus leathnaítear a dtaithí theangeolaíochta agus, do pháistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad doimhnítear a dtaithí theangeolaíochta. Tugann sé seo deis dóibh baint a bheith acu, agus an bhaint sin a dhoimhniú i gcás páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, le snáithe uathúil agus saibhir d'oidhreacht chultúrtha shochaí na hÉireann.
> (ROS, 2019: 7)

Thacaigh Ó Duibhir agus Ní Thuairisg (2019) le múineadh an Bhéarla a chur siar chun deis níos fearr a thabhairt do na cainteoirí dúchais bonn níos seasmhaí a fhorbairt ar struchtúir ghramadaí na Gaeilge (Ó Duibhir & Ní Thuairisg, 2019: 239). Dúirt siad go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an gcaoi a gcaitear an t-am teagaisc agus foghlama. Ní hionann teagmháil leis an teanga agus sealbhú (Ó Duibhir & Ní Thuairisg, 2019: 237). Mar sin féin, mhaígh siad go bhfuil comhghaolú soiléir idir an méid ama a bhíonn páiste i dteagmháil leis an teanga agus sealbhú gnéithe áirithe gramadaí den teanga. Mhol siad freisin go mbeadh teagasc idirdhealaithe ann do chainteoirí dúchais agus do na foghlaimeoirí Gaeilge ar feadh cuid éigin den lá toisc go bhféadfadh claonadh a bheith ann i dtreo an Bhéarla mura mbíonn mais chriticiúil de chainteoirí dúchais sa rang.

Thuig na húdair thuas go bhféadfadh múinteoirí nó tuismitheoirí a bheith buartha faoi chaighdeán an Bhéarla a bheadh ag na páistí. Mhínigh siad go bhfuil *Curaclam Teanga na Bunscoile* bunaithe ar thraschur scileanna ó theanga go teanga (Ó Duibhir & Ní Thuairisg, 2019). De réir Cummins (1981), tá buninniúlacht choiteann ann i bhfoghlaim teanga, is é sin go bhfuil gnéithe áirithe mar fhuaimniú, comhréir, agus foclóir faoi leith ag gach teanga agus gur gá iad a fhoghlaim astu féin. Ach tá scileanna eile ann - eolas coincheapúil, gnéithe teangeolaíochta, scileanna litearthachta, anailíse agus meastóireachta, mar shampla - agus is féidir iad a thraschur ó theanga amháin go teanga eile. Mar sin, is féidir na scileanna litearthachta a fhoghlaimítear trí Ghaeilge, mar shampla, a thraschur go dtí an Béarla nuair a thosaíonn páistí ag foghlaim na teanga sin.

Beidh an scéal céanna amhlaidh maidir le coincheapa matamaiticiúla. Beidh an próiseas foghlama níos éifeachtaí má mhíníonn an múinteoir conas an traschur a dhéanamh ó Ghaeilge go Béarla agus má thugtar deis do na páistí machnamh a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na teangacha, is é sin foghlaim mheititheangeolaíoch a dhéanamh (Ó Duibhir & Ní Thuairisg 2019).

Beidh níos mó deiseanna ann chun é seo a dhéanamh nuair a bheidh léitheoireacht agus scríbhneoireacht á bhfoghlaim ag na páistí. Tá tacaíocht an phobail d’obair na scoile agus teagmháil leis an nGaeilge lasmuigh den scoil riachtanach chun go mbeidh toradh fónta ar an obair (ibid).

## 3.8 Achoimre agus impleachtaí

Tugadh cuntas sa chaibidil seo ar na buntáistí cognaíocha agus oideachasúla a bhaineann leis an tumoideachas agus leis an dátheangachas don duine agus don tsochaí. D'fhéadfadh páistí tairbhe a bhaint as feasacht mheititheangeolaíoch agus as eolas agus tuiscint níos doimhne ar dheilbhíocht, ar ghramadach agus ar fhoghraíocht sa dá theanga.

Ag eascairt as an bplé sa chaibidil seo, tá impleachtaí láidre ann maidir le naisc láidre a chur chun cinn idir naíonraí, tuismitheoirí agus scoileanna. Ar an gcéad dul síos, is léir go bhfuil ról lárnach ag gach grúpa – na tuismitheoirí, foireann an naíonra agus foireann na scoile - maidir leis na naisc seo a bhunú agus a thógáil. Aithnítear leanaí freisin mar thionchar tábhachtach sa phróiseas seo agus aithnítear mar dhaoine gníomhacha uathúla iad le pearsantachtaí, meonta, scileanna agus taithí saoil dá gcuid féin (Christensen agus Prout, 2005).

Tá an-tábhacht ag baint le dearcadh fabhrach i leith na Gaeilge agus i leith an chleachtais tumoideachais i mbunscoileanna chun comhthéacs dearfach foghlama a chur ar fáil do

pháistí chomh maith le gach deis a thabhairt dóibh an teanga a shealbhú agus chun a gcumas in úsáid na teanga a shaibhriú.

# 4. Modheolaíocht agus Obair Pháirce

## 4.1 Réamhrá

Seo a leanas na céimeanna éagsúla a glacadh sa tionscnamh taighde seo:

**Léargas ar an litríocht**: San áireamh tá athbhreithniú ar theoiric na gcaidreamh idir na daoine a imríonn tionchar mór ar pháistí a dhíríonn ar theoiric bhithéiceolaíoch (*bio-ecological*) Bronfenbrenner (Bronfenbrenner & Morris, 2006) agus teoiric thóghachas sóisialta (*social constructivism*) (Vygotsky, 1978), ach go háirithe; teoiric an tumoideachais de réir Baker & Wright (2021) agus Uí Dhuibhir (2018); taighde ábhartha a rinneadh in Éirinn agus thar lear, mar shampla, taighde O'Kane (2016), Smyth (2018), agus CNCM (2018).

**Athbhreithniú ar na polasaithe ábhartha rialtais:** An *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, an Plean Gníomhaíochta 5 Bliana don Ghaeilge 2018-2022* agus *An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*.

**Obair pháirce agus bailiú sonraí**

Tugadh faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas chun sonraí a bhailiú:

**Cruinnithe le príomhoidí agus le múinteoirí bunscoile Gaeltachta** chun aghaidh a thabhairt ar idirphlé oscailte agus ar chomhrá gairmiúil

**Ceistneoir**: Ullmhaíodh ceistneoir le haghaidh príomhoidí agus múinteoirí bunscoile Gaeltachta chun eolas a bhailiú faoi dhea-chleachtas atá ann cheana féin maidir le naisc le naíonraí. agus chun tuairimí na bpríomhoidí agus na múinteoirí a fháil ar Fhoirmeacha Aistrithe[3] chun an t-aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil Ghaeltachta a éascú. Lorgaíodh eolas freisin ar ról bhaill foirne na scoile, agus ar an mbealach is fearr chun tacú le tuismitheoirí agus le leanúnachas foghlama teanga na bpáistí i gcomhthéacs an tumoideachais.

**Agallaimh**: Reáchtáladh agallaimh leathstruchtúrtha le hionadaithe ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta agus ó Thuismitheoirí na Gaeltachta chun a dtuairimí a fháil faoi na foirmeacha aistrithe, faoi aon eolas eile ba chóir a bheith ar na foirmeacha sin maidir le cumas na leanaí sa Ghaeilge, agus faoi na moltaí a bhí acu faoi naisc idir naíonraí agus bunscoileanna Gaeltachta.

[3] Cabhraíonn foirmeacha nó teimpléid aistrithe le scéal fhoghlaim agus fhorbairt an pháiste a insint. Is féidir an t-eolas seo a roinnt le tuismitheoirí, agus i ndiaidh cead tuismitheora a fháil, leis an mbunscoil.

**Anailís agus sintéis**: Rinneadh athbhreithniú agus anailís ar na sonraí a d'eascair as na ceistneoirí chun na téamaí lárnacha a bhí ag teacht chun cinn a aithint. Ag eascairt as na téamaí a aithníodh, rinneadh moltaí maidir le conas na naisc idir bunscoileanna Gaeltachta agus naíonraí a neartú. Rinneadh trastagairt freisin do thorthaí na hoibre páirce seo le torthaí ón athbhreithniú litríochta chun bonn eolais a chur faoi na moltaí a d'eascair as an taighde.

Tá tuilleadh sonraí maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí taighde seo san áireamh i roinn 4.2.

## 4.2 Modhanna taighde

### 4.2.1 Cúrsaí Eitice

Cloíodh go docht le prionsabail eitice taighde sa tionscnamh taighde seo (Cohen, Manion & Morrison, 2018; Creswell 2014). Léiríodh meas ar na rannpháirtithe go léir a thoiligh páirt a ghlacadh sa taighde maidir le prionsabail na rúndachta agus na neamhainmníochta. Míníodh aidhm agus réasúnaíocht an taighde do na rannpháirtithe go léir agus cuireadh in iúl dóibh go mbeadh an taighde mar bhonn eolais d'fhorbairt treoirlínte do scoileanna chun naisc a chothú idir naíonraí agus bunscoileanna ag COGG i gcomhar leis an Roinn Oideachais.

Lorgaíodh toiliú feasach uathu agus tugadh an cead sin. Lorgaíodh cead na rannpháirtithe sonraí a bhailiú agus an plé a thaifeadadh. Thug gach rannpháirtí cead na gníomhaíochtaí taighde a dhéanamh. Tugadh tras-scríbhinn dá bplé do na hagallaithe agus tugadh an deis dóibh a dhearbhú go raibh sé cruinn, rud a rinne siad. Coimeádadh sonraí na rannpháirtithe slán ar ríomhaire criptithe le linn an tionscnaimh thaighde agus scriosadh iad mar aon leis na taifeadtaí roimh fhoilsiú na tuarascála seo.

### 4.2.2 Plé oscailte agus ceistneoirí

Rinneadh cur i láthair ar an tionscnamh taighde do phríomhoidí agus do mhúinteoirí ag cruinnithe a bhí eagraithe ag COGG i naoi n-ionad éagsúla. Bhí na cruinnithe sin mar chuid de thacaíocht níos leithne a chuireann COGG ar fáil do scoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Míníodh an aidhm agus an réasúnaíocht a bhí ag an tionscnamh taighde agus an tábhacht a bhain le hionchur na bpríomhoidí agus na múinteoirí sa taighde. Leagadh ceistneoir amach chun a chinntiú go mbeadh na ceisteanna céanna á bplé in ionaid éagsúla (Cohen *et al*.: 474). Ceisteanna oscailte a bhí iontu a chuimsigh na hábhair seo a leanas:

- Tuairimí na múinteoirí agus na bpríomhoidí faoi na foirmeacha faisnéise ar aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil atá ann faoi láthair (tugadh samplaí amach).
- Ról na mball foirne i naíonraí agus i mbunscoileanna

- Conas cabhrú le leanaí cur lena gcumas teanga sa Ghaeilge
- Conas cabhrú le tuismitheoirí a dtuiscint ar thábhacht na Gaeilge a láidriú
- Samplaí de naisc/comhoibriú idir naíonraí agus bunscoileanna Gaeltachta atá ann cheana féin.

Le linn na gcruinnithe, rinneadh plé oscailte ar na ceisteanna i dtosach agus ansin tugadh deis do na rannpháirtithe freagraí aonair a scríobh dá mba mhian leo.

### 4.2.3 Agallaimh

Cuireadh na ceisteanna chuig na hagallaithe roimh ré agus thug sé sin deis dóibh machnamh a dhéanamh orthu roimh na cruinnithe. Bhíothas in ann aon deacracht a shoiléiriú agus na ceisteanna a ardaíodh a fhreagairt (Cohen, *et al.* 2018). Socraíodh am agus áit a d'oir do na hagallaithe. Mhair na hagallaimh uair go leith i gcás amháin agus dhá uair an chloig sa chás eile. Chuidigh taithí an taighdeora – mar chleachtóir i naíonra agus mar thuismitheoir a thóg clann i nGaeilge - chun dearcthaí na n-agallaithe a thuiscint agus rinneadh gach iarracht a bheith oibiachtúil ag an am céanna.

### 4.2.4 Tras-scríbhinn agus anailís

Rinneadh tras-scríobh ar na taifeadtaí agus ar na ceistneoirí go léir agus eagraíodh na sonraí faoi mhórthéamaí na gceisteanna (Maguire & Delahunt, 2017). Bhí an plé i bhfad níos doimhne ná freagairt ceisteanna amháin agus tugadh go leor eolais eile a bhain leis na hábhair (Braun & Clarke, 2006). Rinneadh achoimre ar phríomhphointí an phlé i ngach cás agus ba léir go raibh go leor téamaí comónta ann.

Cuirtear na téamaí comónta le chéile sa chaibidil deiridh den tuarascáil seo agus déantar tagairt chomh maith do shamplaí ábhartha ón litríocht. Ag eascairt as an bplé seo, leagtar amach príomhghnéithe an taighde agus cuirtear moltaí ar fáil maidir le naisc a chothú idir naíonraí agus bunscoileanna Gaeltachta.

## 4.3 Rannpháirtíocht na bpríomhoidí agus múinteoirí bunscoile san obair pháirce

### 4.3.1 Cúlra

D'eagraigh COGG naoi gcruinniú sna Gaeltachtaí i mí na Bealtaine 2019. Bhí na cruinnithe sin mar chuid de thacaíocht níos leithne a chuireann COGG ar fáil do scoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Tugadh cuireadh don taighdeoir cur i láthair a dhéanamh ar naisc fhéideartha idir bunscoileanna agus naíonraí ag na cruinnithe seo. D'fhreastail ionadaithe ó 105 bunscoil ar cheann de na cruinnithe sin. Mhínigh an cur i láthair aidhm an taighde i gcomhthéacs an mholadh sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

(ROS, 2016: 42) go mbunóidh bunscoileanna naisc le naíonraí áitiúla mar chuid den phróiseas chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a ghnothú.

Rinne an Roinn Oideachais agus COGG iarracht a chinntiú go mbeadh ionchur ag príomhoidí agus múinteoirí na Gaeltachta, chomh maith le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear baill den Choiste Comhairleach um Polasaí don Oideachas Gaeltachta, sa taighde seo. Bhí sé i gceist go dtabharfaí aitheantas do dhea-chleachtas a bhí ann cheana féin agus go spreagfaí plé ar na téamaí agus na ceisteanna seo thíos:

- *Na foirmeacha aistrithe*: Maidir le *Nasc leis an mBunscoil* (Comhar Naíonraí na Gaeltachta), *Foirm Aistrithe* (Altram) agus *Mo Scéal* (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta)**:** Cad a cheap na príomhoidí agus na múinteoirí faoi na foirmeacha aistrithe éagsúla seo? Ar ghá níos mó eolais a bhailiú faoi leibhéal Gaeilge na leanaí ar na foirmeacha aistrithe sin?
- *Foireann na scoile:* Cén ról a bheadh ag na príomhoidí, na múinteoirí, na múinteoirí tacaíochta don Ghaeilge agus na cúntóirí teanga[4] i bpróiseas aistrithe ón naíonra go dtí an bhunscoil?
- *Na páistí:* Conas a d'fhéadfadh an próiseas aistrithe cabhrú leis na leanaí cur lena gcumas sa Ghaeilge?
- *Na tuismitheoirí/caomhnóirí:* Conas a d'fhéadfaí cabhrú leis na tuismitheoirí a dtuiscint ar thábhacht na Gaeilge a láidriú agus na leanaí ag aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil?
- *Samplaí comhoibrithe eile*: Cén saghas comhoibrithe eile a raibh ag éirí go maith leo?

Bhí plé oscailte ann agus iarradh ar na rannpháirtithe ceistneoir a líonadh chomh maith. Tugadh cead an plé a thaifeadadh. Rinneadh sintéis ar na sonraí ó na cruinnithe leis na príomhoidí agus na múinteoirí bunscoile faoi na téamaí thuas agus tá achoimre ar an tsintéis sna rannáin seo a leanas.

### 4.3.2 Na foirmeacha aistrithe: *Nasc leis an mBunscoil*

Cheap na freagróirí go raibh an fhoirm *Nasc leis an mBunscoil* (Comhar Naíonraí na Gaeltachta) leagtha amach go han-soiléir agus gur thug sé go leor eolais faoin leanbh do mhúinteoirí na naíonán. Dúirt roinnt daoine gur thug sé deis dóibh an t-eolas a phlé ó bhéal leis na hoideoirí luathbhlianta sna naíonraí.

Mheas cuid de na freagróirí, áfach, nach raibh sé soiléir gurb í an Ghaeilge an teanga a bhí i gceist ar an bhfoirm agus nár mhiste é seo a shoiléiriú ar an bhfoirm agus ceisteanna a chur faoi chumas na leanaí sa dá theanga. Cheap cuid acu go raibh an scála cumais róchúng agus go mba dheacair a thuiscint cad a bhí i gceist leis an bhfrása 'fós ag forbairt'

[4] Tá Scéim na gCúntóirí Teanga maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

### 4.3.3 Na foirmeacha aistrithe: *Mo Scéal*

Is foirm aistrithe í an fhoirm *Mo Scéal* a forbraíodh le déanaí (CNCM 2018). Bhí cur amach ag roinnt freagróirí ar an bhfoirm, ach iad na daoine a bhí páirteach sa scéim phíolótach CNCM amháin a bhí tar éis triail a bhaint aisti. Cheap roinnt daoine go raibh an fhoirm seo níos cabhraí ná *Nasc leis an mBunscoil* toisc go raibh níos mó eolais ann. Mheas daoine "go raibh pictiúr níos leithne d'fhorbairt an linbh ann ach nach raibh sé dírithe ar an réimse iomlán scileanna cumarsáide i nGaeilge agus i mBéarla". "Tá an scála ábaltachta níos leithne sa cheann seo is tugann sé pictiúr níos leithne duit den pháiste," arsa príomhoide amháin. Ceapadh go mbeadh sé ina áis an-úsáideach don mhúinteoir do mhúineadh na Gaeilge.

Ceapadh go raibh gá le níos mó eolais faoi leibhéal Gaeilge na leanaí arbh é an Béarla teanga an teaghlaigh. Níl aon rud luaite san fhoirm faoi líofacht an pháiste nó faoin teanga bhaile atá aige/aici. Cheap roinnt freagróirí go raibh an iomarca eolais á lorg san fhoirm seo agus go raibh sé róchasta. Cheap siad go raibh an iomarca oibre ann do na hoideoirí luathbhlianta sna naíonraí agus go raibh an foclóir róchasta. Ceapadh go mbeadh gá le hoiliúint a chur ar fáil do na hoideoirí luathbhlianta sna naíonraí chun é a líonadh amach. Cheapthas go mbeadh meascán den dá fhoirm go maith. Is léiriú é an liosta seo a leanas, a sholáthair freagróir amháin, ar go leor den eolas a aithníodh sa taighde a bheith úsáideach i gcomhthéacs an naíonra:

1. Cumas teanga na Gaeilge agus muinín sa teanga
2. Cumas meascadh le gasúir eile agus muinín iontu féin
3. Caidreamh le daoine go ginearálta
4. Cumas rialacha agus treoracha a leanúint
5. An bhfuil siad go maith ag éisteacht?
6. Tréithe an ghasúir a aithint
7. Láidreachtaí agus spéiseanna na ndaltaí
8. An bhfuil siad go maith ag obair i ngrúpaí agus leo féin?
9. Aon riachtanais atá acu

Dúirt freagróir amháin go mba chóir eolas faoi leibhéal stór focal Gaeilge an pháiste a fháil ón naíonra.

Thuairiscigh freagróir eile go raibh an t-eolas seo a leanas faoi chúlra teanga an teaghlaigh san áireamh ar an bhfoirm iontrála scoile agus dúradh go raibh sé seo cabhrach.

| Gaeilge | An Páiste | An tAthair | An Mháthair |
|---|---|---|---|
| Cainteoir dúchais/native speaker | | | |
| Gaeilge mhaith/Good Irish | | | |
| Ar bheagán Gaeilge/ Some Irish | | | |
| Tuiscint/Understanding | | | |
| Gan Ghaeilge/No Irish | | | |

### 4.3.4 Ról fhoireann na scoile: an príomhoide, múinteoir na naíonán, an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus an cúntóir teanga

*Cuairt ar an scoil:* Cheap na freagróirí go raibh ról fíorthábhachtach ag gach páirtí – ach go háirithe ag múinteoir na naíonán. Moladh go gcuirfeadh an príomhoide, múinteoir na naíonán, an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus an cúntóir teanga iad féin in aithne do na leanaí agus iad ar cuairt sa scoil. Bhí daoine eile a cheap go raibh ról an-láidir ag múinteoir na naíonán agus an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge sa chomhthéacs sin.

*Cuairt ar an naíonra:* Mhol duine de na freagróirí go rachadh an príomhoide ar cuairt go rialta chuig an naíonra. Cheap duine eile go bhféadfadh múinteoir na naíonán cuairt a thabhairt ar an naíonra cúpla uair agus scéal a léamh do na leanaí. Thabharfadh sé seo deis dó/di aithne a chur ar na leanaí. Luaigh duine eile go mbeadh infheistíocht ama i gceist chun cuairteanna a thabhairt ar an naíonra, agus cuireadh an cheist "Cá bhfaighidh na baill foirne an t-am?"

Mhol na freagróirí cleachtas na scoileanna *laethanta oscailte* a reáchtáil ina dtugann na páistí ón naíonra agus a dtuismitheoirí cuairt ar an scoil le haghaidh Dráma na Nollag, an Lá Spóirt agus ócáidí eile. Bhraith cuid acu gur chóir go mbeadh deis ag oideoir luathbhlianta an naíonra bualadh leis na páistí ón naíonra agus labhairt leo tar éis dóibh aistriú go dtí an scoil ag ócáidí mar sin.

Ceapadh go bhféadfadh ról níos láidre a bheith ag an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge, ag brath ar riachtanais na bpáistí, agus go bhféadfaí tacaíocht bhreise a chur ar fáil do pháistí i ngrúpaí beaga cúpla uair sa tseachtain. Dúradh go bhfreastalaíonn an t-oideoir luathbhlianta naíonra i roinnt scoileanna ar chruinniú leis an bpríomhoide agus le múinteoir na naíonán i mí na Bealtaine/mí an Mheithimh nó ag tús na scoilbhliana.

Ceapadh go gcabhródh breis teagmhála idir an naíonra agus an bhunscoil le tuiscint ar an tumoideachas a láidriú agus níos mó eolais a fháil faoi na rainn agus dánta a bhí déanta sa naíonra chun tógáil orthu sa bhunscoil.

#### 4.3.5 Tacaíocht a thabhairt do leanúnachas foghlama do leanaí i gcomhthéacs an tumoideachais

Go ginearálta, léirigh ionadaithe ó na scoileanna go gcabhródh teagmháil bhreise idir an naíonra agus an bhunscoil leis na páistí a thuiscint gurb í an Ghaeilge teanga na scoile. Leagadh béim ar an tábhacht a bhain le hoiliúint ar na hoideoirí luathbhlianta sna naíonraí agus ar thábhacht churaclam na luath-bhlianta. Leagadh béim freisin ar an ngá atá le múinteoirí dul i dteagmháil le hoideoirí luathbhlianta na naíonraí chun leanúnachas i bhfoghlaim na bpáistí a chothú, ionas go mbeadh siad ar an eolas faoi na rainn agus na hamhráin atá foghlamtha ag na páistí. Dúirt príomhoide amháin:

> *"Bheadh sé go maith dá mbeadh liosta ag an scoil de na heiseamláirí Gaeilge atá sealbhaithe ag na páistí sa naíonra sa dóigh is go dtiocfaidh leis an scoil athneartú a dhéanamh air seo agus tógáil air. Má tá bunchloch déanta sa naíonra agus eolas ag an scoil faoi, bíonn sé ina cuidiú ag an scoil pleanáil don pháiste."*

Cuireann scoil amháin ceistneoir chuig an naíonra faoi na rainn agus na dánta atá ar eolas ag na páistí. Tá sé i gceist go gcabhródh sé seo le leanúnachas san fhoghlaim a chinntiú.

Luadh tábhacht eolas a bhailiú ar chumas Gaeilge na bpáistí sular fhreastail siad ar an naíonra. Bhí páistí ag teacht isteach sa scoil ó naíonraí Gaeilge agus ó shuíomhanna luathfhoghlama Béarla agus bhí taithí éagsúil acu ar úsáid na Gaeilge. Cheap roinnt príomhoidí go raibh an scéal ag dul i bhfeabhas ó thaobh na Gaeilge de i roinnt suíomhanna luathfhoghlama Béarla. Tugadh chun suntais go raibh gá le muinín agus tuiscint an pháiste a fhorbairt gur áit í an scoil ina labhraítear agus ina n-úsáidtear an Ghaeilge. Feicfidh na páistí ansin go bhfuil an Ghaeilge á labhairt go nádúrtha sa scoil, fiú mura bhfuil sin amhlaidh sa phobal.

Cheap roinnt daoine go mbeadh sé an-mhaith dá mbeadh an naíonra agus an bhunscoil ar an láthair chéanna mar go gcothódh sé sin breis teagmhála. Bhí freagróirí eile den tuairim go raibh gá le campaí samhraidh sna naíonraí do na páistí seo chun cur lena gcumas sa Ghaeilge mar gur minic nach gcloiseann siad Gaeilge i mí Iúil ná i mí Lúnasa. Cabhraíonn na foirmeacha aistrithe leis an mbunscoil na riachtanais seo a aithint.

#### 4.3.6 Na tuismitheoirí/caomhnóirí: Conas a d'fhéadfaí cabhrú leis na tuismitheoirí a dtuiscint ar thábhacht na Gaeilge a láidriú nuair atá na páistí ag aistriú ón naíonra go dtí an scoil?

Moladh go bhféadfaí tábhacht na Gaeilge a mhíniú do na tuismitheoirí ag cruinniú sula dtosaíonn na páistí ar scoil, agus go bhféadfaí fiúntas na Gaeilge a phlé leo maidir le hoideachas a bpáistí, na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas ach go háirithe. B'fhiú cuireadh a thabhairt do shaineolaí teanga teacht isteach le labhairt leis na tuismitheoirí faoin tábhacht a bhaineann leis an dátheangachas, dar le roinnt múinteoirí. Bhí moladh ann freisin go bhféadfaí cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí.

Chun tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas ag cruinniú mar seo, bhí moladh ann go gcuideodh sé dá mbeadh airgead ann chun tae/caifé a chur ar fáil chun ócáid shóisialta a dhéanamh di.

Mhol freagróir amháin go gcuirfí an deontas do labhairt na Gaeilge a cuireadh ar fáil tamall ó shin ar fáil arís. Moladh teagmháil agus cumarsáid rialta a bheith idir an bhunscoil agus na tuismitheoirí agus go n-eiseofar nuachtlitreacha le bunfhoclóir a bhaineann le saol na scoile chuig tuismitheoirí.

Cheap daoine eile go bhféadfaí leabhar frásaí a thabhairt do thuismitheoirí agus liosta rann/dánta a bheadh á bhfoghlaim ag na páistí. Dúirt múinteoir amháin go mbeadh sé cabhrach dá n-eiseofaí pacáiste Gaeilge do thuismitheoirí chun tábhacht na Gaeilge a mhíniú agus chun na tuismitheoirí a spreagadh chun labhairt lena bpáistí agus tacú leo an teanga a úsáid. Moladh go dtosófaí ag míniú thábhacht na Gaeilge do thuismitheoirí nuair a bhíonn na páistí an-óg, sula dtosaíonn siad ar an naíonra fiú, agus go spreagfaí tuismitheoirí chun níos mó Gaeilge a úsáid sa bhaile ar mhaithe lena bpáiste féin.

### 4.3.7 Comhoibriú eile

Bíonn meascán de theagmháil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar siúl idir bunscoileanna Gaeltachta agus naíonraí. Bíonn teagmháil ag roinnt bunscoileanna Gaeltachta le naíonra chun líon na ndaltaí don scoilbhliain nua a phlé nó chun eolas faoi pháistí ag a bhfuil riachtanais bhreise acu a fháil. Tagann roinnt oideoirí luathbhlianta sa naíonra ar cuairt chuig an mbunscoil chun bualadh leis an bpríomhoide agus le múinteoir na naíonán. I gcásanna eile, téann an príomhoide nó an múinteoir ar cuairt chuig an naíonra go rialta i rith na bliana chun aithne a chur ar na páistí. Tugann a lán scoileanna cuireadh do na naíonraí teacht chuig Dráma na Nollag nó Lá Spórt. Tagann na páistí isteach sa scoil i mí an Mheithimh do lá oscailte. Bíonn fáilte roimh roinnt naíonraí áiseanna na scoile a úsáid, an halla, mar shampla.

Bíonn teagmháil neamhfhoirmeálta ann chomh maith, mar shampla, ag labhairt leis na hoideoirí luathbhlianta sna naíonraí sa chlós nó ag bualadh leo ar ócáidí éagsúla. Bíonn plé ó bhéal an-úsáideach ann freisin ar fhoghlaim na bpáistí chomh maith le faisnéis a roinnt ar na foirmeacha aistrithe.

Dúirt scoileanna Gaeltachta eile gur beag teagmháil a bhíonn acu leis na naíonraí áitiúla. Níl naíonra suite in aice le gach bunscoil i limistéir Ghaeltachta.

### 4.3.8 Moltaí eile

Mhol na múinteoirí scoile go mbeadh ceangail ag na scoileanna Gaeltachta agus na naíonraí le coiste pleanála teanga an cheantair. Cheap príomhoide amháin go mba chóir go

síneodh na tuismitheoirí conradh leis an scoil, chun tacaíocht a thabhairt dá bpáiste an Ghaeilge a chur chun cinn. Cheap duine eile go mba chóir ról na gcúntóirí teanga a threisiú agus go mba chóir iad a fhostú faoi shainchúram na Roinne Oideachais.

### 4.3.9 Achoimre agus impleachtaí

Tugtar achoimre sa chuid seo den tuarascáil ar na moltaí ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí ar théamaí ábhartha.

**Na foirmeacha aistrithe *Nasc leis an mBunscoil* agus *Mo Scéal***

Cheap na rannpháirtithe sna scoileanna go raibh buntáistí éagsúla ag an dá fhoirm aistrithe ach go mba ghá eolas faoi chumas na bpáistí sa Ghaeilge a bhailiú go sonrach.

**Foireann na scoile**

Bhraith na freagróirí go raibh ról an-tábhachtach ag an oideoir luathbhlianta sa naíonra, ag an bpríomhoide, ag múinteoir na naíonán, ag an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus ag an gcúntóir teanga maidir leis na páistí a bhí ag tosú ar scoil. De réir na bhfreagróirí bunscoile:

- Bheadh sé ina chuidiú do na páistí agus d'fhoireann an naíonra cuairt a thabhairt ar an scoil le haghaidh gníomhaíochtaí ar nós éisteacht le scéalta nó cluichí Gaeilge a imirt sa halla in éineacht le múinteoir na naíonán, an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus an cúntóir teanga.
- Bheadh sé ina chuidiú d'fhoireann na scoile cuairt a thabhairt ar an naíonra chun bualadh leis na páistí sa suíomh sin. Ba chóir na cuairteanna a eagrú ar bhonn cuiridh.
- Ba chabhair don scoil dá roinnfeadh na hoideoirí luathbhlianta sa naíonra na rainn, na hamhráin agus na dánta a bhí ar eolas ag na páistí leo chun go bhféadfaidís tógáil ar an obair sin.

**Na páistí**

Leag múinteoirí scoile béim ar an tábhacht a bhaineann le luath-shealbhú agus le saibhriú na Gaeilge ar mhaithe leis an bpáiste agus mhol siad go gcothófaí úsáid na Gaeilge ag teaghlaigh agus ag gach suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige i gceantair Ghaeltachta. Dúirt na múinteoirí go gcabhródh sé leis na páistí dá gcuirfí ar a gcumas a thuiscint gur suíomhanna oideachasúla iad an scoil agus an naíonra ina labhraítear agus ina n-úsáidtear an Ghaeilge. Tugadh chun suntais freisin gur chóir iad a mholadh as gach iarracht a dhéantar i labhairt na Gaeilge ag cibé leibhéal ina bhfuil siad, agus muinín na bpáistí mar fhoghlaimeoirí óga teanga a chothú.

**Tuismitheoirí/caomhnóirí**

Mhol freagróirí bunscoile:

- Ba chóir tábhacht na Gaeilge a mhíniú do na tuismitheoirí ag cruinnithe agus ag aon ócáidí eile
- Ba chóir na buntáistí a bhaineann le sealbhú agus saibhriú na Gaeilge ag aois óg a chur ar a súile agus léiriú a thabhairt ar na buntáistí dearfacha a bhaineann leis an tumoideachas mar mheán foghlama.
- Ba chóir an ríthábhacht a bhaineann le dearcadh agus meon dearfach a bheith ag tuismitheoirí i leith na Gaeilge agus i leith an tumoideachais a bhéimniú.
- Ba chóir cabhrú leis na tuismitheoirí feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge trí chúrsaí gearra a chur ar bun, pacáiste eolais faoin scoil a thabhairt dóibh agus bileoga/leabhrán le focail agus téarmaíocht Ghaeilge a bhaineann le saol na scoile a thabhairt dóibh.
- Ba chóir cumarsáid rialta a dhéanamh leo ar na meáin shóisialta agus ar ríomhphoist chun iad a chur ar an eolas faoi imeachtaí na scoile.

**Samplaí comhoibrithe eile**

Mhol freagróirí bunscoile:

- Ba chóir na deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a úsáid chun naisc a chothú idir na bunscoileanna agus na naíonraí.
- Ba chóir don scoil cuireadh a thabhairt don naíonra teacht go dtí imeachtaí sa scoil, leithéidí dhrámaí na Nollag, cheolchoirmeacha agus laethanta spórt.

## 4.4 Agallaimh le Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Tuismitheoirí na Gaeltachta

Rinneadh agallaimh le hionadaithe ón dá eagraíocht tacaíochta atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht: Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Tuismitheoirí na Gaeltachta. Tá an dá eagraíocht seo maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Údarás na Gaeltachta. Socraíodh agallaimh le hionadaithe ón dá ghrúpa faoi seach ag am agus ionad a d'oir dóibh. Cuireadh ceisteanna chucu roimh ré agus tugadh cead na hagallaimh a thaifeadadh.

### 4.4.1 Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Bhuail an taighdeoir le beirt ionadaithe ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta ar an 5 Márta 2019 i gceannáras CNNG ar an gCeathrú Rua. Cuireadh liosta ceisteanna le plé chuig na hionadaithe roimh an gcruinniú agus tá achoimre ar an bplé seo thíos:

- *Na Naíonraí Gaeltachta* - an staid faoi láthair
- *Nasc leis an mBunscoil:* Conas atá ag éirí leis an bhfoirm aistrithe seo?
- *Mo Scéal*: Cén rannpháirtíocht ag bhí ag CNNG i dtionscnamh CNCM agus cad a cheap siad faoi na foirmeacha aistrithe agus aon mholtaí?

- *Eolas faoi leibhéal Gaeilge na leanaí*: Cén t-eolas atá á bhailiú faoi láthair agus cad a bheadh inghlactha agus úsáideach?
- *Aon eolas ábhartha eile*?

**An staid faoi láthair**

Tá 118 seirbhísí foghlama agus cúraim na luath-óige faoi choimirce CNNG, lena n-áirítear seirbhísí foghlama agus cúraim na luath-óige agus seirbhísí chúram leanaí aois scoile agus i measc na seirbhísí sin tá 66 naíonra sna Gaeltachtaí éagsúla. Tá oifigigh forbartha teanga ceaptha ag CNNG chun cúnamh agus tacaíocht teanga a chur ar fáil sna seirbhísí a bhfuil an tseirbhís sin ag teastáil uatha.

**An Fhoirm Aistrithe *Nasc leis an mBunscoil***

Tá an fhoirm aistrithe *Nasc leis an mBunscoil* in úsáid ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta ó forbraíodh an fhoirm in 2013. Líonann na hoideoirí luathbhlianta an fhoirm eolais faoin bpáiste, taispeántar don tuismitheoir í agus le cead na dtuismitheoirí, cuirtear ar aghaidh chuig an mbunscoil í. Ní thugann gach tuismitheoir cead an fhoirm a chur chuig an mbunscoil.

Pléann an t-oideoir luathbhlianta sa naíonra an fhoirm aistrithe le múinteoir na naíonán sóisearach. Téann na páistí lena dtuismitheoirí ar cuairt chuig an mbunscoil ar an lá oscailte, pé lá a shocraíonn na bunscoileanna éagsúla. Is minic a bheadh páistí ó naíonra amháin ag dul chuig dhá nó trí scoil éagsúla, agus uaireanta, chuig cúig scoil. Ciallaíonn sé seo go mbíonn ar an oideoir luathbhlianta sa naíonra freastal ar chruinnithe sna scoileanna éagsúla. De réir eolais a bhailigh Comhar Naíonraí na Gaeltachta:

- líon 77% de na naíonraí na foirmeacha aistrithe in 2013/14
- líon 75% na foirmeacha in 2014/15
- líon 44% na foirmeacha in 2015/16
- líon 51% na foirmeacha in 2016/17.

Thug na hoideoirí luathbhlianta cúiseanna éagsúla nach raibh na foirmeacha aistrithe comhlánaithe i gcónaí. Dúirt cuid acu go raibh an iomarca oibre agus páipéarachais i gceist. Dúradh freisin nár fhreagair roinnt de na bunscoileanna Gaeltachta an teagmháil a rinneadh agus thug cuid eile le fios nach raibh suim acu sna foirmeacha.

I gcásanna áirithe, buaileann oideoir luathbhlianta an naíonra le múinteoir na naíonán sa bhunscoil agus faigheann sí/sé aischothú faoin eolas a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm. Léirigh na freagróirí nach bhfaigheann formhór na n-oideoirí luathbhlianta aon aiseolas foirmiúil ar an gcaoi ar chabhraigh an t-eolas le múinteoir na naíonán agus leis an bpáiste atá ag tosú ar scoil.

### *Mo Scéal* agus nasc leis an mbunscoil

Cuireadh in iúl le linn an taighde go raibh CNNG ag déanamh athbhreithnithe ar úsáid a bhaint as foirmeacha aistrithe *Mo Scéal* (CNCM) sna suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim. Bhí rannpháirtíocht láidir ag oifigeach forbartha agus beirt chleachtóirí naíonra sa scéim phíolótach aistrithe a bhí á heagrú ag CNCM agus bhí ionchur acu sa phlé faoi na foirmeacha aistrithe agus gnéithe eile den scéim phíolótach seo. Bíonn clár leathan gníomhaíochtaí ar siúl sna naíonraí agus cé nach gcuireann naíonraí fócas ar ullmhú foirmiúil don scoil, cuireann an CNCM comhairle ar fáil maidir le tabhairt faoi go leor ullmhúcháin neamhfhoirmiúil, i bhfoirm cainte agus plé, agus ag insint scéalta faoi dhul ar scoil.

### Eolas faoi leibhéal Gaeilge na bpáistí

Pléadh an saghas eolais a d’fhéadfadh na naíonraí a chur ar aghaidh chuig na bunscoileanna faoi leibhéal Gaeilge na bpáistí. Níor cheap freagróirí CNNG go mbeadh sé inghlactha go gcuirfí ceist ar na hoideoirí luathbhlianta sna naíonraí eolas a thabhairt do bhunscoileanna faoi chúlra teanga baile na bpáistí toisc go bhféadfadh míthuiscintí a bheith ann faoi seo idir tuismitheoirí agus oideoirí luathbhlianta sna naíonraí. Mheas siad gurbh fhearr an cheist sin a chur ar na tuismitheoirí amháin. Bíonn eolas le tabhairt san fhoirm *Nasc leis an mBunscoil* faoi theanga agus scileanna cumarsáide an pháiste ach ní luaitear aon teanga faoi leith.

### Leanúnachas sa chaidreamh idir na hoideoirí luathbhlianta agus múinteoirí naíonáin shóisearacha

Luadh gur minic go dtagann múinteoir amháin isteach in áit múinteoir eile sna naíonáin shóisearacha sna bunscoileanna, nó nach n-ainmnítear an múinteoir a bheidh ag glacadh an ranga sin go dtí deireadh an tsamhraidh. Fágann sin gur minic go mbíonn ar chleachtóir an naíonra aithne a chur ar mhúinteoir nua na naíonán sóisearach agus tosú ar chaidreamh nua a bhunú léi. Is pointe teagmhála níos buaine é an príomhoide, ach de ghnáth ní mhúineann an príomhoide ranganna na naíonán. De réir CNNG, tá sé an-tábhachtach go mbuailfeadh na páistí leis an múinteoir nua roimh bhriseadh an tsamhraidh.

### Achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí a d'eascair as an agallamh le Comhar Naíonraí na Gaeltachta

- Ba chóir tionscnamh CNNG a aithint as an bhfoirm aistrithe *Nasc leis an mBunscoil* a fhorbairt agus agus ba chóir leanúint de thacaíocht a thabhairt don eagraíocht sna hiarrachtaí atá ar bun acu chun na naisc idir na naíonraí agus bunscoileanna a leathnú.

- Ba chóir tacú leis na hiarrachtaí ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta chun úsáid na Gaeilge a leathnú sna suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim atá ag feidhmiú trí Bhéarla, ar mhaithe le bunús sa Ghaeilge a thabhairt do na páistí.
- Tá foirmeacha aistrithe éagsúla ar fáil anois agus ba chóir machnamh a dhéanamh ar eolas a iarraidh/a bhailiú ar chumas Gaeilge an pháiste. Chuige sin bheadh sé ina chabhair dá mbeadh mír san áireamh ar an bhfoirm aistrithe, le comhlánú ag an tuismitheoir, ar chumas Gaeilge an pháiste.
- Ba chóir go gcuirfeadh an múinteoir bunscoile agus oideoir luathbhlianta an naíonra aithne ghairmiúil ar a chéile, go háirithe nuair a bhíonn duine nua i gceachtar den dá phost.

### 4.4.2 Agallamh le Tuismitheoirí na Gaeltachta (TnaG)

Bhuail an taighdeoir leis na hionadaithe ó Thuismitheoirí na Gaeltachta i nGaillimh i lár mhí an Mheithimh, 2019. Cuireadh liosta de na ceisteanna thíos chuig ionadaithe TnaG roimh an gcruinniú:

- Cén saghas naisc idir naíonraí agus bunscoileanna a mholann Tuismitheoirí na Gaeltachta?
- Cén saghas cumarsáide a bheadh inmholta idir an bhunscoil agus na tuismitheoirí?
- Cén tacaíocht a bheadh inmholta do theaghlaigh ar cainteoirí dúchais iad, do theaghlaigh le cúlraí éagsúla teanga agus do theaghlaigh le páistí le riachtanais oideachais bhreise?
- Cén saghas eolais faoi Ghaeilge na bpáistí a bheadh inmholta ar na foirmeacha aistrithe? (*Nasc leis an mBunscoil* agus *Mo Scéal*)
- Ar mhaith le tuismitheoirí moltaí a fháil faoi ghníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh sa bhaile leis na páistí?
- Aon mholtaí eile ag Tuismitheoirí na Gaeltachta?

**Cén saghas naisc a mholann Tuismitheoirí na Gaeltachta idir naíonraí agus bunscoileanna?**

Is iad na réimsí a luaigh na hionadaithe a cuireadh faoi agallamh ná cuirí, cuairteanna agus cruinnithe chun an nasc idir an naíonra agus an bhunscoil a bhunú. Léiríodh an tuairim go bhféadfadh an scoil cuireadh a thabhairt don naíonra chuig an Lá Spórt sa scoil nó chuig Dráma na Nollag, agus d'fhéadfadh páistí ó rang a sé teacht ar cuairt chuig an naíonra. D'fhéadfadh oideoir luathbhlianta sa naíonra na páistí a thabhairt chun cuairt a thabhairt ar an mbunscoil chun dea-chaidreamh a chothú. Thaitin sé leis na daltaí nuair a tháinig an t-oideoir luathbhlianta sa naíonra ar cuairt chuig an mbunscoil áirithe in éineacht leis na leanaí nua agus thaitin sé go mór leis na daltaí sa scoil oideoir luathbhlianta an naíonra a fheiceáil arís.

De réir TnaG, ba chóir go gcuirfí in iúl do na tuismitheoirí go bhfuil an-fháilte rompu sa scoil ar oíche an chruinnithe agus am ar bith ina dhiaidh sin. B'fhéidir nach bhfuil a fhios ag roinnt tuismitheoirí nua go bhfuil fáilte rompu freastal ar imeachtaí scoile áirithe agus is gá a bheith soiléir faoi na nithe seo. Ní hionann an cás do theaghlaigh ina bhfuil a gcéad leanbh ag tosú ar scoil agus agus do theaghlaigh le leanaí eile sa scoil cheana féin. Is gá bunfhaisnéis a chur ar fáil maidir le saincheisteanna bunúsacha - an clár ama, an lón, na héadaí scoile agus an cur chuige *Aistear,* mar shampla. Ba chóir an tumoideachas a chur i láthair i gcomhthéacs dearfach, agus na buntáistí agus na cuir chuige teagaisc agus foghlama a mhíniú go dearfach. Ní mór treoir a lorg ón scoil maidir leis an bpolasaí tumoideachais agus ábhair phraiticiúla ábhartha eile a bhaineann le saol laethúil na scoile, dála cúrsaí athchúrsála agus feasacht comhshaoil.

De réir TnaG, sna cásanna ina mbíonn naíonraí suite ar an láthair chéanna leis an mbunscoil, bíonn buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis lena n-áirítear éascaíocht theagmhála, taithí agus eolas na bpáistí ar an suíomh, agus aistriú níos éasca ón naíonra go dtí an bhunscoil. Ní mór a bheith san airdeall ag an am céanna, áfach, gan cur chuige níos foirmeálta na scoile a chur i bhfeidhm ar an naíonra agus gan an naíonra a iompú ina scoil bheag. Cuirtear béim láidir ar fhorbairt scileanna sóisialaithe sa naíonra, agus ar conas idirghníomhú le leanaí eile agus conas déileáil le caidrimh agus coimhlint.Tá ról agus béim éagsúil ag an dá earnáil agus tá baol ann go gcaillfí é sin dá mbeadh siad ar an láthair chéanna. De réir TnaG, is gá ról an naíonra a mhíniú do thuismitheoirí.

**Cén saghas cumarsáide a bheadh inmholta idir an bhunscoil agus tuismitheoirí?**

Cheap ionadaithe TnaG go raibh an chumarsáid níos fearr nuair a bhíonn deiseanna ag tuismitheoirí labhairt go pearsanta leis an múinteoir nó leis an bpríomhoide. Bíonn roinnt príomhoidí ina seasamh ag doras na scoile ar maidin ag cur fáilte roimh na daltaí agus ag cur aithne orthu. Braitheann na daltaí go bhfuil siad lárnach sa scoil nuair a chuireann an príomhoide fáilte rompu. Bíonn córas téacsála i bhfeidhm ag roinnt scoileanna, cuireann siad téacs chuig na tuismitheoirí uair sa tseachtain le meabhrúcháin faoin rang nó faoin scoil. Roinntear eolas ar an mbonn seo agus cothaíonn sé sin dea-chaidreamh.

**Cén tacaíocht a bheadh inmholta do theaghlaigh ar cainteoirí dúchais iad, do theaghlaigh a bhfuil cúlraí teanga éagsúla acu agus do theaghlaigh a bhfuil páistí acu ag a bhfuil riachtanais bhreise oideachais?**

Is mó an cúnamh é an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* chun tacú le teaghlaigh le Gaeilge, agus cé go bhfuil forbairt fós le déanamh, tá cúrsaí ag dul i bhfeabhas. Tá tuiscint níos forleithne ann anois go bhfuil gá ag na cainteoirí dúchais le

tacaíocht chun forbairt a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge. Saibhriú teanga atá i gceist do na cainteoirí dúchais Gaeilge. D'fhéadfaí béim a chur ar an scéalaíocht, ar shaibhreas cainte agus ar mheititheanga. Tá *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* agus *Curaclam Teanga na Bunscoile* ag tacú leis sin.

Tá cúnamh á thabhairt ag an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus ag na cúntóirí teanga do na cainteoirí dúchais agus do na páistí atá ag foghlaim na teanga. Luadh go raibh daoine nua ag teacht isteach i gceantair Ghaeltachta áirithe agus go labhraíonn daoine sa phobal as Béarla leo. Ba ghá an tuiscint a fhorbairt i measc tuismitheoirí gur fiú dóibh mar thuismitheoirí, an Ghaeilge a fhoghlaim ar mhaithe le scileanna teanga a bpáistí a fhorbairt. Is é dearcadh TnaG gur gá do dhaoine a thuiscint gurb í an Ghaeilge teanga an phobail agus go n-úsáidtear í i ngach aon áit.

Luaigh TnaG go raibh feabhas mór ar chúrsaí tacaíochta sna scoileanna mar tá níos mó seirbhísí Gaeilge ar fáil anois, go háirithe ó thaobh cúrsaí urlabhra agus teanga de. Dúradh go bhfuil teiripeoirí teanga le Gaeilge ag obair i gConamara anois. Dúradh freisin go dtugann cúntóirí riachtanais speisialta le Gaeilge tacaíocht bhreise do dhaltaí sna scoileanna Gaeltachta.

Cé go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh ag príomhoidí bunscoile teagmháil á déanamh le tuismitheoirí i dtaobh na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, mheas TnaG gur ghá an luath-thumoideachas, na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an dátheangachas a mhíniú go soiléir do na tuismitheoirí ag cruinniú na dtuismitheoirí. De réir TnaG, bíonn imní ar roinnt tuismitheoirí faoi shealbhú an Bhéarla sa chóras tumoideachais sa bhunscoil. Is gá a mhíniú dóibh go bhfuil a bpáistí ag sealbhú na Gaeilge agus go mbeidh siad in ann an fhoghlaim seo a aistriú chuig an mBéarla amach anseo. Tá sé seo an-tábhachtach sna scoileanna atá ar imeall na Gaeltachta, dar le TnaG. Is gá an taobh dearfach a léiriú agus tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas go mbeidh Béarla breá ag na páistí nuair a aistreoidh siad na scileanna atá sealbhaithe acu sa Ghaeilge go dtí an Béarla.

### Cén saghas eolais faoin nGaeilge a bheadh inmholta le bailiú ar na foirmeacha aistrithe? (*Nasc leis an mBunscoil* agus *Mo Scéal*)

De réir TnaG, bhí na foirmeacha aistrithe ag *Mo Scéal* an-mhaith toisc gur thug siad pictiúr iomlán den pháiste, ach ní raibh sé soiléir go rabhthas ag tagairt don Ghaeilge faoin gceannteideal 'Cumarsáid'. Bhí TnaG den tuairim gur chóir go mbeadh soiléiriú ann faoin teanga atá i gceist. Bhí an scála de scileanna na bpáistí (ceithre phointe) níos leithne ná an

ceann *Nasc leis an mBunscoil* (dhá phointe) agus thug sé seo pictiúr níos iomláine de chumas an pháiste.
Léiríodh go raibh an fhoirm aistrithe *Nasc leis an mBunscoil* a bhí in úsaid ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta cabhrach, ach go raibh gá lena chinntiú go raibh an Ghaeilge luaite go sonrach.

Bhraith TnaG go raibh sé tábhachtach go gcuirfí ceist ar thuismitheoirí faoi chumas na bpáistí agus a dtuismitheoirí sa Ghaeilge. B'fhearr leo é seo seachas ceist faoi theanga bhaile na bpáistí. Cheap siad go mbeadh tuismitheoirí sásta eolas faoin bpáiste agus faoina gcuid spéiseanna agus láidreachtaí a thabhairt ar an bhfoirm.

Ag an am céanna, níor mhaith le TnaG go mbeadh lipéadú á dhéanamh ar pháistí agus iad an-óg. Measadh go raibh sé tábhachtach go ndéanfaí coinníoll nach gcuirfí na foirmeacha ar aghaidh chuig an scoil gan cead na dtuismitheoirí. Tá tuismitheoirí ann nach mian leo gach píosa eolais a roinnt leis an scoil. Ceapadh go raibh an iomarca béime ar pháipéarachas seachas ar chaidreamh a fhorbairt le páistí.

### An bhfuil ról faoi leith ag an múinteoir naíonra, an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus an príomhoide sa phróiseas aistrithe?

De réir TnaG, tá ról an-tábhachtach ag gach pearsanra sa suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige agus sa scoil sa phróiseas aistrithe. Tá ról tábhachtach acu freisin i saibhriú na Gaeilge i measc na gcainteoirí dúchais, agus i leagan amach agus cur i bhfeidhm pholasaí teanga na scoile. D'fhéadfadh an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge obair a dhéanamh le grúpaí daltaí faoi leith agus iad a thógáil ó am go chéile chun ionchur a thabhairt dóibh ag an leibhéal cuí: cluichí, rainn, scéalta, mar shampla.

Is féidir leis an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge tacaíocht a thabhairt do mhúinteoir na naíonán i gcur i bhfeidhm *Aistear*. Bhraith ionadaithe TnaG gur dearfach an rud é go raibh sé luaite sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta go raibh ról tábhachtach ag na naíonraí chun tacú le forbairt teanga na bpáistí sa Ghaeilge. Moladh go dtabharfaí cúntóirí teanga isteach sna naíonraí mar, dar le TnaG, go gcabhródh sé seo le sealbhú agus saibhriú teanga. D'fhéadfaí grúpaí beaga de dhaltaí a eagrú ag brath ar a gcumas teanga agus ionchur dírithe a chur ar fáil dóibh. Bheadh oiliúint faoi leith ag teastáil chun tacú i gceart leis an saghas seo éascú teanga i dtimpeallacht an naíonra.

### Ar mhaith le tuismitheoirí moltaí a fháil faoi ghníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh sa bhaile lena bpáistí?

Ceapadh go raibh na moltaí sa Pholasaí faoi leabhair a léamh do pháistí go maith, agus faoin mbéim atá curtha ar labhairt na Gaeilge le páistí sa bhaile. Moladh go mb'fhearr beagán moltaí a thabhairt do thuismitheoirí ag aon am amháin agus iad a bheith iomlán soiléir toisc go mbeadh sé sin níos inghlactha. Nuair a bhí an taighde seo á chur i gcrích, bhí TnG ag ullmhú bileog ar conas leabhair a léamh le do pháiste trí Ghaeilge. Bhí sé i gceist go gcuirfidh an bhileog seo béim ar spraoi agus ar thuiscint, agus beidh focail agus frásaí nua san áireamh ann.

### Moltaí eile ag Tuismitheoirí na Gaeltachta?

Moladh go mbeadh plé ann leis na hoifigigh pleanála teanga sna Gaeltachtaí éagsúla agus le Fóram na Gaeltachta chomh maith. Moladh go mbeadh cúntóir breise tacaíochta sa naíonra chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Bíonn an-tionchar ag na daoine fásta sa naíonra ar fhorbairt na bpáistí agus ar mhúnlú na teanga a labhraíonn siad. De réir TnaG, dá mbeadh duine breise ann chomh maith le hoideoirí luathbhlianta sna naíonraí, d'fhéadfadh sé/sí tionchar íogair, tuisceanach a imirt ar labhairt na Gaeilge i measc na bpáistí.

Dar le TnaG, d'fhéadfadh an scoil cuireadh a thabhairt don naíonra teacht chuig an Lá Spórt agus chuig Dráma na Nollag. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt don chleachtóir naíonra dul ar cuairt chuig an scoil in éineacht leis na páistí a bheadh ag tosú sa scoil. D'fhéadfadh rang a sé dul ar cuairt chuig an naíonra chun súgradh leis na páistí as Gaeilge. Cheap na hionadaithe go mba ghá ról agus fócas na naíonraí a choimeád láidir agus béim á cur acu ar shóisialú na bpáistí agus ar a bhforbairt uilíoch. Moladh córas téacsála go hard freisin chun teagmháil rialta a dhéanamh.

Ceapadh go raibh ról an-tábhachtach ag gach duine ar fhoireann na scoile, go háirithe nuair a bhí na páistí ag socrú isteach i rang na naíonán sóisearach. D'fhéadfadh gach duine acu sealbhú agus saibhriú na Gaeilge a chur chun cinn, i ngrúpaí beaga, de réir mar a d'oirfeadh do chumas na bpáistí éagsúla.

Moladh béim a chur ar leabhair agus ar scéalta mar áis thacaíochta teanga agus ar labhairt na Gaeilge sa bhaile.

## 4.5 Achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí ó na hagallaimh

Cuireadh béim ar an tábhacht a bhain le chumarsáid phearsanta, idir an múinteoir agus na tuismitheoirí agus idir an príomhoide agus na páistí chun caidreamh a chothú. Cuireadh an-

bhéim ar an tábhacht a bhain le fáilte a chur roimh thuismitheoirí nua chuig an scoil agus ar an ngá a bhí ann rudaí praiticiúla a mhíniú go soiléir dóibh.

Dúradh go raibh an-tábhacht ag baint le tacaíocht chuí a thabhairt do chainteoirí dúchais a gcuid Gaeilge a shaibhriú agus le tacaíocht de shaghas eile a chur ar fáil do na páistí atá ag foghlaim na teanga. Ceapadh go raibh feabhas mór ar sholáthar seirbhísí do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, leithéidí teiripeoirí cainte, agus cúntóirí riachtanais speisialta le Gaeilge.

Cabhraíonn cur i bhfeidhm ghníomhartha an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* go mór leis seo. Tá aidhm choiteann ag naíonraí agus ag bunscoileanna go saibhreoidh siad agus go bhforbróidh siad an Ghaeilge, agus d'fhéadfaidís an sprioc choiteann sin a úsáid chun na naisc eatarthu a láidriú.

Tuairiscíodh go raibh an dá fhoirm aistrithe - *Nasc leis an mBunscoil* agus *Mo Scéal* - cabhrach, cé go raibh pictiúr níos iomláine den pháiste le fáil in *Mo Scéal*. Ba ghá a shonrú, dar le TnaG, cén teanga a bhí i gceist ar pé ceann a bhí in úsáid. Bhí Tuismitheoirí na Gaeltachta sásta go gcuirfí ceist faoi chumas an pháiste sa Ghaeilge, ach nach gcuirfí ceist faoi chúlra teanga an pháiste sa bhaile. Bhí sé an-tábhachtach, dar leo, go bhfaighfí cead na dtuismitheorí maidir leis an eolas ar an bhfoirm sula gcuirfí na foirmeacha ar aghaidh chuig an scoil.

# 5. An Comhthéacs Náisiúnta: Naisc idir na Naíonraí agus na Bunscoileanna - Modhanna Praiticiúla agus Struchtúir Phraiticiúla

## 5.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, féachfar ar na modhanna praiticiúla agus ar na struchtúir phraiticiúla chun an t-aistriú ó naíonraí go bunscoileanna a éascú, ach a chur san áireamh an tábhacht atá leis na heispéiris luathfhoghlama agus chúraim i bhforbairt leanaí. Is léir go bhfuil an-bhéim ar fhoghlaim trí shúgradh sna doiciméid go léir. Ach tá gné eile le cur san áireamh san aistriú, ó thaobh na mbunscoileanna de, agus is é sin, cur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

Tá an-chuid cosúlachtaí idir na modhanna a úsáidtear sna heagraíochtaí a thacaíonn leis na naíonraí agus leis na bunscoileanna. Cabhraíonn na struchtúir – i bhfoirm creatchuraclaim, curaclaim, cáipéisí eile, agus araile - le tuismitheoirí, oideoirí luathbhlianta sna naíonraí, múinteoirí agus páistí.

## 5.2 *Aistear* agus *Síolta*

### 5.2.1 Leanúnachas ó naíonraí go bunscoileanna

Cuireann an naíonra agus an scoil eispéiris ar fáil do pháistí a fhorbraíonn a gcumas teanga agus cumarsáide i suíomhanna éagsúla – sa naíonra, sa scoil agus sa phobal. Tar éis tréimhse suas le dhá bhliain i naíonraí, aistríonn na páistí chuig an mbunscoil. Is tacaíocht an-tábhachtach d'aistrithe dearfacha na bpáistí agus dá bhfoghlaim é leanúnachas a fháil ó naíonraí go bunscoileanna.

Cuireann *Aistear* (CNCM 2009) - creatchuraclam don luath-óige, agus *Síolta* - creatlach náisiúnta cáilíochta (LFOLÓ, 2006/2017) - deis ar fáil chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn maidir le curaclam, foghlaim agus forbairt scileanna srl. idir an naíonra agus an scoil.

Tugtar treoir ar *Aistear* agus *Síolta* araon le chéile sa Treoir Chleachtais *Aistear* Síolta, atá ar fáil ag www.aistearsiolta.ie, ag léiriú a gcomhlántacht maidir le tacú le cleachtas ardchaighdeáin i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus i suíomhanna eile.

### 5.2.2 *Aistear*: struchtúr an chreatchuraclaim

Seo mar a chuirtear síos ar *Aistear* ar shuíomh CNCM:

> Is creatchuraclam luath-óige do pháistí uile na hÉireann ó bhreith go sé bliana é *Aistear*. Tá faisnéis ann do dhaoine fásta chun cuidiú leo eispéiris thaitneamhacha dhúshlánacha a phleanáil agus a sholáthar, le go mbeidh gach páiste ina fhoghlaimeoir inniúil féinmhuiníneach agus caidrimh ghrámhara le daoine eile á gcothú aige. Le *hAistear*, déantar cur síos ar na cineálacha foghlama (meonta, luachanna agus dearcthaí, scileanna, feasacht agus tuiscint) atá tábhachtach don pháiste i mblianta na luathóige, agus tá tuairimí agus moltaí ann maidir le conas an fhoghlaim seo a chothú.

Tá ceithre théama sa chreatchuraclam agus léiríonn O'Kane agus Hayes (2013) an bhaint atá acu le próiseas an aistrithe agus le naisc leis an mbunscoil mar seo a leanas:

- *Folláine agus leas:* an tábhacht ar leith a bhaineann le folláine coirp agus aigne do leanaí atá ag aistriú go dtí an bhunscoil
- *Féiniúlacht agus muintearas:* an tábhacht a bhaineann le féiniúlacht agus muintearas do leanaí ag aistriú ó chomhluadar foghlama/cleachtais amháin (Lave & Wenger, 1991) go ceann nua
- *Cumarsáid:* Tá sé fíorthábhachtach ó thaobh na teanga agus an chaidrimh de go bhfuil cumarsáid an-mhaith idir na leanaí, na múinteoirí, na hoideoirí luathbhlianta agus na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- *Taiscéaladh agus machnamh:* beidh na leanaí ag aistriú a gcuid foghlama ón naíonra isteach sa suíomh nua scoile agus ag foghlaim faoin saol nua sin sa bhunscoil.

### 5.2.3 *Aistear*: tábhacht an tsúgartha mar mheán foghlama

Molann *Aistear* go dtarlaíonn méid suntasach d'fhorbairt luathfhoghlama leanaí trí mheán an tsúgartha agus trí eispéiris phraiticiúla. Téann leanaí i ngleic leis an saol mórthimpeall orthu agus cabhraíonn na heispéiris seo leo bainistiú a dhéanamh ar a gcuid mothúchán, ar a bhforbairt mar smaointeoirí agus mar úsáideoirí teanga, agus ar a bhforbairt go sóisialta. (*Aistear*: Prionsabail agus téamaí, 2009: 11).

Is meán foirfe é an súgradh chun leanúnachas a chruthú idir naíonraí agus bunscoileanna. Gan cur isteach ar eispéireas uathúil na naíonraí, is féidir úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí atá súgradh-lárnach chun leanaí a ullmhú don eispéireas aistrithe chuig an mbunscoil.

> Próiseas atá sa súgradh, bealach ag páistí le foghlaim a dhéanamh trí rudaí a thabhairt faoi deara, trí bheith ag súgradh le páistí eile agus trí imirt le hábhair éagsúla (Hayes 2010: 169.) Ní chuireann páistí a lán tábhachta sa toradh a bhíonn ar a gcuid gníomhaíochtaí, mar shampla, an pictiúr nó an cluiche nó na brící lena a bhfuil siad ag imirt. De réir Vygotsky (1978), sroicheann páistí leibhéal tuisceana níos airde trí shúgradh go fisiciúil, go cognaíoch agus trí theanga a ionramháil. Bíonn siad sásta triail a bhaint as rudaí nua sa súgradh, rudaí nach mbeadh sé de mhisneach acu a thriail sa ghnáthshaol, agus foghlaimíonn siad nithe nua dá bharr. Bíonn a gcuid samhlaíochta á forbairt acu trí imirt shamhlaíoch le daoine agus le hábhar agus baineann siad an-taitneamh as ról-aithris sa chúinne baile (Hayes 2010: 176). Baineann páistí beagáinín níos sine taitneamh as drámaíocht, as cluichí le rialacha

agus as scéalta casta a chumadh agus iad ag imirt leis na bábóga agus le bréagáin eile.

Bíonn súgradh de shaghas eile ar bun le hábhar struchtúrtha, ar nós míreanna mearaí, cluichí meaitseála agus cluichí boird. Trí shaorimirt, bíonn na páistí féin ag cur a leagain féin den saol i bhfeidhm, ag cumadh a gcuid nósanna imeachta agus a gcuid rialacha féin agus bíonn an imirt faoi stiúir na bpáistí féin seachas faoi stiúir na ndaoine fásta (Hayes 2010: 177). Cheap Wood agus Attfield (2005: 38) gur chuir an súgradh deis ar fáil do pháistí a gcuid mothúchán a chur in iúl - buairt, eagla agus fearg, mar shampla - agus mheas siad gur féidir leis na páistí foghlaim conas déileáil leo tríd an léiriú sin. Cheap siad freisin gur fhoghlaim na páistí scileanna - fonn chun foghlama, díriú ar ábhar, imoibriú sóisialta agus féin-urraim, mar shampla.

Bíonn oideoirí luathbhlianta ag iarraidh cabhrú le páistí na buntáistí thuas a bhaint as a gcuid súgartha trí dheiseanna súgartha a chur ar fáil, trí dhóthain ama agus spáis a leagan amach sa chlár ama, agus trí thacaíocht chuí a chur ar fáil. Tá an tacaíocht sin fíorthábhachtach má tá na páistí chun na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint as a gcuid súgartha. Moltar an saghas seo tacaíochta a thabhairt trí chaint agus trí chomhrá, trí cheisteanna a thugann dúshlán na bpáistí ó thaobh machnaimh de agus trí eolas breise a chur ar fáil a chabhraíonn leo a gcuid smaointe féin a fhorbairt (Wood agus Attfield 2005: 46). Is dúshlán é an saghas seo machnaimh a chothú i measc cainteoirí dúchais agus is ceist an-tábhachtach í cé chomh mór agus is féidir le páistí na buntáistí teanga sin a fháil tríd an dara teanga, ach cinnte is féidir an taithí a chur ar fáil mar bhunchloch don mhachnamh agus cabhrú leo friotal a chur ar roinnt dá gcuid smaointe.

Le cead agus comhoibriú na dtuismitheoirí, is féidir páistí a thabhairt ar cuairt chuig an mbunscoil agus am a chaitheamh inti. Agus iad ag súgradh sa bhunscoil, cuirfidh na páistí aithne ar na daltaí agus ar na múinteoirí agus baileoidh siad eolas ar shlí spraíúil faoi leagan amach agus gnáthaimh na scoile.

Tugann an tréimhse seo seans do na daoine fásta – na hoideoirí luathbhlianta agus na múinteoirí – aithne a chur a chéile freisin. Ar leibhéal amháin, le cead na dtuismitheoirí, beidh seans ag na hoideoirí luathbhlianta labhairt faoi na páistí, faoina bpearsantachtaí, faoina riachtanais foghlama agus na múinteoirí a chur ar an eolas faoi aon rud a bheidh ina chabhair chun an teagasc a threorú.

Ar leibhéal eile, beidh seans ag na hoideoirí luathbhlianta na múinteoirí a chur ar an eolas faoi láidreachtaí agus laigí na bpáistí ó thaobh na teanga de, agus beidh seans ag na páistí dul i dtaithí ar úsáid na Gaeilge sa bhunscoil.

### 5.2.4 *Síolta*: An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige

Ar an gcaoi chéanna, tá sé léirithe i *Síolta*, gur meán tábhachtach é an súgradh trína mbíonn páistí ag idirghníomhú leis an saol agus ag iarraidh ciall a bhaint as (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige 2006: 9).

Is creat náisiúnta cáilíochta é *Síolta* a thacaíonn le hardchaighdeáin a bhaint amach sa luathfhoghlaim, sa chúram agus san oideachas. An raon aoise ó aois bhreithe go sé bliana d'aois atá i gceist, raon aoise a chuimsíonn na páistí atá sa naíonra agus sa bhunscoil.

### 5.2.5 *Síolta*: Caighdeán 13: Aistriú

Tá sé chaighdeán déag i *Síolta* a bhaineann le naíonraí agus ranganna na naíonán sa bhunscoil. Tá tábhacht ar leith ag baint le Caighdeán 13 mar go dtugann sé aghaidh ar chleachtas na n-aistrithe (Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige, 2006):

> Chun leanúnachas eispéiris a chinntiú do gach páiste, is gá polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais a bheith ann a bhfuil sé mar aidhm acu aistriú a láimhseáil go comhthuisceanach. Is cóir go mbeadh na príomhchaidrimh buanseasmhach agus go mbeadh cumarsáid taobh istigh de shuímh agus ó shuíomh go suíomh. Is gá, chomh maith, eolas ábhartha a thaifeadadh agus a chur ar aghaidh (le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí), agus is gá na tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine gairmiúla cuí a bheith rannpháirteach go dlúth. (LFOLÓ 2006: 93)

Molann *Síolta*

- Eolas a bhailiú sula dtéann an páiste isteach sa suíomh/scoil
- Eolas a roinnt go cuí laistigh den suíomh/scoil
- Naisc a dhéanamh le suímh/scoileanna/eagraíochtaí/daoine eile chun aistriú réidh a chur chun cinn
- Eolas agus comhairle a chur ar fáil do shuímh/scoileanna/eagraíochtaí/daoine eile nuair atá an páiste ag aistriú ón suíomh/scoil, le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí (LFOLÓ, 2006: 95 ).

Moltar dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí, le páistí agus le daoine proifisiúnta ábhartha agus páistí ag aistriú ó shuíomh go chéile chun, mar shampla:

- Cur ar chumas na foirne agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí bualadh le chéile agus saincheisteanna a phlé sula gcuirtear an páiste ar an rolla
- Deiseanna le cuairt a thabhairt ar an suíomh/scoil sula gcuirtear an páiste ar an rolla
- Páistí a chur ar an eolas maidir le gnáthaimh na scoile.
- Tuismitheoirí a spreagadh chun am a chaitheamh sa suíomh/scoil lena bpáiste tar éis di/dó a bheith curtha ar an rolla agus é sin a éascú
- Rochtain a fháil ar eolas faoin leanbh ó thuismitheoirí/ón suíomh a mbíodh sé nó sí ag freastal air/uirthi
- Eolas a chur ar fáil do shuíomh/scoil/rang eile, le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- Naisc fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a chothú le heagraíochtaí ábhartha eile sa phobal chun an t-aistriú a éascú (LFOLÓ, 2006: 96)

## 5.3 An Chéad 5 - Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028

Doiciméad tábhachtach eile a chuireann chun cinn an tábhacht a bhaineann le naisc a bhunú idir naíonraí agus bunscoileanna ná *An Chéad 5 - Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028* a d'fhoilsigh Roinn na Leanaí agus Gnóthaí Óige sa bhliain 2018.

Leagann an Chéad 5 béim láidir ar aistrithe, agus tá "aistrithe a dtacaítear leo" ar cheann de naoi gcuspóir na straitéise. Sainaithnítear sa Chéad 5 raon tacaíochtaí aistrithe, le fócas faoi leith ar aistrithe ó shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige go bunscoileanna.

Molann an Straitéis, An Chéad 5 (Rialtas na hÉireann 2018: 14) gur gá cumarsáid an-mhaith a chothú idir suíomhanna Luath-Óige, bunscoileanna agus tuismitheoirí, go háirithe do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Moltar go mbeadh an córas luath-óige ag tacú le foghlaim atá bunaithe ar shúgradh agus atá leanbhlárnach i mblianta tosaigh na bunscoile agus "ag ullmhú bunscoileanna chun freastal ar leanaí óga trí líon níos lú leanaí sna ranganna, níos mó ama agus spáis le bheith ag súgradh, agus stíleanna teagaisc idirghníomhacha" (Rialtas na hÉireann 2018: 14).

Cuirtear an-bhéim ar thacaíocht sa phobal agus ar áiteanna ina mbeidh deiseanna do thuismitheoirí agus do pháistí óga teacht le chéile d'fhonn imirt agus foghlaim agus ina mbeidh seirbhísí comhtháite - na seirbhísí sláinte, luathfhoghlama agus cúraim, bunscoileanna agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh - ag obair as lámh a chéile (Rialtas na hÉireann, 2018: 15).

## 5.4 *Mo Scéal*

D'fhorbair an CNCM an tionscnamh *Mo Scéal* in 2017-18 i gcomhpháirtíocht le suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (naíonraí) agus bunscoileanna chun tacú le leanaí agus lena dteaghlaigh san aistriú. Tá pacáiste aistrithe ar fáil, ina bhfuil:

- Dhá theimpléad tuairiscithe bunaithe ar théamaí *Aistear*
- Eolas ar na scileanna agus na meonta a chuidíonn le leanaí leis an aistriú go dtí an scoil
- Gníomhaíochtaí aistrithe do shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus bunscoileanna faoi seach agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha
- Moltaí d'oibriú i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí
- Achoimrí taighde.

**Spreagtar naíonraí agus scoileanna chun teimpléid *Mo Scéal* a úsáid.** Tá sé beartaithe ag an Roinn Oideachais agus ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais,

Lánpháirtíochta agus Óige próiseas treorach agus tacaíochta a fhorbairt chun cabhrú leo siúd a bheidh ag baint úsáid as na teimpléid agus moltaí eile a thairiscint.

Tá dhá leagan de na teimpléid aistrithe ar fáil chun tacú le suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus le bunscoileanna.

### *Mo Scéal (Teimpléad Tuairiscithe 1)*

In Teimpléad Tuairiscithe 1 tá sonraí an linbh, spás bán chun láidreachtaí an linbh a leagan amach faoi na ceithre théama in *Aistear*: Folláine; Féiniúlacht agus Muintearas; Cumarsáid; agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht. Tá straitéisí ann a chuideoidh leis an leanbh socrú isteach sa scoil. Tá tuairimí ann freisin ar conas is féidir le tuismitheoirí cabhrú leis an leanbh i rith briseadh an tsamhraidh. Tá mír ann do thuismitheoirí le heolas a chur ar fáil faoina bpáiste agus mír don leanbh le pictiúr a chur isteach más mian leis/léi. Tá alt ann freisin ina dtugann an leanbh cead a ghníomhaíocht a roinnt leis an scoil, chomh maith le rannán ina dtugann an tuismitheoir cead an fhoirm a chur ar aghaidh chuig an scoil.

### *Mo Scéal (Teimpléad Tuairiscithe 2)*

Tá na sonraí do Teimpléad Tuairiscithe 2 mar atá thuas, ach amháin go bhfuil ceithre théama *Aistear* sonraithe go mion agus go bhfuil boscaí le tic a chur leo maidir leis na téamaí agus cé chomh minic (ag úsáid scála) a tharlaíonn na gníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann leis na ceithre théama.

## 5.5 An Fhoirm Aistrithe *Nasc leis an mBunscoil*

Tá an fhoirm aistrithe *Nasc leis an mBunscoil* bunaithe ar aistriúchán na foirme 'Child Snapshot' a forbraíodh le linn tionscnaimh i scoileanna atá rannpháirteach sa chlár DEIS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh) in 2011 (O'Kane & Hayes, 2013). Tá cúig roinn ar an bhfoirm aistrithe *Nasc leis an mBunscoil*.

- Teanga agus Scileanna Cumarsáide
- Scileanna Sóisialta agus Mothúchánach
- Scileanna Neamhspleáchais agus Féinchabhrach
- Scileanna Smaointeoireachta
- Scileanna Mínluaileacha agus Oll-luaileacha

Tá sé de rogha ag oideoir luathbhlianta an naíonra a thabhairt faoi deara an bhfuil an scil ar leith bainte amach ag an leanbh nó an bhfuil an scil fós á forbairt. Sa roinn Teanga agus Cumarsáid, glactar leis gurb é an nós sa Ghaeltacht ná tagairt a dhéanamh don Ghaeilge mar an teanga.

Tá spás ar an bhfoirm chun sonraí an linbh a thabhairt, ainm na bunscoile a mbeidh sé/sí ag dul ann, agus tá teimpléad ann chun litir a scríobh chuig na tuismitheoirí. Tá roinn ann don chleachtóir naíonra chun eolas faoin leanbh a thabhairt agus, cé nach bhfuil roinn ann don tuismitheoir le líonadh, is gá cead an tuismitheora a fháil sula gcuirtear an fhoirm ar aghaidh chuig an mbunscoil. Is gá don naíonra tuairisc ar líon na bhfoirmeacha a seoladh ar aghaidh chuig an mbunscoil a thabhairt don lároifig ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta.

Bhí páirt lárnach ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta i bhforbairt na scéime aistrithe *Mo Scéal* ag an CNCM agus ba chuid an-luachmhar den rannpháirtíocht an taithí atá ag Comhar na Naíonra Gaeltachta le *Nasc leis an mBunscoil* mar go mbíonn go leor gníomhaíochtaí aistrithe ar siúl sna naíonraí, mar shampla, ag caint faoin mbunscoil, ag léamh leabhair mar gheall ar dhul ar scoil agus ag dul ar cuairt chuig an scoil nua leis na tuismitheoirí.

## 5.6 Altram: *Tuairisc Aistrithe*

### 5.6.1 Leagan amach na foirme aistrithe

Is é Altram an áisíneacht a thugann tacaíocht do naíonraí i dTuaisceart Éireann agus tá tuairisc aistrithe leagtha amach acu. Is iad na ranna atá san fhoirm ná:

- Sonraí an pháiste
- Forbairt mhothúchánach, phearsanta agus shóisialta
- Forbairt fhisiciúil
- Scileanna Foghlama
- Scileanna cumarsáide sa chéad teanga
- Conas a úsáideann an páiste an chéad teanga, deacrachtaí san áireamh
- Cumas sa Ghaeilge
- Scileanna réamhléitheoireachta
- Scileanna réamhscríbhneoireachta
- Scileanna réamh-mhatamaiticiúla

Tugtar mionsonraí faoi gach ceannteideal agus tá scála trí phointe le comhánú faoi gach foroinn:

1. Tá an cumas seo sroichte
2. Ag déanamh dul chun cinn
3. Ag tosú ar dhul chun cinn a dhéanamh.

Ar na scileanna faoi chumas sa Ghaeilge (mar atá aitheanta ag Altram) tá:

- *Tuiscint ar theanga teagaisc/eagrúcháin/shóisialta*
- *Tuiscint ar theanga shóisialta*
- *Tuiscint ar cheisteanna coitianta*

- *Tuiscint ar phríomhfhocail ardmhinicíochta*
- *Ag glacadh páirt ó bhéal in amhráin, i scéalta agus i rainn*
- *Ag baint úsáid as gnáth-theanga shóisialta bhunúsach*
- *Ag tabhairt freagraí focal amháin nó frása aonair*
- *Cuirtear isteach focail nó frásaí aonair i gcumarsáid Ghaeilge agus Bhéarla*

Ar na scileanna faoi úsáid na chéad teanga (Altram) tá:

*Úsáid shóisialta den chéad teanga (ciorclaigh an bosca cuí):*

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Múinteoir* | | *Daltaí eile* | |
| *Labhraíonn go saoráideach* | *Cuireann tús leis an gcaint* | *Labhraíonn go saoráideach* | *Glacann páirt i gcomhrá grúpa* |
| *Muiníneach* | *Drogallach* | *Muiníneach* | *Cúthail* |

*Cúiseanna lena mbaineann daltaí úsáid as an gcéad teanga (ciorclaigh na pointí cuí)*

| | | |
|---|---|---|
| *Cuireann riachtanais/mianta in iúl* | *Cosnaíonn a leas féin* | *Cáineann daoine eile* |
| *Seasann lena g(h)níomhartha agus lena (h)éilimh* | *Treoraíonn gníomhartha dhaoine eile* | *Cuireann ceisteanna* |
| *Comhoibríonn le daoine eile* | *Déanann breathnóireachtaí* | *Déanann tuartha* |
| *Tugann imeachtaí chun cuimhne* | *Cuireann síos ar imeachtaí* | |

*Réimsí deacrachta (ciorclaigh na pointí cuí)*

| | | |
|---|---|---|
| *Cloíonn le cumarsáid aonsiollach* | *Úsáideann abairtí gonta* | *Deacracht a c(h)uid smaointe a chur in iúl* |
| *Úsáideann focail leanbaí* | *Cuireann aimsirí trí chéile* | *Cuireann iolraí trí chéile* |
| *Cumas teoranta an fhoirm diúltach a úsáid* | *Deacracht le foirm ceisteanna* | *Labhraíonn faoi/fúithi féin sa triú pearsa* |
| *Earráidí leis an aideacht shealbhach* | *Úsáideann "rud" go minic* | |

Tugtar samplaí d'fhadhbanna a bhainfeadh le deacrachtaí teanga ar leith ar an bhfoirm chomh maith. Aithníonn an fhoirm go mbeidh cumas an pháiste sa Ghaeilge ag leibhéal difriúil forbartha, má bhaineann an t-eolas san fhoirm chomhlánaithe le dara teanga an pháiste. Tá an tuairisc le síniú ag an múinteoir agus ag príomhoide na scoile agus tá spás ag an deireadh chun ráiteas breise a dhéanamh. Ní luaitear gur chóir an tuairisc a thaispeáint don tuismitheoir.

Tugann foirm aistrithe Altram agus a húsáid chun tacú le haistrithe leanaí idir naíonraí agus bunscoileanna i dTuaisceart Éireann léargas úsáideach chun tacú leis na moltaí a eascraíonn as an tuarascáil seo.

Tá buntáistí ag baint le heolas faoi chumas an pháiste, sa chéad teanga agus sa dara teanga más ann di, a thabhairt de bhrí go dtugann sé sin pictiúr níos iomláine de phróifíl teanga an pháiste. Tá sé cabhrach go luaitear feidhmeanna teanga chomh maith le líofacht teanga agus úsáid shóisialta na teanga.

## 5.7 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Glacann formhór na mbunscoileanna sa Ghaeltacht páirt sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus caithfear seo a chur san áireamh nuair a aistríonn páistí ó naíonraí go bunscoileanna. Ba chóir go mbeadh oideoirí luathbhlianta agus tuismitheoirí eolach ar na himpleachtaí a bheidh ag an Scéim dá gcuid leanaí/páistí ó thaobh teanga teagaisc na scoile, go háirithe maidir leis an gcéad dá bhliain den luath-thumoideachas sa Ghaeilge i ranganna na naíonán. Is féidir teacht ar an eolas go léir faoin Scéim – treoir do scoileanna, imlitreacha, naisc ábhartha agus taighde – ar gov.ie.

Mar chuid den Scéim Aitheantais, beidh ar scoileanna plean gníomhaíochta a chur i dtoll a chéile. Léireoidh an plean seo conas a chomhlíonfaidh an scoil critéir theanga don tumoideachas ar bhonn céimneach thar an tréimhse ama atá leagtha amach chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Léireoidh sé freisin conas a thógfaidh an scoil naisc leis an bpobal áitiúil chun úsáid na Gaeilge a chothú. In Imlitir 0010/2020 - *Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* – deir sé i gcás na naíonraí gur chóir

> Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (naíonraí). (Imlitir 0010/2020, Lch 6)

Aithníonn an Scéim go rachaidh naisc chun tairbhe don dá earnáil. Mar sin, ba chóir do naíonraí agus bunscoileanna obair le chéile chun seo a bhaint amach ag tarraingt ar *Aistear*, ar *Síolta* agus ar an straitéis deich mbliana, *An Chéad 5*.

## 5.8 Soláthar agus Cleachtas Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige

Mar chuid den chlár uilíoch um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), tá dhá bhliain i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige á maoiniú do leanaí idir dhá bhliain ocht mí agus cúig bliana d'aois. Tugann sé seo deis do leanaí na Gaeltachta dhá bhliain a chaitheamh ag foghlaim agus ag forbairt i suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige agus ag saibhriú a gcuid Gaeilge chomh maith sula dtosaíonn siad ar an mbunscoil, má thoilíonn a gcuid tuismitheoirí/ caomhnóirí é seo a dhéanamh.

Tá suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige faoi réir meastóireachtaí ag an dá chigireacht – Cigireacht Luathbhlianta Tusla agus Cigireacht na Roinne Oideachais. Tagraíonn na creataí cigireachta don dá chigireacht do thacaíocht d'aistrithe leanaí.

Cuimsíonn cigireachtaí a dhéanann Tusla, an rialtóir reachtúil ar shuíomhanna FCL, rialacháin a bhaineann le foghlaim, forbairt agus leas leanaí, i measc rudaí eile. Tagraíonn Creat Cáilíochta agus Rialála Tusla don tábhacht a bhaineann le tacú le haistrithe chuig an suíomh, laistigh de agus uaidh, lena n-áirítear aistrithe chuig an mbunscoil, "ar cheart a phleanáil agus a eagrú go maith chun an t-aistriú a dhéanamh chomh compordach agus socair agus is féidir". Éilíonn na Rialacháin freisin go mbeadh "Polasaí Socrú Isteach" ag gach suíomh FCL, ar cheart dó "na nósanna imeachta atá i bhfeidhm a thaispeáint chun lánpháirtiú an linbh óig isteach sa tseirbhís nuair a fhreastalaíonn siad ar an tseirbhís den chéad uair, a dhul chun cinn laistigh den tseirbhís agus a aistriú chuig an mbunscoil a éascú" (Tusla, QRF2018, lch.125).

Déanann Cigireacht na Roinne Oideachais clár bliantúil meastóireachta ar chaighdeán an luathoideachais a chuirtear ar fáil i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige a sheachadaíonn an clár COLO, lena n-áirítear suíomhanna lán-Ghaeilge.

Déanann an *Treoir um Chigireacht Oideachas Luathbhlianta* *(COL)* (2018) cur síos ar an gcreat cigireachta agus ar an gcaoi a ndéanann an Chigireacht cigireachtaí ar shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige, naíonraí san áireamh. Déanann an Treoir don Chigireacht ar Oideachas Luathbhlianta cur síos ar chomharthaí le haghaidh cleachtais, a thugann treoir do chigireachtaí atá dírithe ar oideachas. Aithníonn sé comharthaí don chleachtas maidir le haistrithe:

- Bailítear eolas ó thuismitheoirí, ó theaghlaigh agus ó shuíomhanna eile ar réamheispéiris leanaí.
- Úsáidtear an t-eolas seo chun leanúnachas eispéireas agus dul chun cinn foghlama a chinntiú do leanaí.
- Roinntear faisnéis idir an suíomh luathbhlianta agus an bhunscoil chun leanúnachas eispéireas agus dul chun cinn i bhfoghlaim leanaí a chinntiú.
- Tá polasaithe agus nósanna imeachta forbartha chun bainistiú íogair aistrithe a chinntiú laistigh den suíomh agus idir suíomhanna (ROS 2018: 27).

## 5.9 Meastóireacht Scoile Uile

Sa doiciméad *Treoir maidir le Cigireacht i mBunscoileanna*, déantar tagairt don tábhacht a bhaineann le heolas a roinnt:

> Fiosróidh na cigirí na struchtúir atá ann chun comhroinnt eolais maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachasúla acu a éascú le réamhscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna cuí. (ROS 2016: 22)

Agus sa doiciméad *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-2020* (2016), cé nach bhfuil aon tagairtí ann do naíonraí, do shúgradh, ná d'aistriú suíomhanna, tá an cheist "*Cá bhfuil na leanaí agus cá bhfuil siad ag dul ina bhfoghlaim teanga*?" (ROS 2016:10) a luaitear ann atá ábhartha i leith páistí atá ag aistriú ó naíonraí go bunscoil.

Is buntáiste é do na bunscoileanna eolas a bheith acu ar fhorbairt shíceolaíoch theangeolaíoch leanaí chun go mbeidh siad ábalta leanúint lena bhforbairt.

## 5.10 An bhunscoil Ghaeltachta, Curaclam na Bunscoile agus Curaclam Teanga na Bunscoile

Tá 132 bunscoil sa Ghaeltacht agus tá 105 acu sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta faoi láthair. Leantar Curaclam na Bunscoile i ngach scoil. Tá athbhreithniú á dhéanamh le tamall anuas ar an gcuraclam sin agus is féidir féachaint ar an dréachtchreat ar shuíomh idirlín CNCM. Leagann an dréachtchreat béim ar leanúnachas san aistriú:

> Tógtar ar réamhfhoghlaim, féinluach agus féiniúlacht na bpáistí agus iad ag bogadh ón mbaile go dtí an réamhscoil agus ar aghaidh go dtí na naíonáin shóisearacha, agus ag dul chun cinn tríd an mbunscoil. Leagann sé sin bunchloch thábhachtach síos le haghaidh foghlama agus iad ag bogadh go dtí an iar-bhunscoil. (CNCM, 2020: 6)

Ach luaitear ann freisin:

> Cuid den bhunoideachas do pháistí is ea príomhaistrithe lena n-áirítear, don chuid is mó acu, an t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Tá tábhacht ar leith ag baint le faisnéis i dtaca le foghlaim agus forbairt a roinnt ag na pointí aistrithe seo ionas go mbeidh múinteoirí in ann eispéiris a phleanáil a chuireann ar chumas páistí leanúint den dul chun cinn ina gcuid foghlama trasna an churaclaim. Tacaítear leis an aistriú faisnéise seo trí na

> teimpléid um thuairisciú i *Mo Scéal: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil* agus tríd an b*Pas Oideachais*. Cabhraíonn na teimpléid i *Mo Scéa*l leis an scéal a insint faoi fhoghlaim agus fhorbairt páiste sa réamhscoil agus, dá bhrí sin, is féidir leo faisnéis úsáideach a chur ar fáil chun tacú le múinteoirí agus iad ag ullmhú d'fhoghlaim na bpáistí sna laethanta luatha den bhunscoil. (CNCM, 2020: 19)

Tá eolas ar fáil do thuismitheoirí chomh maith faoin tslí ar féidir leo cabhrú lena gcuid páistí tar éis dóibh dul isteach sa bhunscoil. Ar shuíomh gréasáin CNCM tig le tuismitheoirí teacht ar an eolas a chabhróidh leo tacú lena bpáistí ó ranganna na naíonán go rang a sé, rud a léiríonn an leanúnachas ar shlí phraiticiúil.

Cuireadh tús le Curaclam Teanga na Bunscoile nua sa bhliain 2015 le béim ar thorthaí foghlama agus ar chur chuige foghlama gníomhaí do ranganna na naíonán agus rang 1. Is curaclam céad teanga (T1) agus dara teanga (T2) é seo don Ghaeilge agus don Bhéarla.[5]

Léirigh taighde go rachadh curaclam comhtháite teanga don Ghaeilge agus don Bhéarla chun tairbhe na bpáistí ó thaobh foghlama agus forbartha de. Leagtar béim sa Churaclam Teanga ar thábhacht na teanga sa phróiseas foghlama féin agus ar an gcaoi a dtéann daltaí i dtaithí agus i ngleic le caidreamh cumarsáideach le daoine eile agus ar an gcaoi a dtosaíonn daltaí ar chumarsáid daoine eile a thuiscint, a léirmhíniú, brí a bhaint as an gcaidreamh agus í a mheas go criticiúil (ROS 2016: 18).

Anuas air sin, is í an teanga an príomh-mheán cumarsáide inphearsanta agus idirphearsanta agus is eochair í d'fhorbairt an pháiste mar dhuine. Tacaíonn na pointí seo le tábhacht na Gaeilge mar mheán teagaisc agus mar mheán cumarsáide sa naíonra agus sa scoil. Foilsíodh leagan uasdátaithe de *Churaclam Teanga na Bunscoile* sa bhliain 2019.

Tá an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 ag teacht le haidhmeanna Curaclam Teanga na Bunscoile, a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go dtugtar deis do pháistí i scoileanna Gaeltachta bunús maith a chur faoina gcumas sa Ghaeilge trí luath-thumoideachas sa Ghaeilge i ranganna na naíonán, agus múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí rang a haon.

Aithnítear i gCuraclam Teanga na Bunscoile

> an t-aistear foghlama ar a bhfuil gach páiste. Ón uair a shaolaítear iad foghlaimíonn páistí teanga trína gcuid idirghníomhaíochta sa bhaile, trína n-eispéiris foghlama i suíomhanna luath-óige agus sa bhunscoil. (ROS, 2019: 6)

[5] De réir Churaclam Teanga na Bunscoile, is mar fhreagra ar athruithe suntasacha ar shochaí na hÉireann a rinneadh an t-athbhreithniú ar an gcuraclam seo. Tá breis is 200 teanga in úsáid in Éirinn chomh maith le Caintis agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Agus luaitear ann freisin an tábhacht atá le súgradh i saol agus in oideachas an pháiste agus tagraíonn sé d'*Aistear*:

> Cuireann súgradh go mór le litearthacht sa mhéid is go gcuireann sé deiseanna ar fáil chun teanga ó bhéal na bpáistí a fhorbairt, rud atá tábhachtach ó thaobh litearthacht na bpáistí trí chéile a fhorbairt. Mar shampla, má bhíonn fáil ag na páistí ar ghutháin, spreagtar comhráite bréige faoi rudaí a shamhlaíonn siad féin. Ní hamháin go gcuireann sé seo forbairt na teanga ó bhéal chun cinn ach cuireann sé smaointeoireacht theibí chun cinn freisin agus, mar is eol dúinn, is minic gur aon phróiseas amháin iad an chaint agus an smaointeoireacht i gcás páistí óga. Léiríonn sé sin agus tá sé sin ag teacht leis na cineálacha cur chuige a dtacaíonn *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* leo. (ROS, 2019: 40)

Léiríonn *Curaclam Teanga na Bunscoile* an gá atá le naisc idir naíonraí agus bunscoileanna agus an méid a chuireann an dá earnáil ar fáil chun an páiste a fhorbairt.

Is í an teanga an nasc is soiléire agus is tábhachtaí idir na naíonraí agus na bunscoileanna Gaeltachta. Bíonn páistí ag foghlaim na teanga sa bhaile, sa naíonra, ar scoil nó sa phobal agus cabhraíonn na suíomhanna seo go léir leo chun a gcumas teanga a leathnú agus chun a dtuiscint agus a nasc le cultúr agus le hoidhreacht a dhoimhniú (ROS, 2016: 18).

Ar ndóigh tá castachtaí i múineadh na teanga, ní cainteoir dúchais gach páiste a aistríonn ón naíonra go dtí an bhunscoil, agus tá an-éagsúlacht i gcumas teanga chainteoirí a bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga acu– cuid acu le cumas lag agus cuid eile líofa. Mar a luann Hickey et al. (1999), téann na héagsúlachtaí cumais seo i bhfeidhm ar úsáid teanga sna naíonraí, agus ní i dtreo dearfach go minic ó thaobh na Gaeilge de (Hickey et al.,1999: 139). Is gá seo a chur san áireamh agus naisc á gcruthú idir naíonraí agus bunscoileanna Gaeltachta (1999: 158-9).

## 5.11 Achoimre agus impleachtaí

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar na heagraíochtaí éagsúla a thugann tacaíocht do naíonraí agus do scoileanna ina gcuid oibre le leanaí agus sa chúnamh praiticiúil a chuireann siad ar fáil chun cabhrú le teanga agus forbairt níos leithne na leanaí agus iad ag leanúint dá dturas oideachais. Déantar tagairt freisin do na creataí *Aistear, Síolta* agus *First 5,* a chabhraíonn le leanúnachas a chothú idir naíonraí agus bunscoileanna agus a chuimsíonn tiomantais chun tacaíochtaí d'aistrithe a neartú sna blianta atá romhainn. Leagtar béim sna doiciméid seo freisin ar an tábhacht a bhaineann le súgradh sa phróiseas foghlama agus san eispéireas aistrithe ó shuíomh amháin go suíomh eile.

Aithnítear chomh maith an tábhacht a bhaineann le róil Chigireacht Luathbhlianta Tusla agus Chigireacht na Roinne Oideachais chun aiseolas agus treoir a sholáthar agus dea-chleachtas sna naíonraí agus sna bunscoileanna a chur chun cinn.

Tá obair na n-eagraíochtaí seo agus na creataí agus na hacmhainní cleachtais náisiúnta ag feidhmiú i gcomhthéacs chur i bhfeidhm polasaithe, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta ag scoileanna Gaeltachta sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Mar sin, is gá breathnú ar an réimse beartais náisiúnta Rialtais a bhaineann leis an nGaeltacht chun a fháil amach conas a théann siad seo i bhfeidhm ar na freagrachtaí a chuirtear ar COGG agus ar pháirtithe leasmhara eile chun na naisc idir naíonraí agus bunscoileanna a neartú. Déanfar é seo a phlé sa chéad chaibidil eile.

# 6. Polasaithe an Rialtais don Ghaeltacht

## 6.1 Réamhrá

Déanfar cur síos sa chaibidil seo ar na gnéithe de pholasaithe an Rialtais a bhaineann go sonrach le naisc idir naíonraí, bunscoileanna, agus teaghlaigh sa Ghaeltacht. Is gá cuimhneamh chomh maith go bhfuil polasaithe uile an Stáit ag imirt tionchar ar phobal na Gaeltachta, idir pholasaithe oideachais, sláinte, eacnamaíochta srl. Má chloiseann páistí an teanga ag feidhmiú go héifeachtach sa phobal taobh amuigh de na naíonraí agus de na bunscoileanna, cabhróidh sé le nasc a chruthú idir naíonraí agus bunscoileanna.

Na polasaithe atá i gceist sa chaibidil seo ná:

- *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* foilsithe ag an Rialtas ( 2010)
- *Plean Gníomhaíochta 2018-2022: Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* a d'fhoilsigh an An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2018)
- *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* foilsithe ag an Roinn Oideachais (2016).

## 6.2 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

### 6.2.1 Aidhmeanna agus struchtúr

Tá sé d'aidhm ag an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* (*Straitéis 20 Bliain*) cur le heolas ar an nGaeilge ar fud na hÉireann, deiseanna a chruthú chun an teanga a úsáid agus dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú. Cur chuige céimnithe a bhí beartaithe, le gníomhaíochtaí áirithe do gach céim.

Maidir le ról COGG, ní luann an *Straitéis 20 Bliain* aon rud go sonrach faoi naisc a chothú idir naíonraí agus bunscoileanna, ach léirítear an fhéidearthacht chuige sin san alt seo a leanas sa straitéis:

> I ndáil leis an tsaincheist thábhachtach a bhaineann le riachtanais shainiúla scoileanna Gaeltachta agus riachtanais shainiúla ghaelscoileanna, déanfaidh grúpa ardleibhéil athbhreithniú ar na polasaithe atá ann i láthair na huaire agus déanfaidh siad iniúchadh ar athruithe féideartha, lena n-áirítear forbairt polasaithe nua do scoileanna Gaeltachta agus do ghaelscoileanna. Déanfar feidhmeanna féideartha eile do COGG a bhreithniú i gcomhthéacs an phlé sin. (Rialtas na nÉireann, 2010: 18)

Is as an t-alt thuas sa Straitéis 20-Bliain a d'fhás na moltaí faoi COGG sa *Phlean Gníomhaíochta* agus sa *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta*.

Tá naoi gcinn de ghníomhaíochtaí leagtha amach sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Rialtas na hÉireann, 2010: 11) a chlúdaíonn gach gné a bhaineann leis an nGaeilge:

- Oideachas
- An Ghaeltacht
- An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil Luath
- Riarachán, Seirbhísí agus Pobal
- Na Meáin agus an Teicneolaíocht
- Foclóirí
- Reachtaíocht agus Stádas
- Saol Eacnamaíochta
- Tionscnaimh Leathana.

I gcás na Gaeltachta, tá sé mar aidhm ag an Straitéis 20-Bliaini:

> tacaíocht theangeolaíoch a sholáthar don Ghaeltacht mar phobal labhartha Gaeilge a thugann aitheantas do shainriachtanais na gceantar sin ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh (Rilatas na hÉireann, 2010: 3)

Aithníonn an *Straitéis 20 Bliain* an tábhacht atá le naisc i gcomhthéacs pobal, go háirithe sa Ghaeltacht:

> Siúd agus gur príomhfhócas den *Straitéis 20 Bliain* seo seasamh na Gaeilge sa chóras oideachais a neartú, tá an-tábhacht leis an nGaeilge mar theanga bheo a chur ar aghaidh laistigh den teaghlach agus idir na glúine. Is é an cur chuige foriomlán atá againn creat oibre tacúil a chruthú agus deiseanna a chruthú trína bhféadfar an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhealach nádúrtha laistigh de líonta tí agus de phobail. Tá tábhacht nach beag ag baint leis seo i gcomhthéacs na Gaeltachta (Rialtas na hÉireann, 2010: 3).

Agus an *Straitéis 20 Bliain* ag plé le pleanáil teanga sa Ghaeltacht, deir sí:

> Tabharfar tosaíocht do ghníomhaíochtaí pleanála teanga a bhfuil gá leo le háit na Gaeilge mar theanga phobail a chinntiú chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt d'inbhuanaitheacht na Gaeltachta mar eintiteas teanga (Rialtas na hÉireann, 2010: 20).

Agus cuirtear 'Pleanáil Oideachais' agus "seirbhísí réamhscoile' i measc na bpleananna do na pleananna teanga Gaeltachta áitiúla (Rialtas na hÉireann, 2010: 20).

Díreoidh an chaibidil seo ar naisc idir bunscoileanna, naíonraí agus teaghlaigh sa Ghaeltacht, go háirithe mar a bhaineann siad leis na réimsí seo a leanas - Oideachas, an Ghaeltacht agus an Teaghlach. Pléifear na ceantair seo i gcomhthéacs an tumoideachais i scoileanna Gaeltachta. Cuid an-tábhachtach den *Straitéis 20 Bliain* is ea an tumoideachas:

> Beidh sé fós ina pholasaí náisiúnta tumoideachas trí Ghaeilge i ngach ábhar seachas Béarla i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna agus i naíonraí a chur chun cinn (Rialtas na hÉireann, 2010: 12).

Tá athrú ó bhonn tagtha ar churaclam na Gaeilge ó foilsíodh an *Straitéis 20 Bliain* in 2010 agus Curaclam Teanga na Bunscoile (ROS 2019). Leagann Ciorclán na Roinne Oideachais 0045/2019 béim ar an leanúnachas:

> Sa churaclam léirítear prionsabail agus oideolaíochtaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (CNCM, 2009) agus tugann sé tacaíocht don leanúnachas idir foghlaim agus forbairt na leanaí i suíomhanna luath-óige agus sna ranganna naíonán. Ina Shnáitheanna, Gnéithe agus Torthaí Foghlama, tagann an CTB/PLC le sonraíochtaí na sraithe sóisearaí don Bhéarla, Gaeilge agus Nuatheangacha Iasachta. Déanann sé seo soláthar don leanúnachas den taithí agus dul chun cinn i bhfoghlaim teanga agus na leanaí ag aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Sa churaclam freisin déantar soláthar don dul chun cinn do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. (ROS, 2019: 3)

Feictear anseo an tslí a bhfitear an *Straitéis 20 Bliain*, *Curaclam Teanga na Bunscoile*, agus *Aistear* le chéile chun na naisc a chruthú idir na leibhéil éagsúla oideachais.

### 6.2.2 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

I gcomhar le gníomhaireachtaí eile, leagtar an fhreagracht ar COGG chun gníomhartha ar leith sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 a bhaineann le hoideachas i scoileanna a chur i bhfeidhm. Tá acmhainní curtha ar fáil do COGG chun gur féidir leo téacsleabhair agus áiseanna eile a fhorbairt, comhairle a chur ar an Aire maidir le polasaithe a bhaineann le hoideachas trí Ghaeilge, seirbhís tacaíochta trí Ghaeilge a chur ar fáil agus tacú le tionscadail taighde ar théamaí ábhartha a bhaineann leis an *Straitéis 20-Bliain*.

### 6.2.3 An Ghaeltacht

Sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* leagtar amach na straitéisí chun próiseas pleanála teanga a chur ar bun sna Gaeltachtaí. Cuireann sé seo bealach ar fáil trínar féidir naisc idir naíonraí agus bunscoileanna, agus idir gníomhaireachtaí ábhartha, a chothú agus a neartú. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh sa Ghaeltacht agus lasmuigh di a labhraíonn Gaeilge.

I measc na ngníomhaíochtaí sa phleanáil teanga tá gníomhaíochtaí le haghaidh pleanáil oideachais, seirbhísí óige, cúram do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu; agus seirbhísí teaghlaigh. Le háireamh orthu sin, beidh seirbhísí cúram leanaí, seirbhísí foghlama agus cúraim na luath-óige, seirbhísí comhairle teanga do theaghlaigh, seirbhísí iarscoile, gréasáin do thuismitheoirí agus do leanaí a labhraíonn Gaeilge, seirbhísí comhairle réamhphósta agus réamhbhreithe, clár feasachta teanga do theaghlaigh, seirbhísí teiripe urlabhra agus síceolaíochta, agus seirbhísí sláinte poiblí (Rialtas na hÉireann, 2010: 20).

Mar chuid den *Straitéis 20 Bliain*, is gá do phobail, sna 26 limistéar pleanála teanga sna Gaeltachtaí, plean teanga a leagan amach faoi conas a neartóidh siad an Ghaeilge ina limistéar féin. Tar éis don Aire Stáit an plean a fhaomhadh, is gá don limistéar oifigeach pleanála teanga a cheapadh chun é a chur i gcrích. Ar leibhéal na bpobal, i measc a ngníomhaíochtaí eile, tá ról láidir ag na hoifigigh phleanála teanga an nasc idir na suíomhanna oideachais agus na pobail a neartú. Faoi láthair in 2021, de réir na faisnéise atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Údarás na Gaeltachta, tá 24 plean teanga ceadaithe i Limistéir Pleanála Teanga (LPT) agus dhá phlean teanga do dhá Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) sa Ghaeltacht agus tá 23 oifigeach pleanála teanga agus cúnta ag obair i 19 LPT.

### 6.2.4 An teaghlach ag cur na teanga chun cinn – Idirghabháil luath

Aithníonn an *Straitéis 20 Bliain* an tábhacht a bhaineann leis an teaghlach mar aonad seachadadh teanga agus gealltar go gcuirfear réimse leathan seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge (2010: 22). Léiríonn an *Straitéis* go gcothaítear an dlúthnasc le gníomhaíochtaí teanga agus teanga tríd an teaghlach, rud a chabhraíonn le féiniúlacht phearsanta, shóisialta agus teanga agus chultúrtha a fhorbairt freisin. (2010: 22).

Leagtar béim sa straitéis go dtabharfar tacaíocht agus spreagadh do thuismitheoirí a bpáistí a thógáil go dátheangach (nó go hilteangach, ag brath ar an teaghlach) nó trí Ghaeilge. Dá bhrí sin, cuirfear comhairle, treoir agus tacaíocht ar fáil do theaghlaigh a labhraíonn Gaeilge sa bhaile agus roinnfear tuilleadh eolais faoi na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas leis an bpobal. Beidh gá le tuiscint ar na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas i ngach seirbhís a chuirtear ar fáil i bpobail Ghaeltachta, lena n-áirítear comhairleoirí leighis agus seirbhísí teiripe.

Déantar tagairt sa *Straitéis 20-Bliain* do na gníomhaíochtaí thíos chun na haidhmeanna seo a bhaint amach:

- Tabharfaimid tacaíocht níos fearr do ghréasáin de theaghlaigh a labhraíonn Gaeilge ag an leibhéal áitiúil;
- Tacóimid le cláir chun cuidiú le seantuistí agus le daoine scothaosta an teanga a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile;
- Socrófar deiseanna foghlama teanga a bheidh dírithe ar chuidiú le teaghlaigh nach labhraíonn ach tuismitheoir amháin iontu an Ghaeilge;
- Cuirfimid le feasacht faoi na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas in obair príomhshrutha gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a bhíonn ag obair le teaghlaigh óga (Rialtas na hÉireann 2010: 22).

## 6.3 Plean Gníomhaíochta 2018-2022: Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge *2010-2030* (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán)

### 6.3.1 Cúlra

Foilsíodh an *Plean Gníomhaíochta 2018-2022: Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030* i mí an Mheithimh 2018. Tháinig sé ar an saol tar éis próiseas comhairliúchán poiblí ar an *Straitéis 20 Bliain* a d'eagraigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag an am. Aithníodh go raibh gá ann plean gníomhaíochta cúig bliana a chur ar fáil chun creat níos comhtháite a sholáthar a bheadh dírithe ar ghníomhaíochtaí a chomlíonadh laistigh de chúig bliana; rannpháirtíocht, comhúinéireacht agus ceangail níos éifeachtaí a chothú ag leibhéil na Roinne, na n-eagraíochtaí neamhrialtais agus an phobail (RCOG, 2018: 19). Luaitear go sonrach sa *Phlean* go ndéanfar

- naisc idir scoileanna agus naíonraí i limistéir Ghaeltachta a chothú mar chuid den Scéim Aitheantais (RCOG, 2018: 29)

Tá moltaí sa *Phlean* a bhaineann le cothú agus neartú nasc idir naíonraí, bunscoileanna, agus teaghlaigh sna réimsí seo a leanas atá san áireamh sa chaibidil seo.

### 6.3.2 Oideachas

Leanfar le cur i bhfeidhm an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022* a thugann aitheantas don ról atá ag suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus scoileanna i dtaca le hoideachas Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus líofacht agus úsáid na Gaeilge a chothú i bpobal na Gaeltachta i gcoitinne (RCOG, 2018: 8).

I measc na ngníomhaíochtaí chun sin a chur i gcrích, tá:

- Naisc idir scoileanna agus naíonraí i limistéir Ghaeltachta a chothú mar chuid den Scéim Aitheantais (RCOG, 2018: 29)
- Plean poiblíochta agus cumarsáide a fhorbairt agus a fheidhmiú le pobal na scoile a chur ar an eolas faoin b*Polasaí don Oideachas Gaeltachta* 2017-2022 (RCOG, 2018: 30)
- Feasacht a fhorbairt i measc tuismitheoirí agus pobal i limistéir Ghaeltachta maidir leis an bhfiúntas a bhaineann leis an teanga, leis an gcultúr Gaelach agus leis an oideachas trí mheán na Gaeilge ar ardchaighdeán trí bhileoga eolais do thuismitheoirí, seimineáir agus na meáin shóisialta
- Na seirbhísí Gaeilge a sholáthraíonn na Boird Oideachais agus Oiliúna éagsúla a leathnú chun go mbeidh tacaíocht san áireamh do thuismitheoirí Gaeltachta ar mian leo a leanaí a thógáil le Gaeilge (RCOG, 2018: 34).

### 6.3.3 An Plean ag leibhéal pobail na Gaeltachta

Maidir le clár tacaíochta pobail agus teanga ag leibhéal pobail gaeltachta, luaitear sa Phlean go ndéanfar an gníomh seo a leanas:

> Leanfar ag tacú le hinfreastruchtúr teanga agus le pobail na Gaeltachta agus infheistíocht á déanamh inti trí raon leathan scéimeanna, beart agus tionscnamh (caipitil agus reatha) atá á riar ag an RCOG faoi láthair. Áirítear leis na scéimeanna sin, an Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga; Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge; Scéim na gCúntóirí Teanga; agus Scéim na gCampaí Samhraidh (2018: 42).

Cuireann an tacaíocht seo béim ar thábhacht an phobail i bhfoghlaim agus i bhforbairt na teanga, agus is próiseas siombóiseach é. Tacaíonn an pobal leis na naíonraí agus na scoileanna, agus oibríonn na naíonraí agus na scoileanna i gcomhpháirtíocht leis an bpobal chun teanga na bpáistí a fhorbairt agus a shaibhriú chun glúin nua cainteoirí a chruthú.

### 6.3.4 An Teaghlach – idirghabháil luath

Aithníonn an *Plean Gníomhaíochta 2018-2022: Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* an tábhacht atá le tacaíocht luath:

> Cuirfear breis tacaíochtaí ar fáil i dtaca le soláthar na Gaeilge san earnáil luathbhlianta, lena n-áirítear beirt speisialtóirí a cheapadh sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLCMLO anois).
>
> Cuirfear infheistíocht bhreise ar fáil don eagraíocht Comhar Naíonraí na Gaeltachta chun cur ar a gcumas tacú níos fearr leis an soláthar luathbhlianta trí mheán na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta.
>
> Cuirfear acmhainní suntasacha breise ar fáil don eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta chun breis tacaíochtaí a chur ar fáil do theaghlaigh i gceantair Ghaeltachta a bhfuil a leanaí á dtógáil le Gaeilge nó ar mian leo é sin a dhéanamh (RCOG, 2018: 11).
>
> I gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, beidh an RCOG ag iarraidh “tógáil ar na bearta agus na tacaíochtaí atá á gcur ar fáil faoi láthair i réimse na luathbhlianta Gaeilge” (RCOG, 2018: 48).

Luaitear sa *Phlean Gníomhaíochta 2018-2022* go mbeadh tacaíocht ar fáil ag leibhéil réamhscolaíochta agus óige do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht agus go mbeadh maoiniú ag Tuismitheoirí na Gaeltachta chun foireann agus beartais maidir le tacaíocht don teaghlach a chur ar aghaidh, rud a chiallódh go mbeadh comhairle ar fáil do thuismitheoirí faoi sheachadadh na Gaeilge ó ghlúin go glúin (RCOG, 2018: 50) Mar sin, sna bealaí seo bheadh naisc á gcruthú agus á láidriú idir na grúpaí éagsúla.

Is gá a bheith cinnte go ndéanfar freastal cuí ar gach naíonra sa tír mar a luann an *Plean Gníomhaíochta 2018-2022: Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*:

> Bunófar bonnlíne tacaíochta, seirbhísí agus acmhainní a bheidh ar fáil do naíonraí agus beifear in ann tógáil orthu chun straitéisí a fhorbairt ar mhaithe le polasaithe,

oiliúint, agus ábhar cuí eile a bhaineann leis sin a chur ar fáil trí Ghaeilge (RCOG, 2018: 51).

Pointe eile tábhachtach ó thaobh na teanga de atá luaite sa *Phlean Gníomhaíochta 2018-2022* ná go leanfar leis an tacaíocht atá á soláthar leis na seirbhísí naíonraí chun cumas na foirne a fhorbairt agus chun a bhforbairt scileanna a chur chun cinn. Moltar go mbeadh modúil oiliúna i sealbhú agus saibhriú teanga á bhforbairt agus á gcur chun cinn sna seirbhísí luathoideachais (RCOG, 2018: 52). Cuidíonn foireann, atá inniúil, comhbhách agus tuisceanach, agus líofa sa teanga, go mór le dearcadh agus meonta dearfacha na bpáistí i leith na teanga a fhorbairt.

## 6.4 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

### 6.4.1 Cúlra

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* i mí Dheireadh Fómhair 2016, tar éis próiseas comhairliúchán náisiúnta leathan, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin teangeolaíochta atá roimh an nGaeltacht. Leagann an Polasaí amach an chaoi ina dtacóidh an córas oideachais le láidriú ar úsáid na Gaeilge i bpobail Ghaeltachta, ceann de na príomhaidhmeanna sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Rialtas na hÉireann, 2010: 4).

Aithníonn an Polasaí uathúlacht na Gaeltachta mar limistéar a bhfuil tábhacht shuntasach theangeolaíoch, chultúrtha agus eacnamaíoch leis. An fhís atá ag an Roinn Oideachais don oideachas Gaeltachta ná oideachas d'ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus chun inniúlacht agus úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne (RCOG, 2016: 7).

Aithníonn an Polasaí an ról atá ag scoileanna agus ag suíomhanna luathbhlianta chun oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus chun inniúlacht agus úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne. Tá ríthábhacht le muinín agus le tacaíocht na dtuismitheoirí agus an phobail áitiúil d'obair na scoileanna agus na suíomhanna luathbhlianta i limistéir Ghaeltachta (RCOG, 2016: 7).

Is léir go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh scoileanna i limistéir Ghaeltachta. Tagann daltaí ó theaghlaigh a bhfuil leibhéil éagsúla acu sa Ghaeilge agus tá méadú ar úsáid an Bhéarla i bpobail Ghaeltachta. Léirigh taighde (Ó Giollagáin *et al.,* 2007) go bhfuil comhthéacs sochtheangeolaíoch scoileanna Gaeltachta casta agus go bhfuil difríochtaí móra ann ag brath ar stádas na teanga laistigh den phobal áitiúil. Tá tacaíocht leanúnach curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais ó foilsíodh an Polasaí chun tacú lena chur i bhfeidhm.

Tá sé i gceist go gcabhróidh an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* agus na bearta atá ann leis na spriocanna atá luaite sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* a bhaint amach maidir le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá sé d'aidhm ag an bPolasaí forbairt a dhéanamh ar na buntáistí agus na láidreachtaí teangeolaíochta atá ann sa Ghaeltacht i gcomhar le próisis pleanála teanga áitiúla agus le grúpaí éagsúla sna pobail Ghaeltachta.

Tá seacht gcolún tacaíochta sa Pholasaí (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016:9), ach seo na cinn a bhaineann go díreach le cuspóir na tuarascála seo:

- Colún tacaíochta 6: Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú
- Colún tacaíochta 7: Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus tacú leo

Déanfar cur síos sa Pholasaí ar na cúraimí agus ar na freagrachtaí a bhaineann le naisc a bhunú idir naíonraí agus bunscoileanna Gaeltachta, agus ar na moltaí faoi naisc a threisiú idir an scoil agus an teaghlach chomh maith.

### 6.4.2 Colún Tacaíochta 6: Sprioc chun soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú

Ceann d'aidhmeanna Pholasaí an Rialtais don Oideachas Gaeltachta is ea caighdeán an tsoláthair oideachais trí mheán na Gaeilge a neartú i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige sa Ghaeltacht. Tá príomhfhreagracht ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige do pholasaí maidir le foghlaim agus cúram na luath-óige, agus maidir leis an nGaeltacht, oibríonn an RLCMLO i gcomhpháirt leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis an Roinn Oideachais agus le gníomhaireachtaí ábhartha.

Aithnítear an aidhm seo sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta:

> Treoir a chur ar fáil do naíonraí agus bunscoileanna maidir le naisc a fhorbairt idir na naíonraí agus an bhunscoil le heiseamláirí den dea-chleachtas a chur san áireamh. (ROS, 2016: 43)

De réir an Pholasaí, soláthraíonn naisc dhearfacha idir naíonraí agus bunscoileanna breis deiseanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh de na seirbhísí luathbhlianta agus de na scoileanna. Luann an Polasaí gur fiú naisc a bheith ann idir naíonraí agus bunscoileanna; idir scoileanna agus eagraíochtaí cultúrtha, spóirt agus teanga; agus idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (ROS, 2016: 45). Sna naisc seo, beidh tacaíocht á tabhairt ag na grúpaí éagsúla dá chéile.

Cuireann an Polasaí an-bhéim ar an leanúnachas maidir le taithí na ndaltaí i gcúrsaí oideachais trí mheán na Gaeilge idir naíonraí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

Luann an Polasaí go bhféadfadh “naisc idir suíomhanna oideachais a tharlú trí dheiseanna cumarsáide, acmhainní a chomhroinnt, eolas a chomhroinnt faoi fhoghlaimeoirí de réir mar a bhíonn siad ag aistriú idir suíomhanna, agus tríd an gcomhoibriú idir suíomhanna maidir le comhthionscnaimh agus comhghníomhaíochta” (ibid).

Tá sé léirithe sa Pholasaí go gcabhróidh an saghas seo tacaíochta le haistriú na bpáistí idir suíomhanna a éascú, le dul i ngleic le saincheisteanna teanga ina measc, agus tá sé molta ann go mbunófaí clár aistrithe do na páistí a bheidh ag teacht isteach i suíomh nua. Tá an-chuid naisc éifeachtacha ar bun cheana féin idir suíomhanna oideachais. Moltar an cleachtas seo a chomhroinnt trí threoirlínte scoile agus plé idir na páirtithe leasmhara (An Roinn Oideachais 2016: 45).

Moltar sa Pholasaí go rachadh na heagraíochtaí atá i bhfeighil an phróisis pleanála teanga i dteagmháil le scoileanna na Gaeltachta ionas go dtuigfeadh an dá thaobh na róil atá acu sa phróiseas sin (An Roinn Oideachais 2016: 45).

### 6.4.3 Colún Tacaíochta 7: Sprioc chun feasacht a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus tacú leo

Má tá tuismitheoirí páirteach in oideachas a gcuid páistí ag gach leibhéal ón naíonra ar aghaidh, éascóidh sé sin na naisc idir na grúpaí éagsúla ag gach leibhéal oideachais a chothú.

Aithnítear sa Pholasaí an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí agus dea-chaidrimh idir tuismitheoirí, scoileanna agus naíonraí. Moltar sa Pholasaí go gcuirfí in iúl do na tuismitheoirí na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an oideachas trí mheán na Gaeilge dá bpáistí ina bhforbairt phearsanta agus shóisialta, ina gcuid oideachais, ina gcumas chun teangacha a fhoghlaim agus i ndeiseanna eile a bheidh acu amach anseo. De réir an Pholasaí, is gá a dhearbhú do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge go bhfuil fiúntas lena n-iarrachtaí dá gclann féin agus dá bpobal. Anuas air sin, tá ríthábhacht ag baint le dearcthaí fabhracha a bheith ag tuismitheoirí i leith an pholasaí teanga agus i leith úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc chun meon dearfach comhoibritheach a chothú ina bpáistí féin (ROS 2016: 45-46).

Moltar sa Pholasaí go ndéanfar dea-chleachtas maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí a chomhroinnt i measc na bpríomhoidí, na múinteoirí, na mbainisteoirí agus na n-oideoirí luathbhlianta sna naíonraí. Moltar sa Pholasaí deiseanna mar líonraí gairmiúla, imeachtaí um fhorbairt ghairmiúil agus treoirlínte a chur ar fáil maidir le polasaithe agus cleachtais do scoileanna Gaeltachta (ROS, 2016: 46).

Aithnítear sa Pholasaí go mbíonn tacaíocht ag teastáil ó thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá tagairt ann do na hIonaid Tacaíochtaí Teaghlaigh sa chomhthéacs seo. Bíonn deiseanna ag teastáil ó theaghlaigh nach cainteoirí dúchais iad le feabhas a chur ar a gcumas sa Ghaeilge chomh maith agus tá sé tábhachtach go spreagfaí iad chun a leithéid a dhéanamh (ROS, 2016: 46).

Moltar sa Pholasaí (ROS, 2016):

- treoir a sholáthar agus a scaipeadh maidir le naisc scoile-phobail agus naisc idir suíomhanna oideachais a chothú, lena n-áirítear eiseamláirí de chleachtas éifeachtach (lch. 46)
- treoirlínte a fhorbairt do scoileanna Gaeltachta maidir le rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht tuismitheoirí (lch. 47).

Táthar ag súil go gcuideodh na gníomhartha seo le tuiscint a fhorbairt i measc tuismitheoirí agus pobal sa Ghaeltacht ar an bhfiúntas a bhaineann leis na nGaeilge, leis an gcultúr Gaelach agus leis an oideachas trí mheán na Gaeilge atá ar ardchaighdeán. Moltar an fheasacht seo a ardú trí bhileoga eolais do thuismitheoirí, seimineáir agus na meáin shóisialta (ROS 2016: 47).

### 6.4.4 *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais*

Foilsíodh Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta chun tacaíocht phraiticiúil agus léiriú a thabhairt do na bunscoileanna ar tháscairí dea-chleachtais an tumoideachais (AOG, 2018: 5) agus d'fhoilsigh an Roinn leagan leasaithe den Treoir do Bhunscoilanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas in 2020.

Cabhróidh na táscairí dea-chleachtais le scoileanna sainspriocanna a aithint atá ag teacht leis na critéir theangabhunaithe éagsúla chun an tumoideachas a neartú. Tá na táscairí dea-chleachtais ar fáil mar áis don phróiseas féinmheastóireachta agus feabhsúcháin scoile.

Sa tuarascáil seo, díreofar ar na míreanna a bhaineann go sonrach le naisc idir bunscoileanna agus naíonraí. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun tógáil ar naisc atá ann cheana féin agus naisc nua a bhunú mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta.

Is mar chuid den fhéinmheastóireacht scoile (FMS) a bheidh an phleanáil chun athmhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas chun tógáil ar naisc atá ann cheana féin agus iad a threisiú, agus cinn eile a bhunú (An Roinn Oideachais, 2018: 7, 8).

Sna critéir theangabunaithe atá riachtanach chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach, tugann an *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta* tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile. Leagtar béim ar naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (naíonraí). Tá na táscairí dea-chleachtais ailínithe leis an *gCreat Cáilíochta do Bhunscoileanna: Ag Breathnú ar an Scoil Againne* (ROS, 2016: 12).

Tá sé aitheanta sa *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta* ar na dea-chleachtais don tumoideachas go bhfuil gach scoil difriúil agus go mbeidh táscairí áirithe úsáideach do chomhthéacsanna áirithe agus agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh cinn eile. Beidh príomhoidí agus múinteoirí in ann an comhthéacs atá acu féin a mheas i leith gach critéar teanga-bhunaithe agus cur leis na táscairí dea-chleachtais de réir mar a oireann sé dá scoil féin (An Roinn Oideachais 2018: 12). Anuas air sin, deir an *Treoir* go bhféadfaí úsáid a bhaint as an gcontanam feabhsúcháin thíos i gcás gach táscaire dea-chleachtais chun na chéad chéimeanna feidhmiúcháin eile a threorú:

| **Contanam Feabhsúcháin** | | | |
|---|---|---|---|
| 1: le cur i bhfeidhm fós | 2: dul chun cinn déanta | 3: á chur i bhfeidhm | 4: curtha i bhfeidhm cheana |

Má úsáideann scoileanna an contanam seo, tuigfidh siad cén áit a bhfuil siad maidir leis na critéir theanga agus cad atá le déanamh fós acu. Baineann na huimhreacha sa tábla thíos leis an gcontanam seo.

Maidir le naisc idir naíonraí agus bunscoileanna, seo thíos na samplaí de tháscairí dea-chleachtais a dhíríonn ar na naisc idir an naíonra agus an bhunscoil.

### *Critéar 11 do bhunscoileanna*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge … | | | | |
| **Diminsean:** | Ceannaireacht agus Bainistíocht, agus Teagasc agus Foghlaim | | | | |
| **Réimse:** | • Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc<br>• Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile<br>• Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí | 1 | 2 | 3 | 4 |
| **Samplaí de Tháscairí** | Tá nasc láidir agus bealach cumarsáide idir an naíonra áitiúil agus an bhunscoil chun na pointí tosaigh d'fhoghlaim teanga | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dea-Chleachtais** | na bpáistí a shoiléiriú agus chun tacaíochtaí éifeachtacha a fhorbairt d'aistriú na bpáistí. | | | | |
| | Bíonn comhoibriú idir an suíomh luathoideachais (an naíonra) agus an bhunscoil chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí ó thaobh an oideachais trí mheán na Gaeilge de. | | | | |

An Roinn Oideachais, *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas* (2020: 26)

Cuireann *Na Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas: Treoir do Bhunscoileanna (2020)* béim ar an tábhacht atá leis na naisc idir naíonraí agus bunscoileanna agus idir tuismitheoirí agus an córas oideachais.

## 6.5 Achoimre agus impleachtaí

Tá tagairt chomhsheasmhach sna doiciméid a phléitear sa chaibidil seo do mholtaí maidir le naisc a bhunú idir naíonraí, bunscoileanna agus teaghlaigh. Cur chuige comhtháite idir na réimsí oideachais, teaghlaigh, agus Gaeltachta atá molta sa *Straitéis 20 Bliain don Gaeilge 2010-2030* agus sa *Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022*.

Cuireann *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* béim láidir ar an leanúnachas maidir le tumoideachas trí Ghaeilge sna naíonraí, sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna. Leagann an *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas (2020)* bealach soiléir amach chun sainspriocanna a aithint agus an dul chun cinn a thuairisciú.

Sna doiciméid éagsúla atá luaite sa chaibidil seo moltar naisc a bhunú idir naíonraí agus bunscoileanna ionas go mbeidh siad ag tabhairt tacaíocht dá chéile. Leagtar béim ar na buntáistí a bhaineann leis na naisc seo ó thaobh leanúnachas foghlama agus teanga de agus moltar go dtógfaí ar an dea-chleachtas atá i bhfeidhm cheana féin.

Tugtar faoi deara go bhfuil aird tugtha ar an ngá atá le naisc teanga agus chultúrtha a fhorbairt sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* (a phléitear i gCaibidil 4) agus sa *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas (2020).* Tugann sé seo deis chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid réimse gníomhaíochtaí chun na naisc idir naíonraí agus bunscoileanna a neartú. Bheadh sé tairbheach freisin na buntáistí sóisialta agus folláine do leanaí a mheas.

# 7. Taighde Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar aistrithe dearfacha a chur chun cinn idir naíonraí agus bunscoileanna

## 7.1 Réamhrá

Déantar athbhreithniú sa chaibidil seo ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus déantar iniúchadh ar eiseamláirí de chláir aistrithe agus ar na naisc idir bunscoileanna agus naíonraí. Áirítear seo a leanas:

- Torthaí *Growing Up in Ireland,* an chéad staidéar fadaimseartha ar leanaí in Éirinn, maidir le hullmhacht don scoil agus aistriú chuig an scoil
- *Mo Scéal*, clár nua a d'fhorbair an CNCM in 2018, chun tacú le haistrithe dearfacha chuig an mbunscoil agus tá pacáiste teimpléid tuairiscithe, eolas ar scileanna agus ar mheonta leanaí ann, agus moltaí faoi ghníomhaíochtaí idir earnáil fhoghlama agus chúraim na luath-óige agus earnáil na bunscolaíochta.
- *An Traein*, foilsithe ag Forbairt Naíonraí Teo. agus Gaelscoileanna in 2011, clár ina ndéantar cur síos ar conas clár aistrithe a cheapadh
- Torthaí athbhreithnithe taighde a rinneadh sa Nua-Shéalainn maidir le naisc agus an t-aistriú idir suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus bunscoileanna, agus Tionscnamh Gippsland na hAstráile maidir le naisc a chothú idir gairmeacha éagsúla luath-óige
- Tuarascáil na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE/OECD) ar aistriú ó Oideachas agus Cúram na Luath-óige go dtí Oideachas Bunscoile.

Tá aistriú dearfach, rathúil chuig an mbunscolaíocht fíorthábhachtach do leanaí atá ag freastal ar naíonra sa Ghaeltacht chun tacú lena bhforbairt chognaíoch, shóisialta agus teanga. Tá gá le tuiscint ar chomhthéacs uathúil na naíonraí atá ag feidhmiú i gceantair Ghaeltachta agus tá sé thar a bheith tábhachtach naisc a chothú le bunscoileanna Gaeltachta. Rianaítear na himpleachtaí maidir leis an ngá atá le naisc a neartú idir naíonraí agus bunscoileanna Gaeltachta sna codanna thíos.

## 7.2 Taighde: *Growing Up in Ireland*

### 7.2.1 Cúlra agus cinntí

Bailíodh eolas ó bhreis agus 9,000 páiste cúig bliana d’aois agus a dteaghlaigh, a gcuid múinteoirí bunscoile agus príomhoidí sa staidéar fadaimseartha *Growing Up in Ireland (GUI)*. Rinneadh scagadh ar na sonraí seo chun tacú leis an bplé ar shaincheisteanna a bhaineann le haois iontrála scoile, ullmhacht scoile agus caidreamh le páirtithe leasmhara.

Rinne Smyth (2018) anailís ar na sonraí *Growing Up in Ireland* i gcomhthéacs an aistrithe go dtí an bhunscoil. Thug sí faoi deara go bhfuil ardú tagtha san aois tosaithe bunscoile le blianta beaga anuas go háirithe ó cuireadh bliain saor in aisce do shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige ar fáil in 2010 (Smyth, 2018). Ó 2018 tá dhá bhliain saor in aisce do shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige curtha ar fáil. Tosaíonn páistí ó theaghlaigh ghairmiúla/bhainistíochta agus ard-oilte agus leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu ar scoil níos déanaí ná leanaí eile (ibid.). Le linn an aistrithe ón naíonra go dtí an bhunscoil, bíonn caidreamh dearfach idir máithreacha (ba mháithreacha iad formhór na bpríomhchuramóirí) agus a bpáistí an-chabhrach, chomh maith lena n-eispéiris ar scéalta agus ar shúgradh cruthaitheach sa bhaile (ibid.). Fuarthas go raibh máithreacha ag cabhrú lena bpáistí ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear labhairt faoin scoil, cuairt a thabhairt ar an scoil agus léamh, scríobh agus uimhearthacht a chleachtadh lena bpáiste (ibid.).

Tagraíonn taighde Smyth (2018) do thuairimí na múinteoirí gur beag eolas a tugadh dóibh faoi na scileanna a forbraíodh i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (naíonra) ná faoi láidreachtaí ná dúshláin na leanaí. Thug sí faoi deara “gur dócha go gcuireann an easpa eolais seo srian ar leanúnachas eispéiris foghlama na bpáistí” (ibid.). Leagann sé seo béim ar a thábhachtaí is atá an cineál faisnéise seo a chur ar fáil sna foirmeacha a úsáidtear agus leanaí ag aistriú ó naíonraí go bunscoileanna.

De réir na sonraí GUI, d’éirigh go breá le formhór na leanaí agus iad ag aistriú, ach bhí deacrachtaí ag roinnt buachaillí, leanaí a raibh riachtanais bhreise oideachais acu, leanaí ó chúlra lenar bhain deacrachtaí sochmhothúchánacha, leanaí nach raibh acu ach tuismitheoir amháin, agus leanaí ó theaghlaigh mhóra (Smyth, 2018). Mar gheall ar na dúshláin seo, bhí sé níos deacra ag roinnt múinteoirí caidreamh a bhunú le buachaillí, le leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste nó le leanaí a raibh riachtanais bhreise oideachais acu (ibid.).

Le tamall anuas, sa taighde agus sa litríocht ar ullmhacht don scoil, tá níos mó béime ar an gcaidreamh agus ar an idirghníomhaíocht idir an teaghlach, an scoil agus an páiste. De réir taighde Smyth (2018) agus Ring *et al.* (2016) cuireann múinteoirí bunscoile níos mó béime ar scileanna praiticiúla, is é sin, ar scileanna féinchabhracha (páistí ag tabhairt aire dá rudaí féin agus go mbeidh siad ábalta déileáil leis an leithreas, mar shampla) agus ar scileanna sóisialta agus mothúchánacha (go mbeidh páistí in ann a gcuid riachtanas a chur in iúl, go mbeidh siad in ann sealanna a ghlacadh agus go mbeidh siad in ann a n-iompar sa rang a bhainistiú). Bhí Ring et al. (2016) ag teacht leis an tuairim seo.

### 7.2.2 Achoimre agus impleachtaí

Cuireann an taighde seo béim láidir ar an tábhacht a bhaineann le leanúnachas foghlama a chur chun cinn idir suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (naíonraí) agus bunscoileanna. Leagann torthaí an staidéir GUI béim ar raon gníomhaíochtaí, mar a aithníodh níos luaithe sa tuarascáil seo, atá lárnach chun tacú leis an leanúnachas seo. Áirítear seo a leanas:

- Eolas faoi scileanna agus meonta leanaí i leith na scoile a chur in iúl. Cé go mbeadh foirmeacha aistrithe faisnéise úsáideach, bheadh leas le baint as cruinnithe idir oideoirí luathbhlianta sa naíonra agus múinteoirí bunscoile chomh maith chun eolas a roinnt faoi na páistí, le cead na dtuismitheoirí.
- Tacú le tuismitheoirí a bheith réamhghníomhach - Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí i gcothú timpeallacht dhearfach foghlama sa bhaile. I measc na ngníomhaíochtaí a aithníodh tá: scéalta a léamh agus a insint go minic, gníomhaíochtaí cruthaitheacha a chur ar fáil ar nós súgradh le huisce, péinteáil, bácáil agus rudaí a dhéanamh as amhábhar timpeall an tí.
- Cuairteanna ar bhunscoileanna - B'fhiú, nuair is féidir, cuairteanna ar an scoil a eagrú ionas go mbeidh na páistí eolach ar an suíomh nua. Beidh ar scoileanna féachaint chuige go bhfuil tacaíocht ar fáil chun caidreamh fónta a bhunú agus a chothú le teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

## 7.3 *Mo Scéal*

### 7.3.1 Cúlra agus ábhair

D'fhorbair an CNCM an tionscnamh *Mo Scéal* sa bhliain 2017-18 i bpáirt le suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige, naíonraí ina measc, agus bunscoileanna chun tacú le páistí agus lena dteaghlaigh san aistriú. Cuidíonn dea-chaidrimh idir suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus bunscoileanna le haistriú dearfach a éascú do na leanaí. Cuireann caidrimh ghairmiúla den sórt sin ar chumas oideoirí luathbhlianta an naíonra agus múinteoirí na naíonán eolas tábhachtach maidir le foghlaim agus forbairt na leanaí a roinnt agus tuiscint níos fearr a fháil ar thimpeallacht foghlama, curaclaim agus oideolaíochta a chéile.

Tá pacáiste aistrithe ar fáil ag an CNCM ar a suíomh gréasáin. Sa phacáiste tá:

- Dhá theimpléad thuairiscithe bunaithe ar théamaí *Aistear*
- Eolas faoi na scileanna agus na meonta a chabhraíonn le leanaí
- Gníomhaíochtaí aistrithe do shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus do na bunscoileanna faoi seach agus gníomhaíochtaí le déanamh le chéile

- Moltaí faoi bheith ag obair i bpáirt le tuismitheoirí
- Achoimrí taighde.

Tá podchraoltaí agus leidbhileoga ar fáil chun scéalta oiriúnacha a phlé, cuid mhór acu i nGaeilge agus i mBéarla. Áis atá sa phacáiste seo chun próiseas an aistrithe a éascú agus cé nach bhfuil sé riachtanach í a úsáid, tá sé i gceist ag an Roinn Oideachais agus ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige próiseas treorach agus tacaíochta a fhorbairt chun cabhrú le daoine a bheidh ag úsáid na dteimpléad agus moltaí eile a thairiscint.

### 7.3.2 Na Teimpléid

Tá dhá leagan de na teimpléid aistrithe ar fáil chun tacú le suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus le bunscoileanna.

#### *Mo Scéal (Teimpléad Tuairisce 1)*

Is éard atá i Teimpléad Tuairisce 1 ná sonraí an pháiste, spás bán chun scríobh mar gheall ar láidreachtaí an pháiste faoi cheithre théama *Aistear*: Folláine; Féiniúlacht agus Muintearas; Cumarsáid agus Taiscéalaíocht; agus Smaointeoireacht. Tá straitéisí ann a chuideoidh leis an bpáiste socrú isteach sa scoil. Tá smaointe ann freisin faoi conas is féidir le tuismitheoirí cabhrú leis an bpáiste i gcaitheamh bhriseadh an tsamhraidh. Tá roinn ann do thuismitheoirí chun eolas a thabhairt faoina bpáiste agus tá roinn ann don pháiste chun pictiúr a chur isteach más mian leis/léi. Tá áit ann freisin ina dtugann an páiste cead chun a ghníomhaíocht a roinnt leis an scoil agus tá áit ann ina dtugann an tuismitheoir cead chun an fhoirm a chur ar aghaidh chuig an scoil.

#### *Mo Scéal (Teimpléad Tuairisce 2)*

Tá na sonraí i Teimpléad Tuairisce 2 mar atá thuas, ach amháin go bhfuil ceithre théama *Aistear* sonraithe go mion agus go bhfuil boscaí le ticeáil fúthusan agus (ar scála) faoi cé chomh minic agus a tharlaíonn na gníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann leis na ceithre théama.

### 7.3.3 Aistriú: gníomhaíochtaí do shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige

Nuair a bhíonn suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige ag ullmhú leanaí le haistriú chuig bunscoileanna, moltar i *Mo Scéal* riar leathan gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm. Tá béim ar thábhacht scileanna sóisialta, scileanna cainte agus ar mheonta dearfacha foghlama cosúil le neamhspleáchas, fiosracht agus teacht aniar.

Tá moltaí ann faoi naisc leis an mbunscoil trí ghrianghraif agus trí chuairteanna a eagrú. Mar shampla, molann *Mo Scéal* leabhair ghrianghraf agus taispeántais de na scoileanna a mbeidh na páistí ag dul chucu. D'fheadfaí bábóg ón suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige a thabhairt ar cuairt go dtí an scoil/na scoileanna agus pictiúir a thógáil di in áiteanna éagsúla sa scoil.

Bheadh an-tairbhe le baint as cuairt ar an scoil agus as an múinteoir scéal a léamh do na páistí. D'fhéadfadh an múinteoir naíonán teacht ar cuairt chuig an suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige le scéal a léamh nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht éigin.

B'fhiú na tuismitheoirí a spreagadh chun labhairt lena bpáistí faoi dhul ar scoil, chun cabhrú leo a bheith neamhspleách ó thaobh féinchúraim de agus chun aire a thabhairt dá nithe féin. I rith an tsamhraidh, roimh dhul chuig an mbunscoil, b'fhiú do na páistí sin bualadh le páistí eile a bheidh ag dul go dtí an scoil chéanna.

### 7.3.4 Aistriú: gníomhaíochtaí don bhunscoil

Moltar do scoileanna na foirmeacha tuairisce a úsáid chun eolas a fháil faoi scileanna, faoi mheonta agus faoi thaithí na ndaltaí nua.

Mar atá luaite thuas i dtaca le suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige, moltar grianghraif den scoil a chur chuig an suíomh foghlama agus cúraim/na suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige chun go rachaidh na páistí i dtaithí ar an scoil.

Maidir le naisc le tuismitheoirí, moltar pacáiste eolais a chur ar fáil dóibh le heolas ar conas is féidir cabhrú le páistí agus iad ag tosú ar scoil; an curaclam, an tábhacht a bhaineann le súgradh agus an chaoi a dtacaíonn sé le foghlaim agus le forbairt páistí; clár ama an lae agus clár na bliana.

Moltar freisin seisiún eolais/oíche oscailte a eagrú sula dtosaíonn na páistí ar scoil, agus go bpléadh an múinteoir bunscoile agus t-oideoir luathbhlianta sa naíonra na tuairiscí faoin bpáiste leis an tuismitheoir.

B'fhiú seisiún eolais eile a reáchtáil ag deireadh mhí Mheán Fómhair chun na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin gcuraclam agus faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leis na páistí socrú isteach sa scoil.

Anuas air sin, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do leanaí ón suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige teacht go dtí imeachtaí sa scoil - an Lá Spórt, Dráma na Nollag nó go dtí ionad sa phobal leithéidí an chlós súgartha, mar shampla.

### 7.3.5 Taighde ar na grúpaí éagsúla: scéim phíolótach *Mo Scéal*

Cén t-eolas atá ann go n-oibríonn *Mo Scéal*? Eagraíodh scéim phíolótach roimh ré (CNCM 2018) agus tá an tuarascáil deiridh ar an *Tionscnamh um Aistriú ón Réamhscoil go Bunscoil* ar fáil ar shuíomh idirlín CNCM. Le linn na scéime píolótaí, reáchtáladh

- Ceithre cheardlann faoi *Aistear* d'fhoireann bhunscoile agus d'fhoireann na luathbhlianta le chéile
- Cuairteanna ar láithreacha oibre a chéile
- Tuairiscí aistrithe a chomhroinnt idir oideoirí luathbhlianta sna naíonraí agus múinteoirí bunscoile
- Cruinnithe le tuismitheoirí

Bailíodh tuairimí na ngrúpaí éagsúla a raibh baint acu leis an scéim phíolótach *Mo Scéal* agus tá achoimre orthu sa Tábla thíos.

| **Achoimre ar thuairimí – Scéim phíolótach *Mo Scéal*** |
|---|
| ***Foireann na réamhscoileanna agus na mbunscoileanna*** |
| Trí dhea-chaidreamh gairmiúil a chothú, cuireadh leis an muinín a bhí ag na rannpháirtithe i leith saineolas gairmiúil a chomhroinnt (CNCM, 2018: 31). D'fhreastail gairmithe eile, ar nós teiripeoirí cainte agus teanga, ar na cruinnithe leis na tuismitheoirí freisin chun aistriú páistí a raibh riachtanais bhreise acu a phlé. Shíl na rannpháirtithe gur rud tábhachtach í an teagmháil phearsanta idir oideoirí luathbhlianta agus múinteoirí agus go dtógann sé tamall caidreamh gairmiúil a chothú. Bhí na múinteoirí bunscoile an-sásta leis na tuairiscí agus bhraith siad go raibh eolas réasúnta maith acu ar na páistí a bhfuair siad tuairiscí ina leith. Ba mhór acu freisin an deis a bheith acu comhráite breise a dhéanamh faoi na páistí.<br><br>Bhain na múinteoirí úsáid as na tuairiscí ar bhealaí difriúla – chun cairde a chur sna grúpaí céanna, nó chun bréagáin arbh eol dóibh a thaitin leis na páistí a chur ar fáil dóibh an chéad lá. D'úsáid go leor múinteoirí na straitéisí ar leagadh béim orthu sna tuairiscí chun cuidiú le páistí a raibh deacrachtaí beaga acu, ar nós rud éigin ábhartha a bheith ina lámh ag páiste nuair nach raibh sé éasca air nó uirthi suí go ciúin ag éisteacht le scéal.<br><br>Pléadh an cheist maidir le teimpléid dhátheangacha nó teimpléid i nGaeilge amháin i gcás scoileanna Gaeltachta. Bhí na teimpléid ar fáil i mBéarla nó i nGaeilge agus níor cuireadh leagan dátheangach ar fáil. Leagadh béim ar an bpointe arís agus arís eile nach raibh sna tuairiscí ach cuid den aistriú agus go raibh an tionscnamh iomlán tábhachtach maidir le caidreamh a chothú agus eolas faoi na páistí a mhalartú (CNCM 2018: 40). |
| ***Tuairimí na dtuismitheoirí*** |
| Léirigh na sonraí sa taighde go raibh na tuismitheoirí an-sásta go raibh deis acu freastal ar chruinniú leis an múinteoir bunscoile agus leis an oideoir luathbhlianta sa naíonra chun an tuairisc aistrithe ón suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige *a* phlé. Tionóladh na cruinnithe sin sa scoil agus bhí an príomhoide nó an múinteoir bunscoile mar chathaoirleach nó mar chomh-chathaoirleach leis an oideoir luathbhlianta réamhscoile. |

Bhí na tuismitheoirí sásta bualadh leis an múinteoir nua agus eolas a roinnt léi. Bhain siad an-leas as an eolas praiticiúil a cuireadh ar fáil. Chuir sé iontas orthu go raibh na múinteoirí bunscoile ag cur béime ar scileanna féinchabhracha agus réamhacadúla, mar shampla, go dtabharfaidh páistí aire dá ngiuirléidí féin, agus nach raibh béim ar litreacha a scríobh nó comhaireamh go dtí 20.

Thaitin sé go mór leo go raibh deis acu a chloisteáil cad a bheadh ar bun i ranganna na naíonán agus chuir siad fáilte roimh mholtaí do ghníomhaíochtaí i gcaitheamh an tsamhraidh. Dúirt siad gur labhair siad faoin scoil go minic leis na páistí, gur léigh siad scéalta go minic dóibh is gur chleacht siad conas an bosca lóin a oscailt agus cótaí a chur orthu. Thiomáin siad nó shiúil siad thar an scoil go minic chun go mbeadh aithne ag na páistí ar an bhfoirgneamh. Shocraigh siad go mbeadh deis ag na paistí bualadh le páistí eile i rith an tsamhraidh, go háirithe le páistí a bheadh ag dul go dtí an scoil chéanna.

Bhí ionadh ar na tuismitheoirí nach raibh mórán imeachtaí aistrithe i bhfeidhm idir réamhscoileanna agus bunscoileanna roimhe sin. Bhí siad breá sásta leis na tuairiscí a scríobhadh faoina gcuid páistí agus go raibh deis acu féin eolas a roinnt faoin bpáiste. I gcás páiste a raibh riachtanais bhreise aige bhí a thuismitheoir an-sásta go raibh eolas ag an múinteoir bunscoile ar straitéisí a chabhraigh leis an bpáiste sa réamhscoil. Cheap daoine eile go raibh an baol ann lipéid a chur ar pháistí le fadhbanna beaga iompair agus go mba ghá a bheith cúramach faoi dhrochthionchar a bheith ag a leithéid ar dhearcthaí múinteoirí bunscoile faoi na páistí.

Cheap na tuismitheoirí go ndeachaigh rannpháirtíocht sa tionscnamh go mór chun tairbhe na bpáistí agus gur shocraigh na páistí síos sa scoil toisc go raibh siad breá ullmhaithe (CNCM 2018: 23). Bhí a lán cúiseanna leis seo: na próisis sa tionscnamh, an scoil agus an réamhscoil a bheith ar an láthair chéanna, agus deartháir nó deirfiúr a bheith sa scoil cheana féin. D'éirigh go breá le páistí a bhí i réamhscoil ar láthair eile chomh maith. Bhí eolas ag na páistí faoin scoil mhór agus cheap siad gur cruthaíodh ceangail idir iad agus an scoil. Bhí eolas ag an múinteoir orthu sular fhreastail siad ar an scoil agus bhí cuairt tugtha acu ar an scoil roimh an gcéad lá.

***Guth na leanaí***

Bailíodh tuairimí ó na páistí ar bhealaí éagsúla, ó chomhráite le tuismitheoirí agus le múinteoirí, agus go díreach ó pháistí a bhí ag caint faoina gcuid pictiúr faoi dhul ar scoil agus in agallaimh físeáin. Rinneadh achoimre ar na tuairimí sin sa Tuarascáil Deiridh (2018: 28- 30):

***Mothúcháin na bpáistí faoi dhul ar scoil***
Bhí cuid mhaith de na páistí an-sásta go raibh siad ag dul ar scoil agus iad ag súil go mór leis. Luaigh siad rudaí nua á bhfoghlaim, éide scoile a chaitheamh, lá níos faide a chaitheamh sa scoil agus a bheith ag spraoi le cairde nua. Bhí beagán imní ar chuid acu.

***Gníomhaíochtaí sa réamhscoil agus sa scoil***
Thaitin sé leis na páistí a bheith: ag imirt taobh istigh agus lasmuigh faoin spéir sa réamhscoil, ag péinteáil, ag líníocht, ag dathú, ag gearradh amach agus ag déanamh míreanna mearaí. Thaitin sé le páistí eile a bheith ag amhránaíocht, ag ceol agus ag damhsa agus dúirt siad gur thaitin leabhair leo agus gur mhaith leo foghlaim conas léamh. Bhí siad ag súil go bhféadfaidís imirt nuair a bheidís ar scoil freisin.

> ***Daoine fásta agus páistí a bhí tábhachtach***
> Bhí formhór na bpáistí ag súil le bualadh leis an múinteoir nua agus lena gcairde scoile nua. Bhí siad ag súil le bheith in éineacht le deirfiúracha nó deartháireacha a bhí rompu sa scoil agus luaigh beagnach gach páiste go rabh siad ag súil le bheith ina suí in aice leis na cairde nó ag imirt leo.
>
> ***Éide, lón agus obair bhaile***
> Bhí an-tábhacht leis na comharthaí seachtracha do pháiste scoile agus luadh an éide scoil, an mála scoile, an lón scoile agus obair bhaile go dearfach.
>
> Léirigh an obair ealaíne agus an físeán gur cheap na páistí go raibh foirgneamh na scoile an-mhór, go raibh an-chuid daoine ann, go raibh deiseanna spraoi sa chlós scoile agus go mbeadh siad ag foghlaim rudaí nua
> (CNCM 2018: 30).

### 7.3.6 *Mo Scéal*: Achoimre agus impleachtaí

Bheadh tairbhe le baint as na moltaí i dtionscnamh *Mo Scéal* chun na naisc a chothú idir naíonraí agus bunscoileanna sa Ghaeltacht, ach iad a chur in oiriúint don chomhthéacs ar leith. Mar shampla, ba ghá a chinntiú gur shainigh na teimpléid tuairiscithe leibhéal cumais Gaeilge an pháiste go soiléir.

B'fhiú go mór féachaint arbh fhéidir forbairt ghairmiúil leanúnach le chéile a eagrú idir naíonraí agus bunscoileanna chun go bhféadfaidís cur lena gcuid eolais ar *Aistear* chun leanúnachas a chothú idir an naíonra agus an bhunscoil. D'fhéadfaidís plean a oibriú amach eatarthu féin faoi cé acu de na foirmeacha aistrithe/ faisnéise a d'úsáidfidís agus cad iad na comh-imeachtaí ba mhaith leo a eagrú.

## 7.4 *An Traein*: Ag aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil

### 7.4.1 Forbairt agus ábhar

D'fhoilsigh Forbairt Naíonraí Teo agus Gaelscoileanna (Gaeloideachas anois) *An Traein,* páipéar cúlra agus leabhrán eolais ar aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil do naíonraí agus Gaelscoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht sa bhliain 2011.

An aidhm a bhí ag an tionscnamh seo ná cabhrú le stiúrthóirí naíonraí, le múinteoirí bunscoile, agus tríothu sin, le páistí agus le tuismitheoirí an t-aistriú ón naíonra go dtí an ghaelscoil a dhéanamh go réidh, socair, sásúil (Mhic Mhathúna 2011: 11).

Tugadh cuntas ar phróiseas an aistrithe, ar na príomhathruithe a bhíonn san aistriú don pháiste agus míníodh na bunphrionsabail a bhain leis an luath-thumoideachas. Moladh

freastal ar riachtanais teanga na bpáistí, bíodh siad ina dtosaitheoirí sa dara teanga nó ina gcainteoirí dúchais. Aithníodh gur de bharr rogha a chuireann tuismitheoirí a bpáistí chuig gaelscoil, rud a chothaíonn dearcadh fabhrach don teanga (Mhic Mhathúna 2011: 20). Aithníodh freisin gur an-chabhair do na páistí an taithí luathoideachais a fuair siad agus iad ag freastal ar naíonra:

> Dar ndóigh is an-chabhair í do na páistí a d'fhreastail ar naíonra, go bhfuil taithí acu ar a bheith rannpháirteach i ngrúpa, ar pháirt a ghlacadh in imeachtaí rialta faoi stiúir an stiúrthóra is a mbealach féin a dhéanamh ag am saor-imeartha is na buntáistí sóisialta is cognaíocha eile a bhaineann le hoideachas luath-óige a bheith blasta acu (Mhic Mhathúna 2011: 21).

Moladh feidhm a bhaint as an dá chreat náisiúnta *Aistear* (CNCM, 2009) agus *Síolta* (2006) chun leanúnachas idir an dá earnáil a chothú agus moladh go mbeadh clár aistrithe comhaontaithe ann idir naíonraí agus Gaelscoileanna.

### 7.4.2 Fianaise taighde idirnáisiúnta

Tacaíonn taighde Dunlop agus Fabian (2007) le bunú cláir aistrithe idir an suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige agus an bhunscoil a théann in oiriúint don chomhthéacs áitiúil ar bhealach oscailte solúbtha. Creideann siad go mba chóir tús a chur le clár den sórt sin leis an bprionsabal gur comhfhiontar idir na páistí, na teaghlaigh, na hoideoirí luathbhlianta agus na múinteoirí sa phobal acu féin atá san aistriú agus go bhfuil sé d'aidhm ag an gclár aistrithe cabhair agus tacaíocht a thabhairt do na páistí dul ar aghaidh go dtí an chéad staid eile ina saol mar dhaoine cumasacha gníomhacha.

Tá moltaí curtha ar fáil ag Fabian (2002) agus Dunlop agus Fabian (2007) faoi chlár aistrithe a cheapadh do pháistí, d'oideoirí luathbhlianta agus do thuismitheoirí ina mbeadh eolas faoi na nithe seo a leanas:

- Polasaí aistrithe ag an scoil agus ag an naíonra
- Teagmháil a chothú idir stiúrthóirí agus múinteoirí chun obair a chéile a thuiscint
- Oiliúint is tacaíocht a chur ar fáil don mhúinteoir agus do bhaill eile foirne
- Cabhrú leis an múinteoir aithne a chur ar na páistí
- Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a chothú
- Gníomhaíochtaí a eagrú chun cabhrú leis na páistí agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí eolas a chur ar shuíomh na scoile, taithí a fháil ar an lá scoile, agus bualadh leis an múinteoir
- Teagmháil le Gaelscoileanna is le scoileanna eile chun eolas a roinnt faoi dhea-chleachtas
- An clár aistrithe a mheas go tráthrialta.
- Oiliúint a chur ar fáil do phróiseas an aistrithe do na stiúrthóirí agus na múinteoirí.

Tá roinnt samplaí de ghníomhaíochtaí aistrithe, ón taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, a d'fhéadfaí a chur chun feidhme ar fáil in Aguisín 1.

### 7.4.3 An Traein - conas clár aistrithe a fhorbairt

Beidh toscaí faoi leith ag baint le gach naíonra, le gach scoil agus leis na naisc idir na naíonraí agus na scoileanna. Is gá machnamh ar na cúinsí logánta agus ar na fachtóirí thíos nuair atá clár aistrithe á leagan amach:

- Suíomh na scoile i leith an naíonra: an bhfuil siad ar an láthair chéanna?
- Cad iad na naíonraí agus na Gaelscoileanna atá sa cheantar céanna?
- Ar chóir idirdhealú a dhéanamh idir tuismitheoirí/caomhnóirí nua don scoil agus daoine a bhfuil páistí acu sa scoil cheana féin?
- Conas is féidir leis an scoil forbairt a dhéanamh ar theanga na bpáistí a bhí sa naíonra?
- An mbeidh páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu ag aistriú ón naíonra go dtí an scoil?
- Cad iad na bealaí a dtugann an dá earnáil tacaíocht, spreagadh agus cúnamh do na tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis an nGaeilge?
- Ceisteanna ama: cé mhéad ama a bheidh i gceist leis an gclár aistrithe? Cathain a chuirfear tús leis an gclár? Cén fad a leanfar leis?

Seo cur chuige amháin chun clár aistrithe a phleanáil:

- Aidhmeanna an chláir aistrithe ar bhonn logánta a leagan amach
- Na gníomhartha agus na gnéithe den chlár aistrithe atá ar bun faoi láthair a liostáil
- An staid idéalach a leagan amach
- Tosaíochtaí an chláir aistrithe agus sonraí ábhartha eile a leagan amach
- Pleanáil ar an mbealach leis na tosaíochtaí don chlár aistrithe a chur i gcrích:
    1. Cén tréimhse ama a bheidh i gceist, ó Lá Fhéile Pádraig go dtí Oíche Shamhna, mar shampla
    2. Na daoine a bheidh páirteach sa chlár aistrithe a ainmniú: múinteoirí na naíonán, an príomhoide, baill eile d'fhoireann na scoile, bainisteoirí agus oideoirí luathbhlianta na naíonraí, na páistí, na tuismitheoirí/caomhnóirí
    3. Na hacmhainní ama agus an buiséad a bheidh ag teastáil.
- Plean le haghaidh measúnaithe

### 7.4.4 Achoimre agus impleachtaí

Bheadh sé tairbheach na moltaí thuas faoin gclár aistrithe a phlé i leith na naíonraí agus na mbunscoileanna Gaeltachta. Tá dea-chleachtas ar bun faoi láthair ar bhealaí chun an teaghlach a chur ar an eolas, deiseanna a chur ar fáil do leanaí taithí a fháil ar an scoil, agus naisc a chothú idir bunscoileanna agus naíonraí. Ó foilsíodh *An Traein* in 2011 tá foirmeacha aistrithe eile forbartha ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus CNCM. In 2020, d'fhoilsigh Gaeloideachas leagan uasdátaithe de chlár An Traein ar a suíomh gréasáin. Bheadh sé tairbheach machnamh a dhéanamh ar na forbairtí seo agus tógáil ar an dea-chleachtas atá ann cheana féin chun tacú le haistrithe ó naíonraí go bunscoileanna sa Ghaeltacht.

## 7.5 Tionscadal na Nua-Shéalainne - Taighde Aistrithe ó Oideachas na Luath-óige go dtí an Scoil

### 7.5.1 Cúlra agus cur chuige

Rinne Peters (2010) ón Nua-Shéalainn léirbhreithniú ar thaighde idirnáisiúnta ar an aistriú ó shuíomh foghlama agus cúraim na luath-óige go dtí an bhunscoil agus rinne sí rangú ar na bealaí a tuairiscíodh faoi eolas faoin scoil a thabhairt do pháistí agus dá dteaghlaigh agus faoi éifeacht na mbealaí sin. Cuirtear san áireamh anseo:

- cuairteanna ar an scoil nua;
- DVD/físeán;
- leabhar grianghraf faoin scoil nua;
- leabhair pictiúr faoin scoil;
- taispeántas faoin scoil;
- bileoga aistrithe;
- lá oscailte don phobal;
- suíomhanna idirlín;
- taispeántas do thuismitheoirí.

Dearbhaíonn Peters (2010), cé go bhfuil go leor straitéisí ann chun an t-aistriú a éascú, go bhfuil freagrachtaí orthu siúd a bhfuil baint acu leis an bpróiseas freisin. Tá roinnt samplaí de na straitéisí agus na freagrachtaí a aithníodh i léirmheas Peters ar an litríocht le breithniú thíos, le moltaí curtha in oiriúint do chomhthéacs na Gaeltachta.

***Cuairteanna:*** Cuairteanna ag páistí agus ag tuismitheoirí ar an scoil sular thosaigh na páistí sa scoil nua. Chabhraigh cuairteanna ar an scoil le paistí, agus cuairteanna rialta níos fearr ná ceann amháin. Ba ghá na cuairteanna a phleanáil agus meastóireacht a dhéanamh orthu ina ndiaidh. Cheap tuismitheoirí go raibh sé úsáideach an seomra ranga agus a scoil a fheiceáil iad féin agus tuairim a fháil faoin gclár ama agus faoina mbeadh ar siúl ag na páistí.

***DVD/físeán*:** Rinne páistí sna ranganna sinsearacha físeán faoin scoil, faoin bhfoirgneamh, faoi na seomraí agus faoi na háiseanna agus faoi fhoireann na scoile. Ba ghá é a uasdátú nuair a d'athraigh an fhoireann ina dhiaidh sin.

***Leabhar grianghraf faoin scoil nua*:** Thóg na múinteoirí agus na páistí i rang na naíonán grianghraif den scoil agus d'fhoireann na scoile agus rinne siad leabhar astu do na réamhscoileanna agus do na tuismitheoirí. Bhí pictiúir ann den seomra ranga, den chlós, de na leithris, den oifig, de sheomra na foirne agus araile, agus chuir siad cúpla focal faoi gach pictiúr le heolas a bheadh cabhrach do pháistí nua. Cheap na hoideoirí luathbhlianta agus na tuismitheoirí go raibh an leabhar an-úsáideach chun eolas a chur ar an scoil agus mar spreagadh cainte leis na páistí faoi dhul ar scoil.

***Leabhair pictiúr faoi dhul ar scoil:*** Bhí neart leabhair pictiúr ar fáil, ach bhí cuid acu lán de steiréitíopaí agus dúshláin na ndaoine fásta. Ba ghá cinn oiriúnacha a aimsiú.

***Taispeántas faoin scoil nua***: Crochadh grianghraif de na scoileanna ábhartha sa réamhscoil: na foirgnimh, foireann na scoile agus an éide scoile agus cuireadh grianghraf de na páistí don scoil ábhartha. Chabhraigh sé seo leo chun an múinteoir a aithint agus cé na páistí a bheadh sa rang leo.

***Bileoga aistrithe***: Cuireadh íosmhéid eolais ar fáil ar an dá bhileog seo, a eisíodh ag amanna éagsúla. Bhain ceann acu le deireadh na réamhscoile agus clárú sa scoil. Bhain an ceann eile lena mbeadh ar siúl sa chéad chúpla lá ar scoil, clár ama agus eolas faoi rannpháirtíocht na dtuismitheoirí.

***Lá oscailte don phobal***: Tugadh cuireadh do thuismitheoirí teacht ar cuairt chuig an scoil agus tugadh ciseán d'áiseanna chun cabhrú le páistí agus iad ag tosú ar scoil dóibh: leabhair, bileoga, siosúr, criáin, gliú, scriosán, rialóir, greamacháin agus páipéar.

### 7.5.2 Ag tacú le scoileanna aithne a chur ar na leanaí agus ar na teaghlaigh

***Punanna/fillteáin a rinne na páistí i suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige:*** D'aibhsigh Peters (2010) gur chabhraigh punanna/fillteáin go mór le daltaí nach raibh teanga na scoile acu, nó a bhí cúthail, mar bhí siad in ann a gcuid oibre a thaispeáint don mhúinteoir agus do dhaltaí eile. Bhí an múinteoir in ann tuiscint a fháil ar eolas, scileanna agus taithí foghlama an dalta. Tá tagairtí in *Síolta* (LFOLÓ 2006) agus in *Aistear* (CNCM 2009) do thábhacht punann (nó fillteáin oibre mar atá in *Aistear*). I gcás leanaí i suíomhanna Gaeltachta, ba mhór an chabhair í dá mbeadh punann nó fillteán oibre ar fáil faoi scileanna éagsúla teanga na leanaí.

***Ag obair i bpáirt le teaghlaigh:*** Sa léirbhreithniú a rinne Peters ar an taighde, bhí an-bhéim ar chomhpháirtíocht a bhunú idir scoileanna agus tuismitheoirí, ach uaireanta, braitheann tuismitheoirí nach bhfuil fáilte ag an scoil rompu. Cheap múinteoirí gur thuig tuismitheoirí go mbeadh fáilte rompu ag am ar bith, ach ní mar sin a bhraith na tuismitheoirí i gcásanna áirithe. Moladh go mbeadh am agus áit 'oifigiúil' sa scoil ina bhféadfadh tuismitheoirí labhairt leis an múinteoir. Chabhraigh tuairiscí ón scoil le heolas a fháil faoi conas a bhí an dalta ag socrú isteach sa scoil (Peters, 2010). I gcás na hÉireann, leagann *Síolta* an-bhéim ar chomhpháirtíocht le tuismitheoirí (LFOLÓ 2006) agus léiríonn *Aistear* a lán bealaí éagsúla ar féidir le tuismitheoirí agus le scoileanna oibriú le chéile ar mhaithe leis na daltaí (CNCM 2009).

D'fhéadfadh constaic a bheith ann do thuismitheoirí nuair nach labhraíonn siad teanga na scoile. Ceist an-íogair í seo do scoileanna Gaeltachta nuair a thagann tuismitheoirí a labhraíonn Béarla nó teangacha eile isteach sa scoil. Molann Peters go mbainfí úsáid as Oifigeach Teagmhála Baile/Scoile le teanga na dtuismitheoirí chun eolas a roinnt.

***Tréithe an mhúinteora:*** Dearbhaíonn Peters an tábhacht a bhaineann le tréithe pearsanta an mhúinteora chun tacú le páistí agus iad ag aistriú ó shuíomh foghlama agus cúraim na

luath-óige go dtí an bhunscoil. Molann sí go ndéanfadh na múinteoirí machnamh ar na deacrachtaí foghlama nuair a bhíonn fadhbanna ann agus go mbainfeadh siad úsáid as straitéisí eile oideachasúla. Is minic a cheaptar go mbaineann rannpháirtíocht tuismitheoirí sa scoil le dearcadh dearfach a bheith ag na múinteoirí ina leith (Peters, 2010). Baineann sé seo go mór le teaghlaigh a bhfuil páistí acu a bhfuil riachtanais bhreise acu agus cheap tuismitheoirí go raibh dlúthbhaint ag dearcadh an mhúinteora le próiseas sásúil aistrithe don leanbh. I gcás na hÉireann cuireann *Síolta* a lán deiseanna machnaimh ar fáil do chleachtóirí faoina gcleachtas oibre maidir le tuismitheoirí agus páistí (LFOLÓ 2006), agus i gcás *Aistear* tá an scéal mar an gcéanna (CNCM 2009).

### 7.5.3 Conas is féidir tacú le múinteoirí cabhrú le daltaí a bheidh ag aistriú

D'aimsigh Peters bealaí éagsúla chun tacú le múinteoirí naíonán chun cabhrú leis na daltaí.

***Líon beag daltaí sa rang*:** Cabhraíonn ranganna beaga le daltaí socrú isteach sa scoil agus tosú ar an bhfoghlaim nuair a úsáideann an múinteoir oideolaíocht chuí agus nuair a thapaítear deiseanna chun aithne phearsanta a chur ar na daltaí.

Tá tacaíochtaí breise curtha ar fáil do scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta – uaireanta breise tacaíochta don Ghaeilge agus do chúntóirí teanga, mar shampla. Tugann sé seo deiseanna do scoileanna cúram pearsanta níos fearr a dheanamh de na daltaí agus teagasc níos difreáilte a sholáthar dóibh.

***Curaclam solúbtha*:** Má tá eolas ag an múinteoir ar thaithí foghlama na ndaltaí ón mbaile agus ón naíonra, is féidir léi/leis ceangail a dhéanamh leo. Tá deiseanna ann i g*Curaclam Teanga na Bunscoile* agus in *Aistear* chun tógáil ar fhoghlaim na ndaltaí.

***Oiliúint agus forbairt ghairmiúil*:** Tá an-tábhacht ag baint le hoiliúint agus le forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí, toisc go bhfuil ról chomh lárnach acu siúd sa phróiseas (Ó Ceallaigh, Hourigan & Leavy, 2018). Tá tábhacht mar sin leis na modúil ar thumoideachas atá ar chláir Oiliúint Tosaigh do Mhúinteoirí agus ar an gclár nua d'ábhair oidí (bunoideachas), an Baitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino, agus an Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta do mhúinteoirí agus do phríomhoidí, i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach, agus cláir oideachais múinteoirí eile a dhíríonn ar an tumoideachas.

Bheadh breis oiliúna cabhrach do mhúinteoirí faoi obair i bpáirt le tuismitheoirí agus le teaghlaigh, ach go háirithe le tuismitheoirí a bhfuil páistí acu le riachtanais bhreise oideachais agus le tuismitheoirí a bhfuil páistí ard-éirimiúla acu. Chuideodh a leithéid d'oiliúint le saibhriú na Gaeilge mar chéad teanga agus le forbairt na Gaeilge mar dhara teanga, chomh maith leis an bpróiseas aistrithe. Mar chuid de seo, d'fhéadfaí eolas a chur ar

fáil faoi shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus faoin gcaoi ar féidir *Aistear* a chur i bhfeidhm i naíonraí agus i ranganna na naíonán.

***Aitheantas do ról uathúil mhúinteoir na naíonán*:** Tá ról lárnach ag múinteoirí na naíonán nuair atá na daltaí ag tosú ar scoil. Is cabhair í nuair a chuireann an múinteoir fáilte chroíúil roimh na daltaí agus na tuismitheoirí ar maidin agus nuair a thugann sí/sé aire mhaith do na daltaí ag am lóin agus ag am súgartha sa chlós.

Bíonn nósanna éagsúla ann maidir le súgradh sa chlós, ach bíonn sé deacair ar roinnt daltaí déileáil leis an suíomh scaoilte seo. Molann Peters go mbeadh na múinteoirí naíonán saor ó dhualgais eile scoile chun bheith ar fáil dá rang féin ag na hamanna seo agus ag am dul abhaile chun labhairt leis na tuismitheoirí (Peters, 2010). Má tá an aghaidh chéanna le feiceáil, beidh cinnteacht ag leanaí agus tuismitheoirí agus braithfidh siad níos mó ar a suaimhneas.

***Áiseanna do ghníomhaíochtaí aistrithe*:** Molann Peters (2010) go mbeadh maoiniú ar fáil chun áiseanna aistrithe a cheannach agus chun clár aistrithe a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Molann sí go mbeadh duine ainmnithe i bhfeighil an chláir aistrithe, agus go mbeadh am saor ag múinteoirí chun gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh: dul ar cuairt chuig suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige, gníomhaíochtaí a eagrú sa scoil do na leanaí i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige, oícheanta sóisialta do thuismitheoirí nua a eagrú, físeán a dhéanamh faoin scoil, leabhair agus bileoga a chur ar fáil agus áiseanna luathfhoghlama a cheannach don seomra ranga.

### 7.5.4 Conas is féidir le suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus bunscoileanna comhoibriú lena chéile?

Tá an-tábhacht ag baint le comhoibriú idir suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus bunscoileanna, ach léirigh taighde Peters (2010) go raibh sé deacair é seo a bhaint amach. D’éirigh níos fearr leis an gcomhoibriú nuair a bhí dea-mhéin agus spéis sa chomhoibriú ag suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus ag na scoileanna araon. Chothaigh comhthionscnaimh ar ábhair a bhí spéisiúil do gach grúpa dea-chaidreamh idir na páirtithe agus rinneadh meastóireacht ar na cinn nár éirigh leo chun a fháil amach cad ba chúis leis seo.

D’aithin Peters (ibid) go raibh caidreamh gairmiúil agus meas ar a chéile i gceist sna comhthionscnaimh idir múinteoirí bunscoile agus oideoirí luathbhlianta i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige. Thuig siad gur gnó leanúnach é seo agus go bhféadfadh míthuiscintí a bheith ann idir na páirtithe, go raibh gá le duine éigin a bheith

sásta tosaíocht a ghlacadh agus go raibh deiseanna ag teastáil ó na grúpaí éagsúla chun páirt a ghlacadh sa phlé, chun moltaí a dhéanamh agus chun socruithe a chur i bhfeidhm.

Bhí an baol ann i gcónaí go mbeadh forlámhas ag na múinteoirí bunscoile ar na hoideoirí luathbhlianta i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus nach mbeadh seans ag muintir na luathfhoghlama a gcuid ceisteanna agus tuairimí féin a ardú (ibid). Chun tacú leis an gcomhoibriú, ba ghá go mbeadh eolas agus tuiscint ag na múinteoirí go léir ar an gcuraclam agus ar an oideolaíocht sa dá earnáil.

Chabhródh plé ar chleachtais éagsúla agus ar cheisteanna comónta chun an chomhthuiscint a fhorbairt. Bheadh cuairteanna ar shuíomhanna a chéile cabhrach chun breathnú ar chumas na leanaí le linn na seisiún agus na gceachtanna. Mar sin féin, d'fhéadfadh difríochtaí in ionchais na bpáirtithe sa dá earnáil leanúint ar aghaidh i gcás ina bhfuil imní ann faoi shaincheisteanna éagsúla.

Léirigh Peters gurbh fhearr díriú ar leanúnachas idir an fhoghlaim i suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige agus sa bhunscoil chun an t-aitheantas cuí a thabhairt don dá earnáil. Tógann sé am agus fuinneamh chun caidreamh agus gaol idir grúpaí a chothú agus bíonn ar dhaoine leanúint leis an iarracht nuair a athraítear baill foirne. Bheadh torthaí dearfacha ar na hiarrachtaí sin chun leasa na leanaí, a dteaghlach, na n-oideoirí luathbhlianta agus na múinteoirí.

I *Síolta*, cuirtear an cheist seo a leanas mar ábhar machnaimh: ‘Cén chaoi a dtacaíonn do shuíomh le haistriú an pháiste isteach sa/laistigh de/ón suíomh?’ Agus mar fhreagraí deirtear: ‘Ag déanamh nasc le suíomhanna/scoileanna/eagraíochtaí/daoine eile chun aistrithe réidhe a chur chun cinn’ agus ‘Ag cur faisnéise agus comhairle ar fáil do shuímh/ scoileanna/eagraíochtaí/daoine eile nuair atá an páiste ag aistriú ó do shuíomh.” (LFOLÓ 2006: 93). Mar sin, is léir go bhfuil an tábhacht atá le cumarsáid idir suíomhanna aitheanta in *Síolta*.

D’fhéadfaí leas a bhaint as *Aistear* chomh maith chun an leanúnachas seo a chothú. Léiríonn *Aistear* cásanna éagsúla ina bhfuil an leanúnachas sin ar siúl (CNCM 2009: 18, 26, 44-45). Léiríonn na cásanna go léir an gá atá le cumarsáid agus teagmháil idir na suíomhanna éagsúla.

### 7.5.5 Taighde Peters: Achoimre agus impleachtaí

Tugann taighde Sally Peters léargas ar réimse moltaí maidir leis an mbealach is fearr chun naisc a chothú idir naíolanna agus bunscoileanna agus bheadh sé úsáideach machnamh a dhéanamh ar conas an úsáid is fearr a bhaint as na gníomhaíochtaí éagsúla. Is díol suntais í an tagairt a dhéanann sí don tábhacht a bhaineann le dearcadh dearfach an mhúinteora i

leith rannpháirtíocht tuismitheoirí agus an cineál tacaíochta a bheadh úsáideach do mhúinteoirí chun cabhrú le daltaí atá ag aistriú. Ar na moltaí sin tá an coibhneas idir daoine fásta agus daltaí, curaclam solúbtha, oiliúint agus forbairt ghairmiúil i leith obair le tuismitheoirí, aitheantas don ról tábhachtach atá ag múinteoir na naíonán agus soláthair acmhainní chun tacú leis an aistriú.

Baineann gnéithe eile de thaighde Peters leis an gcaidreamh idir foireann an naíonra agus foireann na scoile. Aithníonn sí go bhféadfadh dúshláin a bheith i gceist leis an gcaidreamh gairmiúil seo, molann sí go ndíreofaí ar chomhthionscnaimh a bheadh chun leasa gach aon duine agus ar leanúnachas a chothú idir an fhoghlaim a dhéanann na leanaí sa naíonra agus sa scoil.

Léiríonn an t-athbhreithniú taighde seo an bhéim a chuirtear ar rannpháirtíocht agus ar chumarsáid. In Éirinn cuireann *Síolta* agus *Aistear* béim ar an dá ghné seo idir na grúpaí éagsúla (leanaí, tuismitheoirí, oideoirí luathbhlianta, múinteoirí agus teiripeoirí) agus idir na suíomhanna éagsúla (naíonraí agus bunscoileanna).

## 7.6 Tionscnamh Gippsland: líonraí scoileanna agus suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige

### 7.6.1 Cur síos ar an tionscnamh

Tá cur síos ag Arnup (2014) ar líonra idir páirtithe leasmhara a bunaíodh i gceantar tuaithe Gippsland, Victoria na Astráile, chun aistriú a éascú idir suíomhanna éagsúla i saol an pháiste. Bhí maoiniú ag an tionscnamh ón Roinn Oideachais agus Luath-óige Gippsland (An Roinn Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige) agus ceapadh oifigeach forbartha chun an tionscnamh a reáchtáil.

Lucht luath-óige, lucht bunscoile agus seirbhísí sláinte a bhí i gceist agus bhain an tionscnamh le hionchuimsiú leanaí a raibh riachtanais bhreise acu ach go háirithe. Bhí siad ag súil go bhféadfadh na grúpaí éagsúla caidreamh a bhunú eatarthu féin agus eolas agus faisnéis a roinnt faoi sheirbhísí a bhí ann cheana féin agus forbairtí eile a phleanáil i bpáirt lena chéile. Bhí líonraí de shaghsanna éagsúla ann, cuid acu chun cabhrú leis an aistriú chun na scoile, cuid eile ag díriú ar raon aistrithe níos leithne.

Bhí na grúpaí á stiúradh ag na ceanneagraíochtaí cuí agus thug siad daoine le chéile chun fís chomhaontaithe a fhorbairt, deiseanna agus torthaí níos fearr a chur ar fáil do pháistí, tuismitheoirí, agus daoine gairmiúla; agus caidreamh agus forbairt ghairmiúil a chothú (Arnup 2014: 263). Tháinig meitheal le chéile chun smaointe a phlé agus thuig siad go mba ghá brí téarmaí éagsúla a phlé, a gcuid tosaíochtaí a phlé agus baic a aithint. Ar na ceisteanna a bhí le plé bhí:

- gá le difreálú a dhéanamh idir cur in aithne don scoil agus an próiseas aistrithe chun na scoile
- easnaimh in eolas agus acmhainní na dtuismitheoirí, na hoideoirí luathbhlianta agus na múinteoirí bunscoile chun tacú le leanaí a raibh riachtanais bhreise acu
- faillí i leas a bhaint as saineolas nó rannpháirtíocht teiripeoirí nó lucht sláinte minic go leor i dtaobh aistrithe
- gá teacht ar bhealaí cruthaitheacha chun teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh nach raibh ag freastal ar sheirbhísí luath-óige, go háirithe leanaí a raibh riachtanais acu nár aithníodh go dtí sin
- easpa coincheap comhaontaithe faoi ullmhacht don scoil idir teaghlaigh agus oideachasóirí
- eolas teoranta ag oideoirí luathbhlianta agus ag múinteoirí bunscoile faoi obair a chéile agus faoi churaclam a chéile
- easpa ama ar chleachtóirí luathbhlianta chun tacú le haistriú.

De réir Arnup (2014), d'éirigh leis na rannpháirtithe sna líonraí alán polasaithe a chur i gcrích:

- ***Fóraim:*** d'éirigh leo tuiscintí ar ullmhacht don scoil a fhorbairt i measc tuismitheoirí, oideoirí luathbhlianta, múinteoirí bunscoile agus daoine gairmiúla eile; eolas faoin aistriú chun na scoile a chur ar fáil do thuismitheoirí; tuismitheoirí le páistí a raibh riachtanais bhreise acu san áireamh
- ***Áiseanna*:** bileoga faoi aistriú chun na scoile, faoi luathlitearthacht agus faoi uimhearthacht a chur le chéile do thuismitheoirí, agus seisiúin eolais a eagrú do thuismitheoirí
- ***Eolaire*** do na daoine gairmiúla faoi sheirbhísí do leanaí, le sonraí teagmhála do na seirbhísí éagsúla
- ***Eolaire aistrithe* do thuismitheoirí** le heolas faoi na suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus faoi na scoileanna sa cheantar agus eolas faoi chlárú agus araile sna hionaid sin
- ***Comhoibriú sa phobal*:** comhordú idir na páirtithe leasmhara maidir le haistriú chun na scoile, do leanaí a raibh riachtanais bhreise acu ach go háirithe; teimpléad aistrithe do shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus do bhunscoileanna ina raibh páirt ag tuismitheoirí chomh maith
- ***Deiseanna forbartha gairmiúla*:** tuiscintí comhaontaithe maidir le forbairt na teanga ó bhéal agus na luathlitearthachta; leanaí a raibh deacrachtaí teanga acu a aithint go luath; tuiscintí comhaontaithe a bheith ann maidir le curaclaim luathbhlianta agus bunscoile do na daoine a bhí ag obair le páistí ó aois bhreithe go hocht mbliana.

De réir Arnup (2014: 266-7), chuidigh sé go mór go raibh acmhainní ar fáil chun rudaí a chur i gcrích. Bhí na rannpháirtithe sásta comhoibriú lena chéile, bhí meas ag gach aon duine ar

obair a chéile; bhí aidhmeanna agus plean oibre comhaontaithe acu; bhí tacaíocht ar fáil chun ceannaireacht agus riaracháin a dhéanamh; rinneadh teagmháil phearsanta le daoine chomh maith le ríomhphoist agus litreacha; cuireadh nótaí ó na cruinnithe ar fáil; tionóladh cruinnithe lasmuigh d'am teagmhála leis an páistí; cuireadh tae/caife ar fáil le linn na gcruinnithe; cuireadh grúpa faoi leith ar bun chun tacaíocht a thabhairt do leanaí a raibh riachtanais bhreise acu.

### 7.6.2 Achoimre agus impleachtaí

Bhunaigh Roinn Oideachais agus Luath-Óige na hAstráile líonraí réamhscoileanna, bunscoileanna agus foirne teiripe i gceantar tuaithe in Victoria san Astráil, chun aistriú idir suíomhanna éagsúla i saol an linbh a éascú. Bhí siad ag díriú ar fhreastal ar leanaí a raibh riachtanais bhreise oideachais acu chomh maith le leanaí eile. Rinne siad amach cad iad na mórcheisteanna a bhí le plé sna líonraí éagsúla agus bheartaigh siad raon tionscnamh chun na bearnaí a líonadh.

Bhain na tionscnaimh seo le cruinnithe éagsúla a eagrú do thuismitheoirí (eolas faoi aistriú), lucht foirne i mbunscoileanna agus i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (eolas faoi churaclam agus faoi chleachtais a chéile) agus obair lucht teiripe. Chuir siad eolaire le chéile do thuismitheoirí, dhear siad teimpléid aistrithe i bpáirt le tuismitheoirí agus d'eagraigh siad seisiúin oiliúna ar fhorbairt teanga, deacrachtaí urlabhra agus ceisteanna eile a bhain leis an dá réimse.

Chabhraigh sé go mór go raibh struchtúr foirmeálta ann leis na líonraí agus go raibh duine ann a bhí i bhfeighil na hoibre agus a d'eagraigh na cruinnithe. Bhí tacaíocht ar fáil chun ceannaireacht agus riaracháin a dhéanamh agus cuireadh tae/caife ar fáil le linn na gcruinnithe, rud a rinne ócáid shóisialta den obair. Bhí maoiniú ar fáil chun rudaí a chur i gcrích agus tríd an gcomhoibriú agus tríd an gcomhchaidreamh, d'fhás meas gairmiúil idir na rannpháirtithe ar a chéile.

D'aithin Arnup (2014: 275) roinnt moltaí ina cuid taighde. Bunaithe ar na moltaí sin, agus i gcomhthéacs an oideachais trí mheán na Gaeilge, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach gréasáin a bhunú idir múinteoirí bunscoile, oideoirí na luathbhlianta sna naíonraí agus tuismitheoirí d'fhonn teacht ar chomhthuiscint ar dhearcadh a chéile, agus deiseanna a chur ar fáil chun pleanáil agus cur i bhfeidhm polasaithe a chomhordú. Is fiú machnamh a dhéanamh ar an moladh go gceapfaí duine amháin chun an tionscnamh a stiúradh ar feadh tréimhse réasúnta ama, toisc go dtógfadh sé tamall le forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige sin. Chun go n-éireodh leis seo, bheadh sé riachtanach go mbeadh na gníomhaireachtaí éagsúla, COGG, CNNG, TnG agus Ranna Rialtais tiomanta go hiomlán do thacú le forbairt na ngréasán seo, agus tacaíocht a bheith acu ó gach rannpháirtí.

## 7.7 Tuairisc na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ar aistriú ó Oideachas agus Cúraim na Luath-Óige go dtí Oideachas Bunscoile

### 7.7.1 Cur síos ar an tuairisc

D'fhoilsigh an An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE/OECD) tuairisc *Starting Strong V* ar aistriú ó oideachas agus cúram na luath-óige go dtí oideachas bunscoile sa bhliain 2017. Cuireadh ceistneoir chuig 30 tír éagsúil, Éire ina measc, agus rinneadh athbhreithniú ar thaighde idirnáisiúnta chomh maith.

Ar na hábhair a phléitear sa tuarascáil, tá leanúnachas gairmiúil agus leanúnachas oideolaíoch san aistriú idir an dá earnáil. Moltar go mbeadh oiliúint faoi leith sa phróiseas aistrithe ag oideoirí luathbhlianta agus múinteoirí bunscoile, sa bhunoiliúint nó mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Dhéanfaí réimse níos leithne scileanna a fhorbairt sna luathbhlianta chun leanaí a ullmhú don aistriú agus bheadh na scileanna ag na múinteoirí níos forbartha agus iad ag cabhrú leis na leanaí socrú isteach sa bhunscoil (ECFE, 2017: 91).

Meastar go mbíonn an éifeacht is mó ag an oiliúint sin nuair a bhíonn comhoiliúint ann don dá fhoireann le chéile (ECFE, 2017: 86). Trí chomhoiliúint, bíonn tuiscint níos fearr ag gach aon duine faoin gcleachtas aistrithe is fearr agus bíonn eolas níos doimhne acu araon ar chleachtas agus ar thuairimí na foirne luathbhlianta agus bunscoile. Bhí torthaí maithe le sonrú ó chláir den chineál seo sna Stáit Aontaithe agus san Astráil (ECFE, 2017: 93).

Aithnítear sa tuarascáil go bhfuil dúshláin ag baint leis an leanúnachas gairmiúil - difríochtaí maidir le stádas agus dearcthaí oideoirí luathbhlianta agus múinteoirí bunscoile, easnaimh sa bhunoiliúint faoin aistriú agus deiseanna ama chun comhoibriú lena chéile. Chabhródh tacaíocht phraiticiúil, ceannaireacht scoile agus réamhscoile agus comhoiliúint idir an dá earnáil chun aistriú níos sásúla a chur ar fáil do pháistí.

Dúshlán eile ná athruithe foirne agus deirtear go mbíonn leanúnachas gairmiúil níos fearr ann nuair a bhíonn foireann bhuan sa dá réimse (ECFE, 2017: 93). Baineann coinníollacha

fostaíochta leis seo, dar ndóigh, san earnáil foghlama agus cúraim na luath-óige agus maidir leis na cúntóirí teanga ach go háirithe, faoi mar a luadh ag an gComhchoiste Dála (2019).

Cabhraíonn treoirlínte agus tacaíochtaí praiticiúla eile chun na dúshláin a mhaolú (ECFE, 2017: 94), go háirithe nuair a dhéantar na treoirlínte a chur le chéile i gcomhpháirtíocht leis na hoideoirí luathbhlianta, múinteoirí, tuismitheoirí agus leis an gcóras oideachais áitiúil. Tá raon áirithe foirmeacha agus scéimeanna aistrithe ar fáil in Éirinn faoi láthair, ach is gá iad a chur in oiriúint do chomhthéacs na Gaeltachta.

Straitéis eile a chuidigh go mór a deir an tuarascáil ná gur fostaíodh cúntóirí teagaisc chun cabhrú leis an léitheoireacht, agus chun tacú le folláine na bpáistí (ECFE, 2017: 94). I gcás na Gaeltachta, tá múinteoir tacaíochta don Ghaeilge, cúntóir teanga agus múinteoir na naíonán i ngach bunscoil atá ag feidhmiú sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus tá ról lárnach le himirt ag gach duine acu san aistriú agus i gcur chun cinn na Gaeilge. Bíonn cúntóirí riachtanais speisialta ann chun cabhrú le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu agus tá ról an-tábhachtach acu siúd chun an t-aistriú a éascú do na daltaí sin (ECFE, 2017: 106). San Fhionlainn, bíonn cúntóirí ann chun cabhrú le daltaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste.

Léirítear i dtaighde thuarascáil an ECFE (2017: 95, 110) go bhfuil gá le ceannaireacht agus le tacaíocht ó phríomhoidí bunscoile agus bainisteoirí sna suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige chun comhairle agus oiliúint a chur ar fáil. Is iad sin a bhunaíonn naisc comhoibrithe le scoileanna/naíonraí agus tuismitheoirí de ghnáth.

Tá difríochtaí suntasacha ann maidir le hoideolaíocht agus le curaclam idir suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus bunscoileanna in Éirinn faoi mar atá i dtíortha eile (ECFE, 2017: 148). Mar sin féin, baineann *Aistear*, an creat curaclaim luath-óige, le gach suíomh ina bhfuil leanaí ó bhreith go dtí sé bliana d'aois i láthair, agus ina n-áirítear naíonraí agus ranganna sóisearacha sa bhunscoil.

Cé go bhfuil oiliúint chórasach theoranta curtha ar fáil ar *Aistear* do mhúinteoirí bunscoile agus oideoirí luathbhlianta na naíonraí araon, bheadh sé tairbheach an oiliúint sin ar *Aistear* a leathnú don dá earnáil. Tá fáilte mhór roimh iarrachtaí chun cur leis an bhfáil atá ar ábhair agus ar acmhainní chun tacú le cur i bhfeidhm *Aistear* tríd an Tionscnamh Náisiúnta *Síolta Aistear*. Táthar ag súil go leathnófar na tacaíochtaí seo i raon feidhme agus i gcumas chun tacú le gach oideoir luathbhlianta sa réimse aoise seo. Chabhródh comhthuiscint le gach aon duine chun obair a chéile a thuiscint agus chun eispéiris leanúnacha ar chur ar fáil do na leanaí. Chiallódh sé seo go dtuigeann an dá fhoireann struchtúr an lae, leagan amach an tseomra agus na gníomhaíochtaí foghlama a dhéanann leanaí agus iad sa naíonra agus cad iad na hathruithe atá rompu ar scoil.

Dúshlán eile ná conas guth na leanaí a thabhairt san áireamh maidir le haistriú. Tugtar aird anois ar chearta leanaí chun guth a bheith acu i réimsí a bhaineann leo. De réir Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Na Náisiúin Aontaithe 1992) caithfear dearcadh an pháiste a bhreithniú agus a chur san áireamh i ngach ábhar a bhaineann leis nó léi. Is léir ón gcuntas ar thuairimí na bpáistí i dTuarascáil CNCM (2018) agus taighde eile gur cheap páistí gur eispéireas nua a bheadh ann dóibh, go samhlódh láthair na scoile a bheith an-mhór i gcomparáid le suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige agus gur mór an crann taca dóibh cairde a bheith ina suí in aice leo sa rang bunscoile. Chabhraigh cuairt na leanaí ar an scoil chun bualadh leis an múinteoir leo a thuiscint go mbeadh siad ag foghlaim rudaí nua ar nós léamh agus scríobh.

Uaireanta, ní thuigeann tuismitheoirí an tábhacht a bhaineann le haistrithe dá leanaí agus an ról atá acu féin sa phróiseas (ECFE, 2017). Baineann sé seo, ach go háirithe, le tuismitheoirí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste nó leo siúd ar inimircigh iad. Moltar ábhar tacaíochta a chur ar fáil dóibh ar nós bileog le moltaí faoi ghníomhaíochtaí sa bhaile ina dteanga féin, agus cuireadh a thabhairt dóibh a bheith páirteach in imeachtaí lena bpáistí.

Dearbhaítear arís an ról tábhachtach atá ag tuismitheoirí mar pháirtnéirí le hoideoirí luathbhlianta agus múinteoirí bunscoile (ECFE, 2017: 210). Má bhunaítear caidreamh dearfach le linn an aistrithe, beidh seans níos airde ann go n-éireoidh go maith leis an aistriú don pháiste. Cabhróidh caidreamh gairmiúil dearfach idir an suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige agus an scoil chomh maith, le comhthuiscint idir an dá fhoireann ar aidhmeanna, ról agus sainscileanna a chéile.

Bíonn an-tábhacht le cumarsáid ghairmiúil agus le malartú eolais idir an dá earnáil sin agus daoine gairmiúla eile sa phobal. Ar na daoine sin, tá síceolaithe, teiripeoirí cainte, teiripeoirí saothair agus daoine eile a bhíonn ag tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Mar achoimre, deirtear i dtuarascáil an ECFE go gcabhraíonn comhoibriú idir bunscoileanna agus suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige go mór le haistriú sásúil do leanaí a chothú (ECFE, 2017: 241). Ceaptar go forleathan gur chóir go mbeadh níos mó comhoibrithe fós ann agus gur gá na difríochtaí idir an dá earnáil a aithint agus tógáil ar na láidreachtaí atá acu araon.

Chuidigh comhoibriú, maidir le forbairt curaclaim agus comhroinnt faisnéise faoi na leanaí, le dul chun cinn foghlama a éascú in aistrithe san Fhionlainn. Chabhraigh líonraí foirne atá bunaithe ar an aistriú freisin le muintir na réamhscoile agus na bunscoile tuiscint a fháil ar réimse a chéile agus oibriú le chéile de réir a gcuid láidreachtaí (ECFE, 2017).

### 7.7.2 Achoimre agus impleachtaí

Leagtar béim sa tuarascáil seo ar an tábhacht a bhaineann le caidrimh ghairmiúla dhearfacha a chruthú ar fud na foirne sna naíonraí agus sna bunscoileanna. Moltar go mbeadh comhoiliúint idir oideoirí luathbhlianta an naíonra agus múinteoirí bunscoile maidir le haistrithe agus le naisc eile idir bunscoileanna agus naíonraí.

Tá ról lárnach ag an bhfoireann ar fad sa naíonra chun leanaí a ullmhú don aistriú agus ag foireann iomlán na scoile - príomhoide, múinteoir na naíonán, múinteoir tacaíochta don Ghaeilge, cúntóir teanga - chun an t-aistriú a éascú sa scoil.

Tá ról ceannaireachta ag príomhoidí bunscoile agus bainisteoirí naíonraí chun naisc a bhunú.

Ag leibhéal bunúsach, ba chóir go mbeadh oideoirí luathbhlianta, múinteoirí, tuismitheoirí, leanaí, agus saineolaithe eile ag bualadh lena chéile, ag caint lena chéile agus ag éisteacht lena chéile.

## 7.8 Foinsí eolais eile faoi naisc idir bunscoileanna agus naíonraí

Tá ábhair bholscaireachta curtha ar fáil ag Gaeloideachas a mhíníonn an córas tumoideachais do thuismitheoirí agus tá eolas faoi deontais ar fáil chun cumarsáid agus comhoibriú a chothú idir grúpaí éagsúla gaeloideachais. Bheadh scéimeanna mar seo cuiditheach do phobal na Gaeltachta chun cabhrú leo naisc a chruthú idir bunscoileanna agus naíonraí. Le tacaíocht ó Ghaeloideachas, scríobh Luath-óige Éireann agus An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí *Ag Tosú sa Scoil Mhór*.

# 8. Conclúidí agus Moltaí[6]

Sa chuid deiridh seo den tuarascáil, tá impleachtaí thorthaí na ngnéithe éagsúla den taighde cuimsithe i bplé ar na gníomhartha molta is gá a dhéanamh chun naisc idir naíonraí agus bunscoileanna sa Ghaeltacht a neartú. Aithnítear go bhfuil seirbhísí raon eagraíochtaí tábhachtach chun tacú leis na huaillmhianta sin a bhaint amach. Nuair is féidir, cuirtear naisc ghréasáin ar fáil leis na heagraíochtaí seo agus a n-acmhainní.

## 8.1 Réamhrá

Aithníonn an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* 'an ról atá ag scoileanna agus suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (naíonraí) chun oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus chun inniúlacht teanga agus úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne' (lch 7). I gcás na suíomhanna luathbhlianta sa Ghaeltacht, tá tábhacht ar leith ag baint le bunscileanna sa teanga, sa litearthacht agus san uimhearthacht a fhorbairt, agus leanaí á sóisialú sa Ghaeilge.

Bhí sé ar cheann d'aidhmeanna an Pholasaí treoir a fhorbairt a chabhródh le suíomhanna luath-óige agus cúraim na luath-óige agus le bunscoileanna naisc chomhoibreacha a chruthú chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge. Tá an Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Naisc a threisiú idir bunscoileanna agus suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim (2021) bunaithe ar an dtaighde sa tuarascáil seo a bhí coimisiunaithe ag An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta thar ceann na Roinne Oideachais[7]. Tá peirspictíochtaí na bpríomhoidí, na múinteoirí, na n-oideoirí luathbhlianta, na dtusimitheoirí/na gcaomhnóirí agus seirbhísí tacaíochta Gaeltachta eile sa treoir seo. Tá torthaí an athbhreithnithe ar litríocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar thaca don Treoir freisin. Léiríonn an léirmheas taighde agus litríochta seo go bhfuil gá le cur chuige comhtháite chun tacú le labhairt, saibhriú agus sealbhú na Gaeilge sa bhaile, sa naíonra, ar scoil, agus sa phobal.

Tuigtear an gá atá le forbairt na Gaeilge ó shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige ar aghaidh go dtí an bhunscoil agus as sin chuig an iar-bhunscoil ar ball. De réir an Chláir um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) tá leanaí i dteideal dhá bhliain iomlána d'oideachas réamhscoile. Is féidir leanaí, atá dhá bhliain agus ocht mí d'aois, a chlárú ag tús bhliain an Chláir.

[6] Tugann an chaibidil seo léargas ar thorthaí an taighde, a bhí mar bhonn eolais don *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Naisc a threisiú idir Bunscoileanna agus Suíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim,* a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais i Meitheamh 2021.

Tá sé ríthábhachtach naisc idir naíonraí agus bunscoileanna a chothú ar mhaithe le leanúnachas foghlama na leanaí agus chun an t-aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil a éascú do na leanaí agus a dtuismitheoirí. Tá tábhacht faoi leith ag baint le leanúnachas i bhforbairt scileanna teanga an pháiste, ó thaobh na Gaeilge de, san aistriú seo.

Cuireadh tús leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, mar dhlúthchuid den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, chun tacú le scoileanna critéir theangabhunaithe don tumoideachas a bhaint amach. Is ceann de na critéir sin ná:

- Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (naíonraí) áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge

Tá rath na nasc seo ag brath ar an gcomhoibriú leanúnach agus ar an dea-chaidreamh dearfach a chothaítear idir na naíonraí agus na bunscoileanna Gaeltachta. Is é príomhaidhm an naisc ná aistriú dearfach leanaí ón naíonra go dtí an bhunscoil a éascú.

In *An Chéad 5: Straitéis Uile Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028*, a foilsíodh in 2018, déantar treisiú ar an tábhacht atá le cothú nasc idir naíonraí (suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige) agus na bunscoileanna. Is é príomhchuspóir *An Chéad 5* 'go dtacófar le leanaí agus iad ag aistriú chuig agus trí shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus ar aghaidh chuig an bhunscolaíocht'. Chuige sin, forbrófar samhail nua de thacaíochtaí aistrithe.

## 8.2 Naisc a chruthú idir bunscoileanna Gaeltachta agus naíonraí

Forbrófar samhail níos leithne de thacaíochtaí aistrithe faoi *An Chéad 5*. Coinneofar an treoir atá bunaithe ar an tuarascáil seo faoi athbhreithniú agus tabharfar cothrom le dáta í a luaithe a bheidh an tsamhail níos leithne de thacaíochtaí aistrithe i bhfeidhm faoi *An Chéad 5*.

Ba chóir do bhunscoileanna agus do naíonraí na céimeanna thíos a leanúint chun naisc a bhunú eatarthu féin agus tús a chur leis na comhráite gairmiúla idir múinteoirí agus oideoirí luathbhlianta:

- Duine a aithint sa bhunscoil chun tús a chur leis an bpróiseas agus teagmháil a dhéanamh leis na naíonraí ábhartha.
- Tógáil ar naisc atá i bhfeidhm cheana féin chun comhoibriú a bhunú ar bhonn seasmhach, mar shampla, leas a bhaint as na naisc sin atá ann cheana féin, leithéidí siúd a sholáthraítear sa chreat *Aistear*
- Plean a leagan amach chun tógáil ar na naisc sin ar bhonn céimnithe, agus ansin an plean a roinnt le pobal na scoile agus leis an naíonra
- Comhpháirtíocht idir foireann na bunscoile agus an naíonra a chruthú le go gcuirfear an plean i bhfeidhm go héifeachtach

- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean, meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí is atá sé á chur i bhfeidhm, agus leasuithe a dhéanamh air más gá

Beidh bunscoileanna agus naíonraí in ann bogadh ar aghaidh, pleanáil don bhliain ina dhiaidh sin agus tógáil ar an obair atá déanta go dtí sin.

Tacóidh na comhráite agus an plé gairmiúil idir an scoil agus an naíonra chun aistriú dearfach na leanaí ó shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige chuig an mbunscoil a éascú. Ní mór a chinntiú freisin go dtabharfar aghaidh ar na gnéithe seo a leanas mar chuid den phróiseas:

- Agus comhthéacs an tsuímh san áireamh, is féidir teimpléad oiriúnach a roghnú agus a leasú nó córas comhroinnte faisnéise eile a úsáid chun tacú le haistriú dearfach an linbh ón naíonra chuig an mbunscoil. Spreagtar scoileanna an teimpléad náisiúnta *Mo Scéal*, atá forbartha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM 2018), a úsáid (féach Cuid 4 den chaibidil seo).
- Gníomhaíochtaí a eagrú a thacóidh le haistriú leanaí ón naíonra go dtí an bhunscoil (Aguisín 3).
- Comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí chun tacú le leanúnachas san fhoghlaim dá leanaí agus iad a chur ar an eolas faoi phróiseas an aistrithe (Aguisín 4).
- Comhpháirtíocht a bhunú le grúpaí eile, mar shampla, an coiste pleanála teanga agus an bainisteoir sa naíonra.
- Caithfidh an scoil agus an suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige a riachtanais forbartha gairmiúla ar leith a aithint agus idirghabháil a dhéanamh leis na háisíneachtaí ábhartha, mar is cuí (féach Cuid 6 sa chaibidil seo).

## 8.3 Ag tacú leis an aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil

Chun tacú leis an dul chun cinn san fhoghlaim agus san fhorbairt, agus chun a chinntiú gur eispéireas dearfach don leanbh an t-aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil, is gá go n-oibreodh scoileanna agus suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige le chéile, chun tuiscint shoiléir a fháil ar aidhmeanna, cuspóir agus fealsúnacht a chéile agus chun comhroinnt eolais ábhartha, gnáthaimh agus próisis a éascú. I gcás linbh le riachtanais bhreise foghlama, seans go mbeadh gá le cuairteanna breise ar a scoil nua, le tacaíocht ó ghairmithe eile, chun aistriú réidh a chinntiú.

### 8.3.1 Foirmeacha aistrithe

Tá foirmeacha aistrithe éagsúla ar fáil chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais leanaí aonair agus a dteaghlach. Beidh an rogha ag scoileanna agus naíonraí cibé foirm is oiriúnaí dóibh a roghnú agus an fhoirm aistrithe a leasú chun freastal ar a gcomhthéacsanna sainiúla féin, ar an bhfoghlaim ón mbaile, agus ar riachtanais teanga, chultúrtha agus foghlama an linbh. Spreagtar scoileanna an teimpléad náisiúnta, *Mo Scéal* - atá forbartha ag an CNCM - a úsáid ar mhaithe le cur chuige comhsheasmhacha chur chun cinn.

Chun aistriú réidh a chinntiú, ní mór an t-eolas seo thíos a chur san áireamh ar fhoirm aistrithe an linbh, de réir mar is cuí:

- eolas ábhartha faoi fhorbairt an linbh, a scileanna sóisialta, mothúchánacha, cognaíocha agus mothachtálacha
- eolas faoi scileanna cumarsáide an linbh agus faoina g(h)nóthachtáil sa Ghaeilge, sa Bhéarla, in aon teanga baile eile, agus i réimsí eile foghlama
- eolas faoi na riachtanais shainiúla teanga atá ag an leanbh agus faoi na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chumas an linbh cumarsáid a dhéanamh
- eolas ábhartha breise faoin leanbh a chabhródh le múinteoirí tógáil ar chomhthéacs pearsanta an linbh féin agus é/í ag tosú sa scoil. San áireamh anseo bheadh buanna an linbh, na rudaí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leis/léi, cineálacha caitheamh aimsire agus rudaí ar suim leis/léi agus atá mar chuid lárnach dá s(h)aol.

Tacóidh an t-eolas a bhailítear ar an bhfoirm aistrithe le pleanáil chuí a dhéanamh maidir leis an gcur chuige is fearr ar chóir a roghnú chun a chinntiú go mbainfidh an leanbh an tairbhe is mó is féidir as gach gné den aistriú.

### 8.3.2 *Mo Scéal*

Éascaítear leis an teimpléad aistrithe *Mo Scéal* - a d’fhorbair an CNCM - comhroinnt eolais maidir le láidreachtaí, suimeanna agus dúshláin an linbh de réir mar a dhéanann sé/sí an t-aistriú ó shuíomh foghlama agus cúraim na luath-óige chuig an mbunscoil. Bíonn an t-oideoir luathbhlianta, an tuismitheoir/caomhnóir, agus an leanbh féin go léir páirteach sa phróiseas. Ag brath ar chead a bheith tugtha ag na tuismitheoirí/caomhnóirí, tig le suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige rogha a dhéanamh faoi conas is féidir eolas faoi fhoghlaim agus fhorbairt an linbh a roinnt. Tá an teimpléad tuarascála agus na hábhair thacúla a bhaineann le *Mo Scéal* ar fáil ar shuíomh gréasáin CNCM.

De réir mar a ullmhaíonn leanaí don aistriú chuig an scoil den chéad uair, tig le tuismitheoirí roinnt gníomhartha a dhéanamh sa bhaile, de réir mar atá leagtha amach san acmhainn *Bímís Réidh*, chun tacú leis an aistriú tábhachtach seo. Tá tuilleadh eolais faoi na hacmhainní seo, a d’fhorbair an CNCM mar chuid den fheachtas *Let's Get Ready 2021/Bímis Réidh*, ar fáil ar gov.ie. Tugann na hacmhainní seo moltaí cabhracha maidir le gníomhaíochtaí bunaithe ar shúgradh chun tacú le leanaí.

In Aguisín 4, i dtuarascáil an CNCM, ar an *Tionscnamh um Aistriú ón Réamhscoil chuig an mBunscoil* (2018), tugann sé tuairimí do mhúinteoirí ar conas an t-eolas i dtuairiscí aistrithe a úsáid. Tugann Aguisín 5 eiseamláirí d’fhoirmeacha ceadaithe.

Ní mór a chinntiú go gcloífear leis na treoirlínte cuí um chosaint sonraí chun eolas a bhainistiú agus a roinnt mar is cuí, mar a bhaineann sé le sonraí pearsanta ach go háirithe. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Coimisiún um Chosaint Sonraí.

### 8.3.3 Clár aistrithe

Ag brath ar a gcomhthéacsanna sainiúla féin agus ag eascairt as na comhráite gairmiúla agus ón eolas a bailíodh ar na foirmeacha aistrithe, tig leis na naíonraí agus na bunscoileanna sa Ghaeltacht a gcláir aistrithe féin a fhorbairt. Ba chóir an dea-chleachtas atá ann cheana féin a aithint agus a fhorbairt, foirm aistrithe a roghnú, agus gníomhaíochtaí aistrithe a phleanáil. Tá samplaí de ghníomhaíochtaí aistrithe ar fáil ar shuíomh idirlín an CNCM.

### 8.3.4 Treoir chun tacú le bainistíocht éifeachtach aistrithe ó shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige go bunscoileanna

Ceann d'aidhmeanna an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* ná tacú le naisc dhearfacha idir naíonraí agus bunscoileanna a fhorbairt. Tá an aidhm sin bainte amach cheana féin trí fhorbairt an Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Naisc a neartú idir Bunscoileanna agus Suíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim (RO, 2021) atá bunaithe ar ábhar na tuarascála taighde seo. Tá an Treoir seo bunaithe ar pheirspictíochtaí príomhoidí, múinteoirí, oideoirí luathbhlianta, tuismitheoirí/caomhnóirí agus seirbhísí tacaíochta Gaeltachta eile. Tá torthaí an athbhreithnithe ar litríocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhonn agus mar thaca ag an Treoir freisin. Léiríonn an t-athbhreithniú taighde agus litríochta seo go bhfuil gá le cur chuige comhtháite chun tacú le labhairt, saibhriú agus sealbhú na Gaeilge sa bhaile, sa naíonra, ar scoil agus sa phobal.

Soláthraíonn an *Treoir chun Tacú le Bainistíocht Éifeachtach Aistrithe ó Shuíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim go dtí an Bhunscoil* (RO 2021) comhairle phraiticiúil do mhúinteoirí bunscoile chun leanúnachas i bhfoghlaim leanaí a chur chun cinn agus chun leanúnachas agus comhsheasmhacht a chinntiú thar na suíomhanna foghlama trasna an chontanaim oideachais.

### 8.3.5 Foinsí faisnéise eile chun tacú le haistrithe

Foinse chabhrach eile ina bhfuil eolas ábhartha do scoileanna is ea na tuairiscí cigireachta ar cháilíocht sholáthar an oideachais i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige atá cláraithe le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus um Teaghlach. Tá na suíomhanna seo maoinithe chun seirbhís foghlama agus cúraim na luath-óige a sholáthar saor in aisce ar feadh dhá bhliain. Tá tuairiscí cigireachta na Roinne Oideachais ar fáil ar gov.ie. Is í Cigireacht Luathbhlianta Tusla an t-údarás rialála do gach seirbhís foghlama agus cúraim na luath-óige agus do chlárú reachtúil na seirbhísí. Is féidir teacht ar thuairiscí cigireachta Tusla trí shuíomh gréasáin Tusla.

Tá sraith seimineár gréasáin cruthaithe ag Cigireacht na Roinne Oideachais: Léargas: Cáilíocht san Oideachas Luathbhlianta chun torthaí na gclár cigireachtaí oideachais i

suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus i scoileanna a roinnt ar ábhair éagsúla lena n-áirítear aistrithe. Roinneann an tsraith webinar torthaí taighde, tuairimí agus samplaí de chleachtas éifeachtach i suíomhanna éagsúla foghlama agus cúraim na luath-óige, agus is foinse shaibhir eolais í freisin.

## 8.4 Comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí

Deirtear in *Bunreacht na hÉireann* go bhfuil an phríomhfhreagracht ar thuismitheoirí oideachas a chur ar a leanbh. Deimhníonn sé ceart agus dualgas na dtuismitheoirí soláthar a dhéanamh d'oideachas a leanaí.

Mar phríomhoideachasóirí a bpáistí, tá ról na dtuismitheoirí ríthábhachtach i gcothú folláine, foghlama agus i bhforbairt iomlánaíoch an linbh. Is mór an tionchar a bhíonn ag dearcadh dearfa tuismitheoirí ar mheon agus ar úsáid teanga a leanaí. Aithníonn na Creataí *Aistear* agus *Síolta* an tábhacht a bhaineann leis an ról seo agus an luach a bhaineann le tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith páirteach i bhfoghlaim a leanaí trí chomhpháirtíocht bhríoch a chothú. Tá eolas ábhartha faoi chomhpháirtíocht le tuismitheoirí ar fáil in *Aistear* ar shuíomh gréasáin Aistear/Síolta. Tugann Caibidil 3 in *Síolta* léargas chomh maith faoi conas an comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí a threisiú.

## 8.5 Ceannaireacht, riarachán agus tacaíochtaí

### 8.5.1 Leanaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu

Soláthraíonn an tSeirbhís Forbartha Cáilíochta *Tús Níos Fearr* (*Better Start*) réimse tacaíochtaí náisiúnta atá á maoiniú ag an stát, chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu. Áirítear orthu an Plean Rochtana agus Cuimsithe a d'fhorbair *Tús Níos Fearr*, a chuimsíonn mír faoi aistriú. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ar *Better Start* ar a suíomh idirlín.

Tá tacaíocht do scoileanna agus do thuismitheoirí ar fáil ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus ón tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais (SNSO). Is gné amháin den tacaíocht atá ar fáil ag na seirbhísí seo ná saineolas, acmhainní ar líne agus físeáin a roinnt maidir le dea-chleachtas atá ábhartha do chomhthéacs na scoile Gaeltachta chun freastal ar riachtanais bhreise oideachais a gcuid daltaí.

Tá treoirlínte idirthréimhseacha foilsithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) do thuismitheoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag a leanaí, chun cabhrú leo tacú lena gcuid leanaí aistrithe rathúla a dhéanamh, lena n-áirítear an chloch mhíle shuntasach a bhaineann le tosú ar scoil. D'fhoilsigh an CNOS Treoir freisin do

scoileanna maidir le tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu aistrithe rathúla a dhéanamh.

Tá treoirlínte agus leideanna cabhracha faoi aistriú le linn na paindéime COVID curtha le chéile ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) do thuismitheoirí a bhfuil a gcuid leanaí ag aistriú ó shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige chuig an mbunscoil.

Chomh maith leis sin tig le scoileanna dul i gcomhairle le Gaeloideachas chun tarraingt ar na tacaíochtaí ábhartha atá á gcur ar fáil ag an eagraíocht.

### 8.5.2 Leanaí i mbaol míbhuntáiste oideachais

Nuair a bhíonn an t-aistriú á dhéanamh ag leanaí ó shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige, tá sé ríthábhachtach tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus dá gcuid leanaí ó cheantair faoi mhíbhuntaiste sóisialta atá rannpháirteach i gComhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) sa Chlár Tacaíochta Scoile (CTS), mar bíonn rioscaí ann maidir le tinreamh agus tairbhe a bhaint as an eispéireas oideachais. Tacaíonn an Scéim Idirchaidrimh Pobail Baile-Scoile (HSCL) le teaghlaigh agus lena gcuid leanaí ag aistriú ó shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige go dtí an bhunscoil.

### 8.5.3 Forbairt ghairmiúil leanúnach

Soláthraíonn an tSeirbhís Forbartha Cáilíochta *Tús Níos Fearr* (*Better Start*) réimse tacaíochtaí náisiúnta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá á maoiniú ag an stát, chun cáilíocht chleachtóirí a fhorbairt i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ar shuíomh gréasáin *Better Start*. Tá eolas faoi thacaíochtaí d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) maidir le An Chéad 5 ar fáil ar an suíomh gréasáin.

Tugann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) tacaíocht leanúnach d'fhorbairt ghairmiúil do scoileanna. Soláthraíonn an SFGM tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúíl ar *Churaclam Teanga na Bunscoile* agus ar an luathfhoghlaim do ranganna naíonán, le fócas ar leith ar oideolaíocht dhifreáilte agus spraoibhunaithe. Ag brath ar acmhainní, agus le faomhadh bhord bainistíochta na scoile, tig le scoileanna leas a bhaint as cúrsaí ábhartha a sholáthraíonn an SFGM, an Chomhairle um Oideachas agus Gaelscolaíochta (COGG) agus áisíneachtaí ábhartha eile.

Tugann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige tacaíocht do sholáthar réimse FGL d'fhoirne shuíomhanna foghlama agus chúraim na luath-óige. Is féidir teacht ar thacaíocht ghairmiúil freisin tríd An tSamhail um Rochtain agus Chuimsiú (SRC), a chuirtear ar fáil tríd an gClár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE).

### 8.5.4 Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG)

Is seirbhís náisiúnta aitheanta é Comhar Naíonraí na Gaeltachta a sholáthraíonn seirbhísí luathbhlianta ar fud na Gaeltachta. Fostaíonn an eagraíocht beagnach 200 oideoir luathbhlianta agus oibrithe cúraim leanaí chun déileáil le suas le 2,000 leanbh sa Ghaeltacht. Tá CNNG maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (RTCEGSM) agus Údarás na Gaeltachta.

Tá an bonneagar in áit ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta chun seirbhísí foghlama agus cúraim na luath-óige a sholáthar trí Ghaeilge sa Ghaeltacht, agus soláthraíonn an eagraíocht tacaíocht oiliúna agus riaracháin do na seirbhísí sin.

Úsáidtear an scéim phleanála teanga "Borradh/Growth" – a d'fhorbair CNNG - chun forbairt iomlán na Gaeilge a chinntiú do na leanaí atá ag freastal ar sheirbhísí foghlama agus cúraim na luath-óige CNNG sa Ghaeltacht.

## 8.6 Ag tacú le sealbhú, úsáid agus saibhriú na Gaeilge

### 8.6.1 Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa phobal áitiúil

De réir mar atá leagtha amach in Acht na Gaeltachta 2012, tá rannpháirtíocht na scoile an-tábhachtach sa phróiseas pleanála teanga chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a mhéadú sa phobal áitiúil. Ar an ábhar sin, tá ról lárnach ag an scoil Ghaeltachta agus ag an naíonra i bhforbairt agus i gcothú nasc leis an oifigeach pleanála teanga (OPT) atá fostaithe chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean teanga sa limistéar Gaeltachta áitiúil.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil ról lárnach ag an scoil agus ag an naíonra le húsáid na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta. Tugann *Treoir do Scoileanna Gaeltachta: Comhpháirtíocht leis an bPobal chun Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn* (2021) comhairle phraiticiúil do cheannairí scoileanna[7] Gaeltachta agus pleananna á ndearadh acu chun an chomhpháirtíocht idir an scoil agus a pobal a neartú d'fhonn an Ghaeilge a chur chun cinn.

Ar thosú don leanbh sa bhunscoil, d'fhéadfadh sé a bheith an-úsáideach láidreachtaí nó aon ghné den fhoghlaim a mbeadh tacaíocht sa bhreis ag teastáil chuige, a fheiceáil ó pheirspictíochtaí na dtuismitheoirí /na gcaomhnóirí agus an linbh é/í féin. Is féidir seo a

[7] Tagraíonn an téarma 'ceannairí scoile' dóibh siúd a bhfuil róil fhoirmeálta cheannaireachta acu (boird bhainistíochta, príomhoidí agus araile) agus dóibh siúd freisin a ghlac róil cheannaireachta shainiúla maidir le cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta scoile uile.

dhéanamh le cumarsáid ar líne nó duine le duine a eagrú idir múinteoir ranga na naíonán agus oideoir luathbhlianta ábhartha an naíonra.

Chuirfeadh sé seo leis an eolas atá bailithe cheana féin ó na hoideoirí luathbhlianta agus ó na foirmeacha aistrithe agus chuideodh sé le gaol dearfach a chothú idir an múinteoir féin, an páiste agus a t(h)eaghlach. Chomh maith leis na moltaí thíos, d'fhéadfaí moltaí ó leidbhileog na CNCM faoi shocrú isteach sa scoil a roghnú.

### 8.6.2 Ag tacú leis an nGaeilge a threisiú sna teaghlaigh

Tá ról ar leith ag TnaG agus ag scéim Tús Maith,[8] atá maoinithe ag RTCEGSM, chun tacú le teaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh. Tá réimse tacaíochtaí ar fáil ó Tuismitheoirí na Gaeltachta chomh maith chun an Ghaeilge mar theanga chumarsáide a threisiú agus a shaibhriú.

## 8.7 Ag treisiú nasc idir an bhunscoil agus an naíonra

Is faoi mhúinteoirí agus faoi chleachtóirí atá sé gníomhartha a éascóidh aistriú réidh leanaí ó shuíomh foghlama agus cúraim na luath-óige chuig an mbunscoil a aithint agus a chomhaontú. Ba chóir go gcuirfeadh na gníomhartha seo san áireamh sainchomhthéacs an tsuímh agus na scoile agus go gcuirfí iad i bhfeidhm de réir an chleachtais is fearr.

In Aguisín 3 den tuarascáil seo, tugtar samplaí de ghníomhaíochtaí agus cuir chuige a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don scoil agus don naíonra chun tacú le leanaí le linn an aistrithe ó shuíomh foghlama agus cúraim na luath-óige go dtí an bhunscoil. In Aguisín 4, soláthraítear samplaí maidir le slite a bhféadfaí tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí le linn an aistrithe seo. Tig le scoileanna a gcuid seicliostaí féin a leasú, a oiriúnú nó a fhorbairt chun tacú le héifeacht an phróisis aistrithe.

Agus na múinteoirí agus na hoideoirí luathbhlianta ag baint úsáid as na táblaí in Aguisín 3 agus Aguisín 4 chun an dul chun cinn agus an cur i bhfeidhm a mheas, d'fhéadfaidís tarraingt ar an scála seo thíos:

| An contanam feabhsúcháin | | | |
|---|---|---|---|
| **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Gan dul chun cinn ar bith** | **Dul chun cinn i bpáirt** | **Dul chun cinn maith** | **Dul chun cinnan-mhaith** |

Is féidir an contanam feabhsúcháin seo a úsáid chun tacú leis an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar rath phlean feabhsúcháin na scoile, agus monatóireacht a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar chur i bhfeidhm na gcritéar teangabhunaithe ar leith atá á n-athbhreithniú.

## 8.8 Ráitis deiridh

Soláthraíonn an tuarascáil seo leideanna agus moltaí praiticiúla do scoileanna agus do shuíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige chun na naisc idir an suíomh agus an scoil a neartú. Tá na moltaí a chuirtear ar fáil bunaithe ar léargas ón litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar dhea-chleachtas atá ar bun sna naíonraí agus sna bunscoileanna Gaeltachta. Cinnteoidh an t-idirspleáchas seo an chuspóir chéanna a bheith ag na naíonraí agus ag na bunscoileanna go mbeidh eispéireas rathúil dearfach ag an leanbh agus ag a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí san aistriú.

Léiríonn an taighde atá mar bhonn agus mar thaca leis an tuarascáil seo, an gá atá le cur chuige comhtháite agus comhoibritheach dá leithéid seo. Tá rath na gcomhiarrachtaí uile ag brath ar chomhoibriú agus idirphlé gairmiúil. Chun an toradh is fearr a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go mbeadh forbairt ghairmiúil ábhartha ar fáil do gach grúpa faoi seach nó ar chomhoiliúint le chéile ar théamaí ábhartha.

# Tagairtí

Altram (gan dáta). *Tuairisc Aistrithe*. Béal Feirste: Altram.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta. (2020). *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile. Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile*.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta. (2018). *An Tionscnamh um Aistriú ó Réamhscoil go Bunscoil: Tuarascáil Deiridh*.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta. (2015). *Treoir Chleachtais Aistear Síolta: Foghlaim trí mheán an tsúgartha: Leidbhileog*.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta. (2015). *Treoir Chleachtais Aistear Síolta: Teanga a fheabhsú 3-6 bliana*.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (2009). *Aistear. Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (2006/2007). *Síolta. An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas an Luath-Óige*. Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (gan dáta). *Achmhainní do thuismitheoirí*.

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. (2018). *Plean Gníomhaíochta 2018-2022: Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.* Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

An Roinn Oideachais (2021). *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Naisc a threisiú idir Bunscoileanna agus Suíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim*.

An Roinn Oideachais. (2020). *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019). *Curaclam Teanga na Bunscoile. Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019). Ciorclán 0045/2019. *Curaclam Teanga na Bunscoile*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2018). *Imlitir 0033/2017: Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta i limistéir pleanála teanga na Gaeltachta: An chéim fheidhmithe tosaigh* (Aibreán 2017 go Meitheamh 2018).

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018). *Treoir don Chigireacht: Oideachas Luathbhlianta*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). *Na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2016). *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Ag Breathnú ar an Scoil Againne. Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Treoir maidir le Cigireacht i mBunscoileanna*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-2020: Bunscoileanna*.

An Roinn Oideachais (2020). Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: *Tascairí Dea-chleachtais don Tumoideachas.* Ar fáil ANSEO.

An Roinn Oideachais (2020). *Imlitir 0010/2020: Bunscoileanna agus Scoil(eanna) Speisialta i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta atá Rannpháirteach Sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.*

Arnup, M. (2014). Building Connections Around Transitions: Partnerships and Resources for Inclusion. In B. Perry, S. Dockett & A. Petriwskyj (Eds.), *Transitions to School - International Research, Policy and Practice* (pp. 261-276). Dordrecht: Springer.

Baker, C. & Wright, W. (2021). *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism*, 7th ed. Bristol: Multilingual Matters.

Barron-Hauwaert, S. (2004) *Language Strategies for Bilingual Families. The one parent - one language approach.* Clevedon, Avon: Multilingual Matters.

Bialystok, E. (2018). Bilingual Education for Young Children: Review of the Effects and Consequences. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism 21*(6), 666-679.

Braun, V. & Clarke, V. (2006). Using Thematic Analysis in Psychology. In *Qualitative Research in Psychology 3*(2), 77-101.

Bronfenbrenner, U. & Morris, P. (2006). The Bioecological Model of Human Development. In R. M. Lerner & W. Damon (Eds.), *Handbook of child psychology: Theoretical models of human development* (pp. 793–828). John Wiley & Sons Inc.

Christensen, P. agus Prout, A. (2005). Anthropological and sociological perspectives on the study of children. In S. Greene and D. Hogan (Eds.) *Researching Children's Experience: Methods and Approaches* (pp. 42-60). London: Sage.

Cohen, L. Manion, L. & Morrison, K. (Eds.). (2018). *Research Methods in Education*, 8th ed. London: Routledge.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta. (2013). Foirm aistrithe *Nasc leis an mBunscoil*. An Cheathrú Rua: Comhar Naíonraí na Gaeltachta.

Creswell, J. (2014). *Educational Research: Planning, Conducting and Evaluating Quantitative and Qualitative Research*. London: Pearson.

Crisfield, E. (2021). *Bilingual Families. A Practical Language Planning Guide.* Bristol: Multilingual Matters.

Cummins, J. (1981). The Role of Primary Language Development in Promoting Educational Success for Language Minority Students. In California State Department of Education (Ed.), *Schooling and Language Minority Students: A Theoretical Rationale* (pp. 3-49). Los Angeles, CA: California State University.

Dockett, S. & Perry, B. (2012). Siblings and Buddies. Providing Expert Advice on Starting School. *International Journal of Early Years Education, 21*(4), 348-361.

Dunlop, A-W. & Fabian, H. (Eds.) (2007). *Informing Transitions in the Early Years. Research, Policy and Practice*. Maidenhead, Berks: Open Univeristy Press.

Fabian, H. (2002) *Children Starting School: A Guide to Successful Transitions and Transfers for Teachers and Assistants*. London: David Fulton Publishers.

Fabian, H. & Dunlop, A.W. (2006). *Outcomes of Good Practice in Transition Processes for Children Entering Primary School*. Background paper prepared for the Education for all Global Monitorign, 2007/ED/EFA/MRT/PI/13. Paris: UNESCO

Fortune, T.W. (2011). Struggling Learners and the Language in Immersion Classrooms. In D. Tedick, D. Christian and T.W. Fortune (Eds.), *Immersion Education. Practices, Policies, Possibilities* (251-270). Bristol: Multilingual Matters.

Gray, C. & MacBlain, S. (2012). *Learning Theories in Childhood*. London: Sage.

Harris, J. & Murtagh, L. (1987). Harris, J., & Murtagh, L. (1987). Irish and English in Gaeltacht primary schools. In G. Mac Eoin, A. Ahlqvist & D. Ó hAodha (Eds.). *Third International Conference on Minority Languages: Celtic Papers*. Multilingual Matters, 32, 104-124. Clevedon: Multilingual Matters.

Haugen, E. (1972). *The Language Ecology.* Stanford University Press, Stanford.

Hayes, N. (2010). *Early Childhood: an Introductory Text.* 4th ed. Dublin: Gill & Macmillan.

Hayes, N., O'Toole, L & Halpenny, A.M. (2017). *Introducing Bronfenbrenner. A Guide for Practitioners and Students in Early Years Education*. London: Routledge.

Hickey, T., Ó Cíosáin, H. & Ní Ghallchóir (1999). *Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.* Gaillimh: Údarás na Gaeltachta.

Johnson, R. & Swain, M. (1997*). Immersion Education: International Perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press.

Lantolf, J. (2006). Sociocultural Theory and Second Language Learning: State of the art. *Studies in Second Language Acquisition 28*, 67-109.

Lave, J. & Wenger, E. (1991). Situated Learning. Legitimate Peripheral Participation. Cambridge: Cambridge University Press.

Maguire, M. & Delahunt, B. (2017). Doing a Thematic Analysis: A Practical, Step-by-Step Guide for Learning and Teaching Scholars. *All Ireland Journal of Teaching and Learning in Higher Education.* Autumn 2017, 3351-3354.

Meisel, J. (2019). *Bilingual Children. A Guide for Parents*. Cambridge: Cambridge University Press.

Mhic Mhathúna. M. (2011). *An Traein. Ag Aistriú ón Naíonra go dtí an Bhunscoil. Páipéar Cúlra. Eolas agus Moltaí do Stiúrthóirí Naíonraí agus do Mhúinteoirí Gaelscoileanna.* Baile Átha Cliath: Gaelscoileanna.

Mitchell, R., Myles, F. & Marsden, E. (2019). *Second Language Learning Theories*, 4th ed. London: Routledge.

Na Náisiúin Aontaithe. (1992). *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh*.

OECD. (2017). *Starting Strong V: Transitions from Early Childhood Education and Care to Primary Education*. Paris: OECD Publishing.

Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. & Leavy, A. (2018): Developing potentiality: pre-service elementary teachers as learners of language immersion teaching. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*.

Ó Duibhir, P. (2018). *Immersion Education. Lessons from a Minority Language Context*. Bristol: Multilingual Matters.

Ó Duibhir, P. agus Ní Thuairisg, L. (2019). Cur siar mhúineadh an Bhéarla i mbunscoileanna Gaeltachta: Más mall is mithid. In *Teanga Special Edition 10, Proceedings of Multilingualism in the Early Years Conference*, Dublin Institute of Technology, May 2017, 228-242.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. agus O'Brien, M. *(2007). Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Gaillimh: Ollscoil na hÉireann* Gaillimh agus Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

O'Kane, M. & Hayes, N. (2013). The Child Snapshot: a Tool for the Transfer of Information on Children from Preschool to Primary School. *International Journal of Transitions in Childhood*, *6*, 28-36.

O'Kane, M. (2016). Transition from Preschool to Primary School, Research Report No. 19, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Baile Átha Cliath

Peters, S. (2010). *Literature Review: Transition from Early Childhood Education to School*. Report to the Ministry of Education, New Zealand.

Rialtas na hÉireann (2019). Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán, Rialtas na hÉireann. *Tuarascáil ar na dúshláin a bhaineann le hionaid cúraim leanaí lán-Ghaeilge a reáchtáil i gCeantair Ghaeltachta*. Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann (2018) *An Chéad 5: Staitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028,* Achoimre.

Rialtas na hÉireann (2010) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.* Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann (2006). *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006*.

Ring, E., Mhic Mhathúna, M., Moloney, M., Hayes, N., Breathnach, D., Stafford, P., Carswell, D., Keegan, S.Kelleher, C., McCafferty, D., O'Keeffe, A., Leavy, A., Madden, R. & Ozonyia, M. (2016). *An Examination of Concepts of School Readiness Among Parents and Educators in Ireland.* Dublin: Department of Children and Youth Affairs.

Smidt, S. (2009) *Introducing Vygotsky: A Guide for Practitioners and Students in Early Years Education*, Routledge.

Smyth, E. (2018). *The Transition to Primary Education. Insights from the Growing Up in Ireland Study.* Executive summary. Dublin: Economic and Social Research Institute.

Van Lier, L. (2010). Ecological-Semiotic Perspectives on Educational Linguistics. In Spolsky, B. & Hult, F. (Eds.) *The Handbook of Educational Linguistics*, (pp. 596-605). Oxford: Blackwell.

Vygotsky, L. S. (1978). *Mind in Society: The Development of Higher Psychological Processes.* Cambridge, Mass: Harvard University Press.

Wood, E. & Attfield, J. (2005). *Play, Learning and Early Childhood*. London: Paul Chapman.

# Aguisín 1: Imeachtaí samplacha do chlár aistrithe a bailíodh ón taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a d'fhéadfaí a chur ar bun

| Imeachtaí samplacha do chlár aistrithe |
|---|
| • ***Eolas a thabhairt don teaghlach:*** Tá a lán bealaí ann chun eolas faoin scoil a thabhairt do na tuismitheoirí/caomhnóirí:<br>✓ Cruinniú ag an scoil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí roimh thosach na scoilbhliana<br>✓ Seolann an scoil leabhrán agus litreacha chuig an teaghlach. Tá cinneadh le déanamh maidir le teanga na cumarsáide, Gaeilge/Béarla nó aon teanga eile a bheadh ag na teaghlaigh de náisiúntachtaí éagsúla, mar shampla.<br>✓ Seolann an scoil leabhrán agus litreacha chuig an bpáiste.<br>✓ Beidh gá le haird faoi leith a thabhairt do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus beidh seirbhísí tacaíochta le pleanáil (Fabian agus Dunlop 2006).<br>✓ Suíomh idirlín nó leathanach baile a thionscnamh le heolas a thabhairt do thuismitheoirí agus do pháistí faoin scoil. Is féidir é a chur ar fáil as Gaeilge agus as Béarla.<br>• **Bileog do thuismitheoirí:** D'fhéadfadh an naíonra bileog do thuismitheoirí a ullmhú, ag moladh dóibh roinnt Gaeilge a labhairt leis na páistí i rith an tsamhraidh agus rainn agus amhráin as Gaeilge a chanadh ó am go chéile. D'fhéadfaí frásaí agus rainn shamplacha ón naíonra a chur ar an mbileog.<br>• ***Taithí ar an scoil:*** Cuireann roinnt scoileanna imeachtaí ar siúl a thugann blaiseadh de shaol na scoile do na páistí:<br>✓ Tugann an scoil cuireadh don pháiste agus don teaghlach cuairt a thabhairt ar an scoil roimh thosach na scoilbhliana. Ceapann Fabian (2002: 63) go mba chóir go mbeadh níos mó ná cuairt amháin ann roimh thosach na scoilbhliana agus go mbeadh imeacht scoile ar siúl le linn na cuairte, mar shampla, ceacht, am lóin, scéalta, amhráin, chomh maith le saorimirt.<br>✓ Tugann an scoil cuireadh don stiúrthóir naíonra agus do na páistí cuairt a thabhairt ar an scoil roimh thosach na scoilbhliana.<br>✓ Bíonn ceacht nó gnás bunscoile ar nós scéal, nó am lóin ar siúl le linn na cuairte.<br>✓ Tugann an naíonra cuireadh do roinnt páistí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí cuairt a thabhairt ar an naíonra chun labhairt mar gheall ar an scoil.<br>✓ Molann Fabian agus Dunlop (2006) go mbeadh "cairde" ag páistí an naíonra sa scoil a thabharfadh aire dóibh agus iad ag tosú ar scoil. Páistí ó ranganna sinsearacha atá i gceist, agus d'fhéadfadh páistí a d'fhreastail ar an naíonra nuair a bhí siad óg a bheith i gceist anseo.<br>• ***Naisc idir an naíonra agus an scoil:*** Tá an-chuid bealaí ann chun naisc idir an naíonra agus an scoil a chur chun cinn:<br>✓ Dearann an naíonra agus an scoil polasaí agus clár aistrithe aontaithe<br>✓ Eagraítear cruinniú idir stiúrthóirí is múinteoirí chun spéiseanna agus cumais na bpáistí a phlé, le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.<br>✓ Tugann an naíonra cuireadh don mhúinteoir cuairt a thabhairt ar an suíomh nuair a bhíonn seisiún ar siúl agus tugann an scoil cuireadh don stiúrthóir cuairt a thabhairt ar rang na naíonán le linn ceachta.<br>✓ Tugann an naíonra agus an scoil eolas dá chéile faoina gcuid aidhmeanna, faoin gcuraclam, faoi na modhanna oibre agus faoin gcur chuige i leith na Gaeilge a chur chun cinn.<br>✓ Tugann an naíonra bileog leis na focail, na frásaí, na rainn agus na hamhráin a bhíonn in úsáid sa naíonra don scoil.<br>✓ Pléann an stiúrthóir ceisteanna faoi dhul ar scoil leis na páistí sa naíonra.<br>✓ Bíonn éide scoile ar fáil mar éadaí do ghléasadh suas sa naíonra.<br>✓ Déanann páistí sa scoil leabhrán faoi rang na naíonán do pháistí an naíonra.<br>✓ Léann stiúrthóir an naíonra leabhair faoin scoil leis na páistí. (Féach Aguisín 3) |

- ✓ Bíonn balla grianghraf sa naíonra agus sa scoil ar a gcrochtar grianghraif a bhaineann leis na téamaí seo a leanas - mo bhaile, mé féin agus mo mhuintir, mo chairde, ag súgradh, an naíonra agus an scoil, an stiúrthóir agus an múinteoir.
- ✓ Úsáideann an naíonra an córas céanna peannaireachta leis an scoil.
- ✓ Tugann an scoil agus an naíonra cuireadh do na páistí chuig drámaí agus imeachtaí a chéile, imeachtaí Sheachtain na Gaeilge, imeachtaí na Nollag, mar shampla. Tá cúnamh áirithe ar fáil ó Ghaelscoileanna chun na costais a bhainfeadh le cuairt mar seo a ghlanadh.
- ✓ Déanann an scoil físeán ar imeachtaí na scoile, (ceachtanna, crochadh na gcótaí, timpeallacht na scoile, comhairle ó na daltaí do na páistí nua, mar shampla), chun eolas ar na gnéithe seo a thabhairt do pháistí ón naíonra.
- ✓ Imeachtaí sóisialta a eagrú d'fhoireann an naíonra agus na scoile, mar shampla Dinnéar na Nollag.
- ✓ Searmanas Fáilte a chur ar bun sa scoil sa chéad téarma agus cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí agus do stiúrthóirí.
- ✓ Cuireann na stiúrthóirí agus na múinteoirí foirm aistrithe nó próifíl aistrithe le chéile
- ✓ Moltar "Leabhrán an pháiste" a chruthú.

# Aguisín 2: Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna (An Roinn Oideachais)

## Meabhrúchán do phríomhoidí agus d'údaráis bhainistíochta scoileanna

Éilítear faoi *Na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* (2017) go n-ullmhaíonn bord bainistíochta Ráiteas um Chosaint Leanaí bunaithe ar mheasúnú riosca.

Ní mór don bhord bainistíochta cóip den ráiteas a chur ar fáil do phearsanra uile na scoile, don phátrún agus do Chumann na dTuismitheoirí agus an ráiteas a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile freisin. Ní mór cóip den ráiteas a chur ar fáildo thuismitheoirí má lorgaíonn siad í.

In Alt 8.9 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí, tugtar tuilleadh eolais ar na riachtanais maidir le hullmhú an Ráitis um Chumhdach Leanaí.

Tá leagan Gaeilge agus leagan Béarla de *Na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* (2017) agus doiciméid ábhartha lena mbaineann, le fáil ar shuíomh idirlín gov.ie.

# Aguisín 3: Gníomhaíochtaí chun tacú le haistriú na leanaí ón naíonra go dtí an bhunscoil

(D'fhéadfaí an teimpléad seo a leasú chun sainchomhthéacs na scoile agus/nó an tsuímh a chur san áireamh nó is féidir seicliosta eile a dhearadh)

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Gníomhaíochtaí chun na naisc theanga agus chultúrtha a threisiú idir an bhunscoil agus na suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (naíonraí)** | | | | |
| **Diminsean:** | **Teagasc agus foghlaim** | | | | |
| **Réimse:** | • **Eispéiris na bhfoghlaimeoirí**<br>• **Cleachtas aonair na múinteoirí** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí:** | Sonraí teagmhála na naíonraí áitiúla a bhailiú | | | | |
| | Cuairteanna idir an bhunscoil agus na naíonraí áitiúla a eagrú | | | | |
| | Deis a eagrú do mhúinteoir na naíonán nó don phríomhoide dul go dtí an naíonra le linn am spraoi chun, mar shampla, scéal Gaeilge a léamh | | | | |
| | Cuireadh oifigiúil a thabhairt don naíonra teacht chuig Dráma na Nollag, Lá Spóirt, ceolchoirm nó ócáid cheiliúrtha eile | | | | |
| | Cuireadh a thabhairt do mhúinteoir na naíonán, don mhúinteoir oideachas speisialta agus don phríomhoide bualadh leis an mbainisteoir sa suíomh foghlama agus cúraim na luath-óige, má bhíonn a leithéid sa naíonra, d'fhonn sainriachtanais teanga an linbh a phlé | | | | |
| | Sraith seisiúin idirphlé agus eolais a eagrú, dírithe ar mhúinteoirí agus stiúrthóirí na naíonraí, chun comhoibriú a chothú agus naisc a neartú | | | | |
| | Cumarsáid phroifisiúnta a éascú idir na múinteoirí agus na hoideoirí luathbhlianta maidir le riachtanais foghlama na leanaí. D'fhéadfadh a bheith san aireamh anseo:<br>• plé a dhéanamh ar chómhthéacsanna na leanaí trí thógáil ar a sainspéiseanna, láidreachtaí agus a n-eispéiris chun a n-aistearfoghlama agus a scileanna cumarsáide sa Ghaeilge a chur chun cinn<br>• an scoil a chur ar an eolas faoi chásanna ina bhfuil riachtanais chasta bhreise ag an leanbh, agus óna dteastaíonn tuilleadh tacaíochta spriocdhírithe<br>• Eolas a roinnt leis an scoil maidir le tacaíochtaí aistrithe a chuirtear ar fáil trí AIM (Samhail Rochtana agus Cuimsithe) agus *Better Start* (*Tús Níos Fearr*), mar shampla, teimpléad an PhleanRochtana agus Cuimsithe, ina bhfaightear treoir maidir le haistrithe agus faisnéis ábhartha. | | | | |
| | Cuireadh a thabhairt don chleachtóir naíonra cuairt a thabhairt ar na daltaí i rang na naíonán agus labhairt leis an múinteoir faoin eolas atá le bailiú ar an bhfoirm aistrithe | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Cuairteanna ar an naíonra a eagrú do dhaltaí bunscoile, nuair a bhíonnsé oiriúnach agus cuí, chun scéal Gaeilge a léamh, ceol a sheinm, damhsa a dhéanamh nó amhráin Ghaeilge a chanadh do na leanaí | | | | |
| | Na leanaí a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí eile scoile atá uilechuimsitheach, mar shampla, foireann peile/iománaíochta/cispheile, a fhreastalaíonn ar bhuachaillí agus ar chailíní nó an léitheoireacht bheirte nó tionscadail chomhoibritheacha dhifriúla le daltaí ó ranganna eile | | | | |
| | Cabhair a thabhairt do na daltaí dul i dtaithí ar thimpeallacht na scoile | | | | |
| | Grianghraif de na naíonraí ar fhreastal na daltaí orthu a chur ar taispeáint sa scoil, áit a bhféadfaí iad a fheiceáil go héasca | | | | |
| | Grianghraif de na teaghlaigh a bheith ar taispeáint, más cuí | | | | |
| | Grianghraf den mhúinteoir agus lipéad soiléir ar an ngrianghraf i nGaeilge ar dhoras an tseomra ranga | | | | |
| | Pictiúir agus grianghraif a úsáid chun an clár ama a léiriú | | | | |
| | Scéalta Gaeilge faoi dhul ar scoil a léamh agus a phlé | | | | |
| | Daltaí ón naíonra céanna, nó a bhfuil aithne acu ar a chéile, a chur ina suí lena chéile | | | | |
| | Daltaí a bhfuil ardchumas sa Ghaeilge acu a ghrúpáil le chéile ó am go ham | | | | |
| | Dul siar ar na rainn, amhráin agus leabhair Ghaeilge a bhfuil eolas ag na daltaí orthu ón naíonra, agus stór nua rann, amhrán agus leabhar a chur faoi bhráid na ndaltaí | | | | |
| | Raon leathan de ghníomhaíochtaí Gaeilge a dhéanamh i mbeirteanna ionas gur féidir leis na daltaí cabhrú lena chéile agus foghlaim óna chéile | | | | |
| | Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ag am spraoi sa seomra ranga/naíonra agus sa chlós chun scileanna sóisialta, cumarsáide agus inniúlacht Ghaeilge na ndaltaí a fhorbairt. | | | | |

# Aguisín 4: Comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí chun tacú leo san aistriú: seicliosta do bhunscoileanna

**(D'fhéadfaí an teimpléad seo a leasú chun sainchomhthéacs na scoile agus/nó an tsuímh a chur san áireamh nó is féidir seicliosta eile a dhearadh)**

| **Critéar:** | **Gníomhaíochtaí i bpáirt le tuismitheoirí/caomhnóirí sa naíonra agus sa scoil** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Diminsean:** | **Ceannaireacht agus bainistíocht; Teagasc agus foghlaim** | | | | |
| **Réimse:** | • **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile**<br>• **Cleachtas aonair na múinteoirí**<br>• **Eispéiris na bhfoghlaimeoirí** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí:** | Cruinniú a eagrú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí i bpáirt leis an naíonra chun an fhoirm aistrithe a phlé | | | | |
| | Cruinniú a eagrú do na tuismitheoirí/caomhnóirí nua roimh laethanta saoire an tsamhraidh chun na chéad chéimeanna dá leanaí i mbunscoil Ghaeltachta a phlé | | | | |
| | Cruinniú do na tuismitheoirí/caomhnóirí a reáchtáil go luath san fhómhar chun nósanna imeachta na scoile a léiriú, an curaclam, an clár ama agus an córas cumarsáide a mhíniú, agus an saghas rannpháirtíochta lena mbeadh an scoil ag súil, a phlé | | | | |
| | Cumarsáid a dhéanamh leis na tuismitheoirí/caomhnóirí trí théacsanna,<br>ríomhphoist, glaonna gutháin nó nuachtlitreacha trí mheán na Gaeilge amhinice agus is féidir | | | | |
| | Cúrsaí gearra sa Ghaeilge do thuismitheoirí/chaomhnóirí na naíonraí agus nabunscoile a eagrú | | | | |
| | Bileoga eolais dátheangacha do na tuismitheoirí/caomhnóirí a réiteach, cuidacu i bpáirt leis an naíonra, mar shampla, faoi thosú ar scoil, faoin tumoideachas agus faoin dátheangachas do pháistí Gaeltachta nó ar ábhar eile a mholann na tuismitheoirí/caomhnóirí | | | | |
| | Cuairt a eagrú do na daltaí ar áiseanna sa phobal, mar shampla, stáisiúndóiteáin, áras na seanóirí, láthair stairiúil sa cheantar, agus an Ghaeilge amchur chun cinn le linn na cuairte | | | | |
| | Cúrsa sa Ghaeilge a dhíreodh ar réim teanga an bhaile agus réim teanga na scoile chun tacú leis na daltaí dul i dtaithí ar Ghaeilge na scoile agus ar shaintéarmaíocht an churaclaim | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Seisiún a reáchtáil ar thábhacht na Gaeilge do na daltaí, ar bhuntáistí an tumoideachais agus ar an leas is féidir a bhaint as an mbéaloideas agus as saíocht agus oidhreacht na teanga, mar shampla, amhránaíocht ar an sean-nós, ceol traidisiúnta, fiadhúlra sa cheantar agus scéalaíocht na háite | | | | |
| | Seisiún a eagrú ar conas leabhair Ghaeilge a roghnú agus a léamh mar thús don léitheoireacht do pháistí a bhfuil cumais éagsúla sa teanga acu | | | | |
| | Cuireadh chun na scoile a thabhairt do dhaoine éagsúla sa phobal a bhfuil scileanna faoi leith agus ardchumas sa Ghaeilge acu: scéalaithe, amhránaithe, aisteoirí agus lucht ceirde. Ní mór na rialacháin chuí faoi chosaint leanaí a chomhlíonadh sna cásanna seo (Aguisín 1). | | | | |